# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# AN GARDA SÍOCHÁNA

## 100 Bliain ag Coinneáil Daoine Sábháilte



garda.ie

2022

# CLÁR NA NÁBHAR


**Réamhfhocal an Choimisinéara**

Leathanach a Ceathair

**Imeachtaí chun 100 Bliain ar an bhFód a Chomóradh**

Leathanach a Sé

**Plean Póilíneachta agus Príomhéachtaí**

**Leathanach a Dó Dhéag**

**Póilíneacht Náisiúnta**

Leathanach a Ceathair Déag

**Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta**

Leathanach Fiche a Cúig

**Sábháilteacht an Phobail**

Leathanach Tríocha a Dó

**Seirbhísí Traseagraíochta**

Leathanach Daichead a Sé

**Staitisticí**

Leathanach Seachtó a hOcht


1 1 1

**Breis is**

**1.9 milliún**

**leantóir ar na meáin shóisialta**

**méadú**

**8%**

**Níos mó ná**

**10,000**

**Feiste móibíleach úsáidte faoi dheireadh 2022**




**Breis is 1,400**

**pearsanra an Gharda Síochána cláraithe le haghaidh**

**Fáinne na heagraíochta**

**€57 milliún**

d'urghabhálacha drugaí déanta ag Aonad Náisiúnta Drugaí agus Coireacht Eagraithe an Gharda Síochána

**48%**

laghdú ar bhuirgléireacht tí ó mhí na Samhna 2015

ereis is

**2,000 pearsanra an Gharda Síochána**

ag gach céim agus grád i ndiaidh cúrsa oiliúna saincheaptha 12 sheachtain faoi chearta an duine a chur i gcrích



Breis is

**549,000**

iarratas grinnfhiosrúcháin





méadú

**27%**



**23 dámhachtain**

bronnta ar dhaoine óga as ar fud na tíre agus aitheantas tugtha dóibh ag

Gradaim Náisiúnta an Gharda Síochána don Óige

Ghlac

**Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána le**

feiste tástála drugaí nua





**ÉIDE NUA**

**bunaithe i mí Lúnasa**



Bhí 1,424 Amas luaite le Córais Faisnéise Schengen

(SIS II)

maidir le foláirimh Ballstát

agus 809 Amas

a bhain le foláirimh Éireannacha)

An flít iomlán is airde

**3,312**

i stair na heagraíochta



# RÉAMHFHOCAL AN CHOIMISINÉARA



Rinneadh comóradh ar chéad bhliain ó bunaíodh An Garda Síochána in 2022. Rinneadh roinnt mhaith machnaimh i rith na bliana agus léirigh go leor daoine a mbuíochas as an obair atá á déanamh ag an eagraíocht.

Rinneadh machnamh ar an obair mhór atá déanta ag An Garda Síochána ar mhaithe leis an síocháin agus daonlathas atá faoi bhláth sa tír seo le 100 bliain anuas, agus ar dhíograis na nglúnta de Ghardaí a rinne tréaniarracht daoine a choinneáil sábháilte, Gardaí a raibh a bhformhór i mbun dualgais ar bhonn neamharmtha.

Chomh maith leis sin, rinneadh machnamh ar an gcaidreamh an-mhaith atá againn le pobail, rud a chiallaíonn go bhfuil cáil bainte amach againn mar chuid de na seirbhísí póilíneachta is iontaofa ar domhan.

Chomh maith leis sin, bhí deis ann i rith na bliana buíochas a ghabháil le pearsanra uile an Gharda Síochána – iad siúd atá fós i mbun oibre agus imithe ar scor – a bhí an-tiomanta do dhaoine agus do phobail a chosaint ó 1922 ar aghaidh agus dá dteaghlaigh as tacú leo a gcuid oibre a chur i gcrích, obair a mbaineann dúshláin fhisiciúla agus mheabhracha léi.

Glacadh buíochas freisin leis an Rialtas as tacú go leanúnach le An Garda Síochána, agus le gach gníomhaireacht Stáit agus gníomhaireacht Neamhstáit eile a gcomhoibrítear leo agus leis na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus slándála eile a mbímid ag obair leo ar an oileán seo agus ar fud an domhain.

Deis ar leith a bhí ann freisin buíochas a ghabháil le pobal na hÉireann as cabhrú linn agus cuidiú linn go leanúnach.

Gabhadh buíochas freisin le gach duine ag obair do An Garda Síochána ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta, daoine a chaith dua ar leith agus a rinne iarracht mhór imeachtaí a eagrú i rith na bliana chun 100 bliain ar an bhfód na heagraíochta a chomóradh.

Ainneoin gur fianaise ba ea na gníomhaíochtaí ar fad a d'eagraíomar chun 100 bliain ar an bhfód a chomóradh ar an bhforbairt atá tagtha ar an eagraíocht chun freastal ar riachtanais athraitheacha na sochaí, fianaise ba ea é freisin ar an tslí a d'éirigh linn fanacht dílis dár gcroíluach - póilíneacht nach bhfuil bunaithe ar fhórsa arm nó daoine, ach ar ár n-údarás morálta mar sheirbhísigh an phobail.

San áireamh i measc na ngníomhaíochtaí éagsúla ar fad a eagraíocht chun comóradh a dhéanamh ar 100 bliain ar an bhfód bhí:

- Cartlann grianghraf ar líne
- An leabhar dar teideal The Guardians
- Digitiú taifead stairiúil
- Cainteanna acadúla
- Taispeántais le comhairlí áitiúla
- Athachtúcháin bunaithe ar iarrachtaí an Gharda Síochána ionaid a bhunú i mbailte agus sráidbhailte
- Laethanta Oscailte Stáisiúin, imeachtaí iontacha do dhaoine de gach aois agus deis do dhaoine nach bhfuil an oiread sin ar eolas acu faoin obair a dhéanann An Garda Síochána bualadh linn.
- Bronnadh bonn agus bonn airgid comórtha céad bliain ar fhoireann an Gharda Síochána atá imithe ar scor agus atá fós ag obair don eagraíocht

Chomh maith leis sin, i rith na bliana rinne an eagraíocht dul chun cinn suntasach chomh fada is a bhaineann le coireacht a chosc agus a bhrath, an tslándáil náisiúnta a chosaint agus tacú le foireann na heagraíochta obair ríthábhachtach a chur i gcrích.

I mí Aibreáin, mar shampla, chomhoibrigh An Garda Síochána le comhpháirtithe forfheidhmithe dlí ó SAM, an Ríocht Aontaithe agus an Eoraip chun raon smachtbhannaí agus beart forfheidhmithe a fhógairt a raibh sé mar aidhm leo déileáil le Drong Choireachta Eagraithe Kinahan.

Úsáidfear an oibríocht ilghníomhaireachta, ilnáisiúnta a d'fhorbair An Garda Síochána mar shamhail chun déileáil lena leithéid de dhronga trasnáisiúnta is cúis le go leor trioblóide ar fud an domhain.

I mí Mheán Fómhair, d'fhoilsíomar anailís chinniúnach ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe a sholáthair sonraí agus léargais a chabhróidh linn cosc agus brath sa réimse seo a fheabhsú tuilleadh, agus tacaíochtaí a fhorbairt d'íospartaigh.

Mar chuid den obair ríthábhachtach atá á déanamh ag An Garda Síochána, mar an tseirbhís slándála náisiúnta, cuireadh i gcoinne agus cuireadh isteach ar roinnt bagairtí sceimhlitheoireachta. Ní féidir a leithéid d'obair a dhéanamh ach trí dhlúth-chomhoibriú agus comhroinnt faisnéise le comhpháirtithe forfheidhmithe dlí agus slándála idirnáisiúnta.

Ar an 7 Deireadh Fómhair 7, chuir Gardaí i nDún na nGall dualgas eiseamláireach i gcrích mar chuid d'iarracht chomhpháirteach leis na seirbhísí éigeandála chun beatha daoine a shábháil i rith na n-imeachtaí tragóideacha a tharla in An Craoslach, agus thacaigh siad leis na daoine a bhí gortaithe, na daoine a chaill daoine muinteartha agus an pobal áitiúil a bhí trína chéile. Táimid ag smaoineamh ar theaghlaigh agus ar chairde an deichniúir a fuair bás mar thoradh ar an tragóid uafásach a tharla an lá sin.

Cúis bhróin, ainneoin obair mhór a bheith á déanamh ag An Garda Síochána agus ag ár gcomhpháirtithe um shábháilteacht ar bhóithre chun tiomáint shábháilte a spreagadh agus a fhorfheidhmiú, gur cailleadh 156 duine ar na bóithre in 2022.

Ábhar mór imní é an méadú seo ar an líon daoine atá ag fáil bháis ar na bóithre. Ní mór do gach duine a bhfuil baint acu le sábháilteacht ar bhóithre cur go suntasach leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu chun beatha daoine a shábháil, agus ní mór do gach úsáideoir bóithre tréaniarracht a dhéanamh a chinntiú nach mbeidh aon teaghlach eile croíbhriste i ndiaidh timpiste bhóthair mharfach eile.

Níl aon eagraíocht níos láidre ná a foireann oibre. Tá an t-ádh ar An Garda Síochána go bhfuil foireann dhíograiseach agus ghairmiúil aici.

Tuilleadh fianaise fós air seo ba ea torthaí Iniúchadh Cultúrtha an Gharda Síochána 2022, a d'fhreagair 6,400 de phearsanra an Gharda Síochána. Léiríodh go bhfuil na baill foirne an-díograiseach, go gcreideann siad go gcabhraíonn an obair a dhéanann siad le daoine eile, tá a gcuid luachanna ag teacht leis an gCód Eitice, agus tá siad bródúil as An Garda Síochána.

Léirítear, áfach, go bhfuil tuilleadh obair le déanamh ag an eagraíocht chun an tacaíocht agus na huirlisí a theastaíonn ó dhaoine chun a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtach a chur ar fáil dóibh, d'fhonn a chinntiú gur dóigh le daoine go bhfuiltear ag caitheamh go cothrom leo agus go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh ina dtimpeallacht oibre ina bhfuil neart dúshlán le sárú agus neart brú le déileáil leis.

Le linn dó iarracht a dhéanamh déileáil leis na fadhbanna sin, lean An Garda Síochána ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh chomh fada is a bhaineann le cur chun feidhme chlár athchóirithe an Rialtais dar teideal Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí.

Áirítear i measc na bhfeabhsuithe a rinneadh in 2022:

- Bhí breis is 10,200 Garda in ann faisnéis chriticiúil a rochtain le linn dúinn a bheith ag dul ó áit go háit trí úsáid a bhaint as feidhmchláir soghluaisteachta
- An flít is mó i stair na heagraíochta
- Éide nua an Gharda Síochána bunaithe ar iarratas ó Ghardaí túslíne ar éide níos praiticiúla agus níos nua-aimseartha
- Rolladh amach córas teicneolaíochta nua cosúil leis an gCóras Bainistíochta Imscrúdaithe, agus an Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas
- Stáisiúin agus oifigí nua agus athchóirithe

Ní bheadh a leithéid de dhul chun cinn déanta mura mbeadh tacaíocht faighte ó phríomhpháirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear An Roinn Dlí agus Cirt, Coiste Ceartais an Oireachtais, An tÚdarás Póilíneachta, Cigireacht an Gharda Síochána agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Oifig na nOibreacha Poiblí mar aon le raon leathan gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí neamhrialtasacha. Is mian liom buíochas a ghabháil leo ar fad.

Tráth scríofa an nóta seo, tá críoch curtha le himeachtaí chun comóradh a dhéanamh ar an eagraíocht a bheith 100 bliain ar an bhfód.

Is fianaise iad na gníomhaíochtaí ar fad a bhain leis an gcomóradh 100 bliain in 2022 ar a mórtasaí is atá ár mbaill foirne as an obair atá déanta go dtí seo, as an spéis atá acu san obair atá á déanamh faoi láthair agus as an bhfonn atá orthu díriú ar an todhchaí.

Is léir go bhfuil an obair ar fad atá déanta ag dul i bhfeidhm ar an bpobal freisin. Tá An Garda Síochána mórtasach as an tseirbhís phóilíneachta agus slándála atá á chur ar fáil, seirbhís atá ceangailte go dlúth le pobail éagsúla.

Tá seirbhís phóilíneachta á soláthar a éisteann leis an bpobal, a chabhraíonn leis agus atá ar fáil dó in am an ghátair.

Tá freagracht agus dualgas ar gach duine againn atá ag obair in An Garda Síochána a chinntiú go leantar ar aghaidh ag obair i dteannta le pobail éagsúla d'fhonn a chinntiú gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag coinneáil daoine sábháilte díreach mar atá déanta againn le 100 bliain anuas.

**Drew Harris**

Coimisinéir an Gharda Síochána

# IMEACHTAÍ CHUN 100 BLIAIN AR AN BHFÓD A CHOMÓRADH

Chun comóradh a dhéanamh ar 100 bliain ó bunaíodh An Garda Síochána, reáchtáladh raon tionscnamh agus imeachtaí ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun aird a tharraingt ar ról na heagraíochta chomh fada is a bhaineann le daoine a choinneáil sábháilte le 100 bliain anuas.

## *100 Bliain*

100 Bliain ó Reáchtáladh an Chéad Chruinniú den Choiste chun An Garda Síochána a Bhunú An 9ú Feabhra 2022









## *Seoladh na Cartlainne Grianghraf*

An 13ú Iúil 2022




## *Seoladh The Guardians*

An 5ú Meán Fómhair 2022



# Caisleán Bhaile Átha Cliath

An 27ú Lúnasa 2022

























*Imeachtaí chun 100 Bliain ar an bhFód a Chomóradh*

# Boinn agus Boinn Airgid Chomórtha

















# *Rogha imeachtaí as ar fud na tíre*



An Clár



Coláiste an Gharda Síochána



An Cabhán/Muineachán



Sligeach/Liatroim



Corcaigh



Maigh Eo/Ros Comáin/An Longfort


Port Láirge / Cill Chainnigh / Ceatharlach



Loch Garman


Ciarraí


Laois


Luimneach


RCBÁC


Tipperary

# AN PLEAN PÓILÍNEACHTA AGUS PRÍOMHÉACHTAÍ

**Achoimre ar Phlean Póilíneachta 2022**

Is é Plean Póilíneachta Náisiúnta 2022 an chéad Phlean Póilíneachta ina dtugtar éifeacht do na tosaíochtaí atá sainaitheanta i dtréimhse Ráiteas Straitéise 2022-2024. Áirítear ina measc seo naisc lenár bpobail a threisiú; tacú le híospartaigh; déileáil le coireacht trí úsáid a bhaint as póilíneacht éifeachtach atá bunaithe ar fhaisnéis; comhpháirtíochtaí; rannpháirtíocht agus slándáil an Stáit a chosaint.

Rinneadh dul chun cinn feiceálach i ndáil leis na spriocanna aonair a sainaithníodh chun na tosaíochtaí seo a chomhlíonadh.

Tá rannpháirtíocht an Gharda Síochána le pobail faoi ghannionadaíocht go traidisiúnta treisithe, leanadh ar aghaidh ag tacú le híospartaigh drochíde sa teaghlach agus cuireadh dlús le hobair a bhfuil sé mar aidhm léi a chinntiú go gcuirtear seirbhís chomhsheasmhach ar fáil do gach íospartach.

Ar mhaithe le coireacht a chosc agus dul i ngleic léi, leanadh le rannpháirtíocht dhearfach leanúnach le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus cuireadh oibríochtaí rathúla i gcrích a raibh sé mar aidhm leo díriú ar mhéaduithe ar chalaois agus ar choireacht chibearchumasaithe, agus cur isteach ar ghníomhaíochtaí leanúnacha na nDrong Coireachta Eagraithe.

Ag leibhéal eagraíochtúil, threisigh sé a ullmhacht do mhóréigeandálaí agus leanadh le rolladh amach na gcóras TFC, feistí soghluaisteachta agus aipeanna a thacaíonn ní hamháin le Gardaí ar an túslíne ach a sholáthraíonn leibhéal seirbhíse feabhsaithe do gach pobal.

D'ainneoin an méid thuasluaite, bhí tionchar ag roinnt rioscaí ardleibhéil lena n-áirítear infheistíocht, cóiríocht, spleáchais sheachtracha agus srianta acmhainní go háirithe ar dhul chun cinn a dhéanamh i ndáil le spriocanna Phlean Póilíneachta 2022.

**Príomhéachtaí a bhain le Seachadadh Phlean Póilíneachta 2022**

Lean An Garda Síochána leis an ardleibhéal teagmhála agus tacaíochta a chur ar fáil d'íospartaigh drochíde sa teaghlach a bunaíodh i rith Oibríocht Faoiseamh. Reáchtáladh feachtais feasachta i rith na bliana chun tacú le híospartaigh agus chun iad a spreagadh chun cabhair a lorg trí raon roghanna tuairiscithe ildisciplíneacha.

In ionann an laghdú atá tugtha faoi deara ar an bhfigiúr a bhí luaite le 'bagairtí don bheatha' ó bhliain go bliain le trí bliana anuas agus éacht suntasach atá bainte amach ag An Garda Síochána agus méadracht ar féidir í a chur i gcomparáid go fabhrach le haon dlínse eile.

In 2022 thuairiscigh Biúró Cibearchoireachta Náisiúnta an Gharda Síochána go raibh laghdú suntasach tagtha ar a riar cásanna i gcomparáid le 2021. In 2022, seoladh Cúrsa Oiliúna Cuimsitheach maidir le Coireacht Fuatha i gcomhpháirt le Facing Facts/ CEJI agus

Líonra na hÉireann i gcoinne an Chiníochais. Faoi mhí na Nollag bhí an cúrsa seo déanta ag 82% den

phearsanra.

Bhí struchtúir na Samhla Oibriúcháin curtha ar bun ag Sé Rannán ag deireadh na bliana, i.e. Rannpháirtíocht sa Phobal bunaithe, Coireacht, Dearbhú Feidhmíochta agus Limistéir Fheidhmiúla Seirbhísí Gnó.

Seoladh an Plean Sábháilteachta Tuaithe (2022-2024) i mí Mheán Fómhair. Sainaithníodh cúig phríomhréimse gníomhaíochta sa phlean: Sábháilteacht an Phobail; Buirgléireacht agus Gadaíocht; Póilíniú Bóithre; Coireacht Ainmhithe agus Coireacht Oidhreachta.

Seoladh feiste tástála drugaí nua, DrugWipe 6S, i mí na Nollag. Is féidir an feiste póca, DrugWipe, a úsáid chun tástáil a dhéanamh le haghaidh cannabais, cócaoin, codlaidínigh, beinsidhé-asaipíní agus amfataimíní (lena n-áirítear meitiolamfataimín agus MDMA).

## Spléachadh ar Dhul Chun Cinn a Rinneadh i ndáil le hÉachtaí

### Bainte Amach

| | |
|---|---|
| 1.2 | Rannphháirtíocht le pobail leochaileacha agus pobail mhionlaigh a threisiú ar mhaithe lena riachtanais a thuiscint níos fearr. |
| 1.3 | Leanúint ar aghaidh ag tacú le daoine atá ag tuairisciú coireacht fuatha laistigh de An Garda Síochána agus pobail a ndéantar difear dóibh. |
| 1.4 | Leanúint ar aghaidh le gáinneáil ar dhrugaí agus leis an díobháil a dhéanann mangaireacht i bpobail a chomhrac. |
| 2.1 | Freagairtí réamhghníomhacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar chun déileáil le coireacht. |
| 2.2 | Déileáil le méaduithe a tugadh faoi deara le déanaí ar chalaois agus ar choireanna cibearchumasaithe. |
| 2.4 | Cur isteach ar bhealach réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach. |
| 3.1 | Ár gcumas tacú le híospartaigh foréigean teaghlaigh, lena n-áirítear rialú comhéigneach, a fheabhsú agus béim ar leith a leagan ar chur leis an dul chun cinn a rinneadh faoi Oibríocht Faoiseamh agus rolladh amach Aonaid na Roinne do Sheirbhísí Cosanta. |
| 3.2 | Cur chun feidhme córas de thomhas spriocbhunaithe le haghaidh cionta gnéasach a leabú, sa bhreis ar thuairisciú staitistiúil caighdeánach coireachta. |
| 3.3 | A chinntiú go gcuirtear tacaíochtaí ar fáil d'íospartaigh agus do dhaoine leochaileacha atá ag idirghníomhú le An Garda Síochána, ag cur moltaí aiseolas inmheánach agus seachtrach san áireamh. |
| 3.4 | Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forfheidhmiú iompar freagrach ar ár mbóithre trí bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta |
| 4.2 | A bheith ullamh chun déileáil le Móréigeandálaí trí rannpháirtíocht leanúnach i struchtúir idirghníomhaireachta MEM agus tacú le feasacht ar MEM in An Garda Síochána. |
| 5.1 | Acmhainn agus Cumas Athraithe in An Garda Síochána a fheabhsú trí an bplean forbartha acmhainne Bainistíochta Athraithe a chur chun feidhme. |
| E1.1 | Ár n-acmhainn Acmhainní Daonna a fheabhsú, plean straitéiseach don fhoireann oibre a fhorbairt chun tacú linn riachtanais thodhchaíocha ár bhfoireann oibre a fhíorú. |
| E1.3 | Leanúint ar aghaidh le tionscnaimh ár Straitéise Sláinte agus Folláne a rolladh amach. |
| E2.1 | Rannphháirtíocht leanúnach le comhpháirtithe chun leanúint ar aghaidh le cuir chuige ildisciplíneacha a fhorbairt. |
| E2.2 | Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna comhoibrithe le speisialtóirí agus ceannairí smaointeoireachta, ollscoileanna agus moil taighde chun ár seirbhís agus éifeachtacht a fheabhsú. |
| E2.3 | E2.3 Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí na Ríochta Aontaithe de réir na bparaiméadar atá sonraithe i gComhaontú um Tharraingt Siar an AE-na Ríochta Aontaithe agus béim ar leith a leagan ar dhlúthchomhar le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann. |
| E3.1 | Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht dhá bhealach a threisiú le comhpháirtithe ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, éisteacht le agus riachtanais ár bpobal a thuiscint. |
| E3.2 | Níos mó úsáide a bhaint as an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail chun cur lenár dtuiscint ar thuairim na bpobal a bhfuilimid ag freastal orthu ar an obair atá á déanamh againn, agus freagairtí oiriúnacha a fhorbairt. |
| E3.3 | Iniúchadh Cultúrtha a dhéanamh laistigh de An Garda Síochána, agus na torthaí a mheas agus a fhreagairt. |
| E4.1 | Leanúint ar aghaidh le gairmiúlacht a fheabhsú i measc phearsanra An Garda Síochána, Cearta an Duine a leabú agus cinnteoireacht eiticiúil. |
| E4.2 | Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána a fheabhsú ar mhaithe le tacú le gairmiúlacht iomláine ina réimsí gnó ar fad. |
| E4.3 | Próiseas láraithe a bhunú chun cur chun feidhme moltaí neamhspleácha a rianú. |
| E4.4 | Leanúint ar aghaidh le samhail oibriúcháin an Gharda Síochána a rolladh amach. |
| E5.1 | Leanúint ar aghaidh le Fís Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide an Gharda Síochána a fhíorú trí Threochlár TFC 2022 a chur chun feidhme. |
| E5.2 | Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú trí an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú. |
| E5.3 | Cumas feistí soghluaisteachta an Gharda Síochána a fheabhsú tuilleadh trí níos mó feidhmchlár a forbairt agus cur leis an úsáid atá á baint astu. |

### Bainte Amach go Páirteach

| | |
|---|---|
| 1.1 | Cur chuige réamhghníomhach maidir le fadhbréiteach a fhorbairt i dteannta le pobail trí athbhreithniú agus rolladh amach leanúnach an Chreata Póilíneachta Pobail. |
| 2.3 | Críoch a chur le agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta Faisnéise Coiriúla agus ar an Measúnú ar Choireacht Thromchúiseach agus Eagraithe agus plean forbartha chun críche rolladh amach leanúnach. |
| 5.2 | Straitéis nuálaíochta an Gharda Síochána a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus í a ailíniú le Straitéis Nuálaíochta na hEarnála Poiblí. |
| 5.3 | Acmhainn an Gharda Síochána chun acmhainní a bhainistiú go straitéiseach a fhorbairt. |
| 5.4 | Plean inbhuanaitheachta comhshaoil trí bliana a fhorbairt do An Garda Síochána, a bheidh ag cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, a bhfuil sé mar aidhm leis spriocanna a chomhlíonadh faoi phlean gníomhaithe ar son na haeráide agus plean comhshaoil an Rialtais. |
| E1.2 | Tacú le foireann oibre a fhorbairt a thugann léargas air agus atá ionadaíoch ar na pobail éagsúla atá le fáil in Éirinn. |
| E1.4 | Straitéis Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, a bheidh ag tacú lenár bpearsanra a róil a chomhlíonadh. |

**Tá tuilleadh sonraí maidir le seachadadh gach PTF thuasluaite le fáil ar Garda.ie.*

*** Tá eolas maidir le dul chun cinn déanta i ndáil le PTF 4.1 agus 4.3 a bhaineann le Slándáil Náisiúnta á thuairisciú go díreach chuig an Roinn Dlí agus Cirt i rith 2022.*

**** Chomh fada is a bhaineann le PTF E1.1 - E5.3, is ionann 'E' agus Cumasóir.*

# PÓILÍNEACHT NÁISIÚNTA



**€57,000,000 de dhrugaí urghafa ag GNDOCB**



**1,177**
Eitilt Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána

Shainaithin an tAonad Imscrúdaithe MÓTARFHEITHICLÍ feithiclí goidte luach **€2,156,500**





**Chabhraigh Aonad Gadhar an Gharda Síochána le**

**368**

cuardach

**488**

**cás nua agus 692 cás dúnta ag Biúró Cibearchoireachta Náisiúnta an Gharda Síochána**



**10,510**

TEAGMHAS A BHAIN LE DAOINE AR IARRAIDH

**80**



bhfeallmharú stoptha ó 2016

**€3,778,380**

airgead tirim urghafa



## BIÚRÓ NÁISIÚNTA UM DHRUGAÍ AGUS COIREACHT EAGRAITHE AN GHARDA SÍOCHÁNA (GNDOCB)

Drugaí aindleathacha, airgead tirim agus airm thine urghafa ag GNDOCB: Márta 2015 - Nollaig 2022

| Catagóir | 2022 | Iomlán ó mhí an Mhárta 2015 |
|---|---|---|
| Drugaí Aindleathacha | €57 milliún | €325 milliún |
| Airm Thine | 9 | 146 |
| Armlón (urchair) | 101 | 5,672 |
| Airgead Tirim | €3,778,380<br>Luach £48,875 | €28,078,621<br>£313,201<br>$3,721 |
| Airgead Tirim Forghéillte don Stát * | €2,075,500<br>£220,230 | €13,262,454.48<br>£220,230 |
| Idirghabhálacha – Teagmhais 'Bagairt don Bheatha' | 3 | 80** |
| Gabhálacha a bhain le Gáinneáil ar Dhrugaí, Sciúradh Airgid, Seilbh ar Airm Thine agus Cionta Gaolmhara | 173 | 1,353 |

**Is é seo an méid airgid thirim forghéillte don Stát, i ndiaidh imeachtaí cúirte ábhartha.*
***80 oibríocht 'bagairt don bheatha' ón 5 Feabhra, 2016.*
****Baineann na staitisticí a cuireadh ar fáil le hoibríochtaí a raibh baint ag GNDOCB leo agus ní áirítear iontu urghabhálacha déanta ag aon aonad eile de chuid an Gharda Síochána.*




Cruinniú Faisnéise do na Meáin maidir le hEagraíocht Choiriúil Thrasnáisiúnta Kinahan (KTCO).

## OIBRÍOCHT ILNÁISIÚNTA I GCOINNE EAGRAÍOCHT CHOIRIÚIL THRASNÁISIÚNTA KINAHAN (KTCO)

I mí Aibreáin, d'fhógair An Garda Síochána, i dteannta le comhpháirtithe forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta, sraith beart oibríochtúil agus forfheidhmithe i gcoinne KTCO.

D'fhorbair An Garda Síochána an oibríocht ilnáisiúnta, ilghníomhaireachta seo thar thréimhse roinnt blianta. Páirteach san oibríocht seo bhí an Roinn Státchiste, an Roinn Slándála Tír Dhúchais, an Ghníomhaireacht Forfheidhmithe Drugaí (DEA) agus Custam agus Cosaint Teorainneacha SAM. Chomh maith leis sin, bhí an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta agus Europol páirteach san fhoireann.

San áireamh san oibríocht chinniúnach seo bhí smachtbhannaí a bhain le ceannaireacht shinsearach agus gnóthaí gaolmhara HTCO, luaíochtaí luach €5m le haghaidh faisnéis a chabhraigh le gabháil príomhbhall den ghrúpa ceannaireachta, agus forghníomhú barántas gabhála idirnáisiúnta i gcoinne phríomhphearsa shinsearach KTCO.

Laistigh de chúpla lá, scar príomhphearsana sa saol dornálaíochta iad féin, ar bhonn poiblí, ó mhuintir Kinahan, ainneoin gur thagair siad don chaidreamh gairmiúil a bhí eatarthu roimhe sin. Go gairid ina dhiaidh sin, dúnadh gnó poiblíochta dornálaíochta a raibh muintir Kinahan ag tacú leis.

Deich lá i ndiaidh an fhógra, d'fhógair AEA smachtbhannaí agus reo sócmhainní i gcoinne roinnt príomhbhall de KTCO.

Táthar fós ag leanúint leis an oibríocht, ba chúis le faisnéis shuntasach a bheith á fáil.

## OIBRÍOCHT THOR

Ó seoladh í i mí na Samhna 2015, bhí ár dtionscnamh náisiúnta frithbhuirgléireachta, Oibríocht Thor, mar bhonn le:

| 48% | 44% | 18,189 | 534,076 |
|---|---|---|---|
| laghdú ar bhuirgléireacht tí | laghdú ar bhuirgléireacht neamhthí | gabháil | seicphointe |

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM SHEIRBHÍSÍ COSANTA (GNPSB)

**Líne Theileafóin chun Drochúsáid Ghnéasach Leanaí a Thuairisciú (CSAR)**

Tá An Garda Síochána freagrach as líne theileafóin thiomnaithe chun drochúsáid ghnéasach leanaí a thuairisciú, 24/7 agus 365 lá sa bhliain. Is é 1800 555 222 an uimhir theileafóin.

1800 555 222

In 2022,
**cuireadh 221 glao**
ar líne theileafóin CSAR.

**Gáinneáil ar Dhaoine**

I rith 2022, shainaithin An Garda Síochána 42 íospartach de gháinneáil ar dhaoine (15 fear agus 27 bean).

**An tAonad um Dhaoine ar Iarraidh (MPU)**

I mí an Mhárta, chabhraigh MPU le Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na Ríochta Aontaithe agus Póilíní Thuaisceart na Breataine Bige chun duine a bhí ar iarraidh ó 1982 a shainaithint - aimsíodh na hiarsmaí ar chósta thoir na Ríochta Aontaithe.

**Daoine ar Iarraidh 2022**

| 10,510 | 4,268 | 58 |
|---|---|---|
| teagmhas daoine ar iarraidh | duine tuairiscithe mar dhuine ar iarraidh (Daoine uathúla - daoine tuairiscithe mar dhaoine ar iarraidh uair amháin nó níos mó) | duine ar iarraidh ag deireadh na bliana |

**Cosaint Leanaí Náisiúnta**

I ndiaidh tionscnamh píolótach ceithre seachtaine a reáchtáil i Rannáin RCBÁC Thuaidh agus Uíbh Fhailí, rolladh amach Córas Fógartha Leictreonach Tusla ag leibhéal náisiúnta i mí na Nollag.

**Aonad Idirghabhála agus Polasaí Drochíde sa Teaghlach (DAIPU) – Rialú Comhéigneach**

Ó achtaíodh an reachtaíocht maidir le rialú comhéigneach, tá an líon teagmhas taifeadta maidir le rialú comhéigneach méadaithe. In 2022, bhí DAIPU agus GNPSB páirteach i bhfeachtais feasachta poiblí a tharraing aird ar ár dtiomantas d'íospartaigh foréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe.

Soláthraíonn DAIPU tacaíocht do Ghardaí imscrúdaithe agus d'íospartaigh nuair a bhíonn na himscrúduithe seo á ndéanamh. Tá cur i láthair saincheaptha atá forbartha maidir le rialú comhéigneach san áireamh i gclár oiliúna Aonad na Roinne do Sheirbhísí Cosanta (DPSU) anois.

**Foréigean Teaghlaigh, Gnéasach agus Inscnebhunaithe: Tuarascáil maidir le Leibhéil Choireachta agus Freagairt Oibríochtúil an Gharda Síochána**

Sa tuarascáil seo, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair, soláthraíodh anailís agus treochtaí mionsonraithe, a bhain go háirithe le taifeadadh méadaithe agus feabhsaithe sonraí maidir leis an gcaidreamh idir an t-íospartach agus an ciontóir agus cúiseanna a bhíonn le drochíde sa teaghlach.

D'éascaigh torthaí agus léargais ón tuarascáil seo tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chomh fada is a bhain le feasacht a fhorbairt, rannpháirtíocht agus tacaíochtaí d'íospartaigh a fheabhsú, agus díriú ar thiomantas a tugadh maidir le ciontóirí a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Tacaítear sa tuarascáil seo le gnéithe éagsúla de Neamhfhulaingt - An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2022-2026 an Rialtais, straitéis ina bhfuil ceithre cholún – cosc, cosaint, ionchúiseamh agus comhordú beartais.

**Tionscnamh na Náisiún Aontaithe dar teideal '16 Lá Gníomhaíochais in aghaidh an Fhoréigin Inscnebhunaithe'**

In 2022, reáchtáil An Garda Síochána feachtas feasachta poiblí i rith an tionscnaimh idirnáisiúnta seo chun aird a tharraingt ar an bpointe gur coir é drochíde sa teaghlach agus chun eolas a roinnt maidir leis na tacaíochtaí agus sonraí teagmhála ábhartha d'íospartaigh/daoine aonair ábhartha. Baineadh úsáid as ardáin meán sóisialta chun postálacha ilteangacha a roinnt agus rinneadh teagmháil le 1.3 milliún duine ar fad.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM CHOIREACHT EACNAMAÍOCH (GNECB)

### Oibríocht OMENA

Is imscrúdú fianaisebhunaithe é seo atá dírithe ar Dhrong Coireachta Eagraithe (OCG) a bhí ag baint úsáid as cuntais bhainc Éireannacha chun airgead a sciúradh. Tá an oibríocht seo ionann is críochnaithe de bhrí nach bhfuil an OCG ag baint úsáid as cuntais bhainc Éireannacha níos mó, ainneoin go bhfuil sí fós gníomhach.

Go dtí seo, tá 12 náisiúnach coigríche gafa agus ionchúisithe. Tá imscrúduithe ar siúl agus táthar sa tóir ar thuilleadh amhrastach chun críche eiseachadta go hÉirinn chun iad a chúiseamh.

### Oibríocht SKEIN

Is imscrúdú leanúnach é seo ar OCG a bhfuiltear in amhras a bhí páirteach i gcalaois dhomhanda a bhain le seoltaí ríomhphoist gnó a chur i gcontúirt (BEC) as Éirinn agus a sciúr na fáltais trí chuntais anseo. Mar chuid den imscrúdú seo sainaithníodh líonra fairsing OCG agus beagnach 800 amhrastach, miúileanna airgid den chuid is mó, ar fud na tíre. Go dtí seo, tá breis is 200 duine urghafa. Fuarthas amach gur goideadh agus gur sciúradh breis is €40 milliún trí chuntais bhainc Éireannacha, agus go bhfuil córas sciúrtha airgid trádáilbhunaithe agus baincéireachta faoi thalamh ag feidhmiú as Éirinn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Seachtain gníomhaíochta Oibríocht SKEIN curtha i gcrích i mí Mheán Fómhair mar bhonn le:** | **9** gcuardach | **12** dhuine gafa agus ceistithe faoi Alt 50 CJA 2006 | **23** duine gafa agus cúisithe i ndiaidh treoir a fháil ón DPP |

### Oibríocht ELABORATE

Is imscrúdú é seo atá á threorú ag Europol atá dírithe ar fhreastalaí a d'úsáid coirpigh chun calaoisí smioscaireachta/fioscaireachta a dhéanamh. Ceadaíonn an freastalaí seo do chalaoiseoirí teicneolaíocht spúfála a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le híospartaigh atá ag ligean orthu gur bainc, soláthraithe seirbhíse, etc. iad.

Bhain Póilíní sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír an freastalaí seo anuas. Shainaithin An Garda Síochána 17 n-amhrastach agus rinneadh cuardaigh i mí na Samhna. Urghabhadh breis is 100 feiste agus criptea-airgeadra reoite luach €100,000. Táthar ag leanúint ar aghaidh le feistí a scrúdú. Creidtear go bhfuil níos mó ná 300 amhrastach nó níos mó inaitheanta. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na himscrúduithe.

**Imscrúduithe ar chalaois a bhain leis an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime (PUP)**

Cuireadh tú le trí imscrúdú shuntasacha sa réimse seo in 2022. Tá na himscrúduithe seo á ndéanamh ag Gardaí atá ar iasacht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

**Cás Uimhir 1**

Imscrúdú ar ghearán a rinneadh maidir le héilimh PUP a bheith déanta ag 26 fostaí tí altranais i mBaile Átha Cliath Thuaidh ina n-ainmneacha féin. Cinneadh gur íocadh €49,500 go calaoiseach in 21 cuntas bainc difriúil. Sainaithníodh go raibh na cuntais seo á rialú ag fear amháin.

I ndiaidh theach an fhir seo a chuardach, sainaithníodh amhrastach eile a bhí nasctha le hOibríocht SKEIN. Aimsíodh go raibh cuid dá chuntais in úsáid chun fáltais calaoisí cibearchumasaithe a sciúradh. Tá comhad á ullmhú le haghaidh threoracha DPP.

**Cás Uimhir 2 (Oibríocht MEELAGH)**

Bhain an cás seo le 125 éileamh calaoiseach PUP a rinneadh in ainmneacha daoine a bhí ag obair agus nach i dteideal a leithéid d'íocaíocht a fháil. Tá amhrastach aitheanta. Chosain sé seo breis is €1 mhilliún ar an státchiste. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA CIBEARCHOIREACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA (GNCCB)

**Cásbhainistiú GNCCB i rith 2022:**

| Cásanna GNCCB | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| Cásanna Nua | 490 | 488 |
| Cásanna Dúnta | 431 | 692 |

**Cineálacha Cásanna GNCCB**

| An Cineál Cáis | Líon na gCásanna |
|---|---|
| Cibearfhóiréinsic | 468 |
| Cibear-Imscrúduithe | 19 |
| Cibearfhaisnéis | 1 |

*Chomh maith leis sin, sholáthair GNCCB tacaíocht/comhairle mar chuid de bhreis is 250 teagmháil a rinneadh in 2022*

### Cibearfhaisnéis

Scaipeadh faisnéis bailithe ó chomhpháirtithe páirtithe leasmhara maidir le bagairtí reatha, rioscaí nua agus amhrastaigh trí fheasacháin inmheánacha agus eisiúintí maidir le cibearshábháilteacht chuig an bpobal.

### Cibearfhóiréinsic

Mar chuid dá oibríochtaí scrúdaithe fóiréinseacha, shainaithin GNCCB naonúr leanaí a bhí ag déileáil le drochúsáid agus dúshaothrú gnéasach. Trí bheith ag obair le GNPSB, cuireadh idirghabhálacha cosanta leanaí oiriúnacha ar fáil d'íospartaigh. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na himscrúduithe.

### Cibear-Imscrúduithe

Ghlac GNCCB páirt i mbaint anuas an fhreastalaí ríomhaire iSpoof a bhí ag óstáil roinnt suíomhanna gréasáin fioscaireachta mar chuid d'Oibríocht Elaborate.

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar roinnt ionsaithe bogearraí éirice ar chórais oideachasúla agus chorparáideacha, agus ghlac sé páirt in oibríochtaí AE lena n-áirítear Oibríocht Vaccination, ar baineadh anuas freastalaí bogearraí éirice andróideacha Flubot mar chuid di.

**Moil Satailíte GNCCB**

Tá ceithre mhol satailíte ag feidhmiú go hiomlán agus ag déileáil le thart ar 35% d'ualach oibre gníomhach an Bhiúró. Chomh maith leis sin, tacaíonn pearsanra an mhoil le rannpháirtíochtaí réigiúnacha cibearshlándála atá á gcomhordú ag Oifig Chibearshlándála lárnach GNCCB.

**Líonra Faisnéise INSPECTr**

Is tionscadal atá á mhaoiniú ag Fís 2020 an AE é INSPECTr a bhfuil 18 gcomhpháirtí páirteach ann ón saol acadúil, earnáil forfheidhmithe dlí agus tionscal príobháideacha in 10 dtír páirteach ann. Is é an aidhm atá leis déileáil leis an dúshlán a bhaineann le hanailísiú, cosc, imscrúdú agus maolú na húsáide a bhaineann grúpaí coireachta eagraithe agus sceimhlitheoireachta as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide nua.

Áirítear i measc an dul chun cinn suntasach atá déanta;

- Dlús a chur le Measúnú Tionchair Cosanta Sonraí leis an Aonad um Chosaint Sonraí.
- Freastal ar chruinnithe teicniúla, cruinnithe míosúla, cruinnithe an ghrúpa stiúrtha forfheidhmithe dlí agus Comhthionól Ginearálta Tionscadail (PGA)
- An tSaotharlann Bheo

## AN BIÚRÓ UM SHÓCMHAINNÍ COIRIÚLA (CAB)

Trí oibríochtaí spriocdhírithe, úsáid a bhaint as tacar scileanna pearsanra ilghníomhaireachta ar fud na tíre, lean CAB ar aghaidh ag díriú ar choirpigh ardghráid, agus ag an am céanna, ag díriú ar shraitheanna lárnacha agus ísle trína chinntiú nach raibh fáltais a n-iompair choiriúil á fháil acu.

Lean CAB le rannpháirtíocht le comhpháirtithe idirnáisiúnta a fheabhsú, le páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhdhálacha a bhain le forghéilleadh agus coigistiú sócmhainní.

Leanadh le cúrsaí oiliúna a reáchtáil in 2022 agus forbraíodh líonra na bPróifíleoirí Sócmhainní Rannacha ar fud na tíre. Foilseofar na sonraí ar fad maidir leis na gníomhaíochtaí a chuir CAB i gcrích i rith 2022 ina thuarascáil bhliantúil.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM INIMIRCE (GNIB)

**Daoine Díbeartha ón Stát in 2022**

In 2022, díbríodh 28 duine a bhí faoi réir ordaithe díbeartha ón Stát, mar aon le 41 duine a bhí faoi réir ordaithe díbeartha, agus beirt a bhí faoi réir ordaithe aistrithe.

**Oibríochtaí Suntasacha in 2022**

| | |
|---|---|
|  | Oibríocht Camomile – fostaíocht mhídhleathach náisiúnach neamh-Éireannach sa Stát, go háirithe i monarchana tionsclaíocha móra. |
|  | Oibríocht Wattle – Grúpaí Coireachta Eagraithe (OCGanna) a raibh baint acu le doiciméid bhréagach a fháil agus a sholáthar a úsáideadh chun inimircigh neamhdhleathacha a gháinneáil. |
|  | Oibríocht Naniken – teagmhais tuairiscithe d'imirce fholaitheach sa Stát cosúil le folachánaithe ar longa agus báid, ceilte i bhFeithiclí Earraí Troma, leantóirí, aonaid chuisnithe, longa coimeádáin séalaithe, carranna trádála nó lastas eile. |
|  | Oibríocht Mombasa – imscrúdú trasnáisiúnta ar tháirgeadh doiciméad bréagach a d'úsáid OCG Seoirseach le haghaidh inimirce neamhdhleathach. |

**Cás-staidéar – Oibríocht Neowise**

Rinneadh imscrúdú ar líomhaintí a bhain le dearbhuithe maidir le bréagdhearbhú tuismíochta mionaoiseach Síneach agus cinneadh gur íocadh suimeanna móra airgid suas le €8,000 le saoránach Briotanach Hong Cong a chláraigh mar athair bitheolaíoch mionaoiseach náisiúnta Síneach a rugadh sa Stát. Sainaithníodh sé chás ar leith agus de bhrí gur saoránach Briotanach an fear agus cónaitheoir fadtéarmach sa Stát, bhí an ceart ag na mionaoisigh iarratas a dhéanamh ar phas Éireannach. Gearradh téarma príosúnachta trí bliana ar an bhfear sin ina dhiaidh sin.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM IMSCRÚDÚ COIRIÚIL (GNBCI)

**Aonad um Eiseachadadh**

| 137 | 101 | 82 |
|---|---|---|
| teifeach gafa. | teifeach géillte do dhlínsí eile. | teifeach fillte go hÉirinn ó dhlínsí eile. |

I measc na mór-eiseachadtaí chuig Éire bhí duine aonair a bhí á lorg sa Liotuáin a bhí i mbun coireacht eagraithe, gáinneáil ar dhaoine agus drugaí a sholáthar agus, i ndiaidh oibríocht chomhordaithe, beirt daoine aonair eile a bhí á lorg sa Ríocht Aontaithe i ndáil le dúnmharú. Rinneadh gabhálacha suntasacha agus géilltí ina dhiaidh sin i ndáil le roinnt dúnmharuithe freisin.

**Comhdháil maidir le hEiseachadadh**

I mí na Samhna, d'óstáil GNBCI an chéad chomhdháil maidir le heiseachadadh chuig Éire/An Ríocht Aontaithe i mBaile Átha Cliath. I láthair bhí baill de An Garda Síochána; Póilíní na hAlban; Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann; an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta; an tAonad Náisiúnta Eiseachadta; Seirbhís Phríosúin na hÉireann; an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP); an Roinn Dlí agus Cirt, agus an tSeirbhís Chúirteanna.

**An tAonad Imscrúdaithe ar Ghoid Mótarfheithiclí (SMVIU)**

| Sócmhainní sainaitheanta agus urghafa | | | |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní Feithiclí Goidte | Cócaon ceilte i bhfeithicil | Scrúdú teicniúil ar fheithiclí | Cúnamh cuardaigh |
|  |  |  |  |
| €2,156,500 | €1,330,000 | 108 | 21 |

Mar thoradh ar Oibríocht Bolus, d'aisghabháil oibríocht ar fud na hEorpa a raibh sé mar aidhm leis goid agus dáileadh mótarfheithiclí laistigh den Aontas Eorpach a chomhrac, SMVIU, 24 feithicil ghoidte sa Stát a raibh luach measta de bheagnach €1 milliún luaite léi.

**Coireacht Chomhshaoil/Fiadhúlra**

Lean GNBCI le tairbhe a bhaint as a chur chuige comhordaithe chun díriú ar gach leibhéal coiriúlachta a bhain le réimsí na coireachta comhshaoil agus fiadhúlra trí úsáid a bhaint as Fóraim Ilghníomhaireachta Réigiúnacha agus prótacail chomhpháirteacha a tionscnaíodh roimhe sin idir An Garda Síochána agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS).

**An tAonad um Choireacht Maoin Intleachtúil**

Is éard atá i gceist le Coireacht Maoin Intleachtúil cóipcheart a shárú trí thráchtearraí a ghóchumadh nó trí phioráideacht ábhair. Is éard atá i gceist le góchumadh déantúsaíocht, díol nó dáileadh earraí gan údarú a fháil ó úinéir na maoine intleachtúla.

**Cás-Staidéar - Oibríocht Shrike**

Tá GNBCI i mbun imscrúdú a dhéanamh ar dhéantúsaíocht leictreonaic ghóchumtha (fóin chliste) atá á gcur ar fáil ina dhiaidh sin don déantúsóir iontaofa chun earraí ionaid a fháil. Meastar go bhfuil breis is €10 milliún carntha ag an amhrastach mar thoradh ar an ngníomhaíocht mhídhleathach seo. Mar thoradh ar an oibríocht seo urghabhadh 14 chuntas bainc, earraí dearthóra ardleibhéil, mótarfheithiclí ardluacha, táirgí leictreonacha góchumtha agus méid suntasach airgid. Tá gné thrasnáisiúnta luaite leis an imscrúdú a bhfuil Europol ag tacú léi agus atá ar ag leanúint ar aghaidh go leanúnach.

### Saothair Ealaíne agus Seandachtaí

**Cás-staidéar**

I mí Mheán Fómhair, ghlac GNBCI páirt i gCibearphatról Empact PANDORA VII, a bhí dírithe ar gháinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha. Póilíní Náisiúnta na hÍsiltíre (Politie) a d'eagraigh an patról seo a bhí dírithe ar mhargaí ar líne. Ghlac údaráis forfheidhmithe dlí ó 15 thír, le tacaíocht ó Europol, INTERPOL agus an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (WCO) páirt ann freisin. Reáchtálann GNBCI na cibearphatróil seo go rialta trí oibriú i gcomhpháirt le hArd-Mhúsaem na hÉireann. Dá thoradh, sainaithníodh roinnt oibiachtaí seandálaíocha nach raibh tuairiscithe d'Ard-Mhúsaem na hÉireann agus tá imscrúdú á dhéanamh orthu.

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA OIBRIUCHÁIN (OSS)

### Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána (GASU)

Lean GASU ar aghaidh ag tacú le raon oibríochtaí agus tionscnamh coireacht trasteorann i dteannta leis an PSNI agus gníomhaireachtaí eile. D'eagraigh GASU cúrsaí oiliúna sábháilteachta do bhreis is 100 ball ó Aonaid Tacaíochta faoi Airm Réigiúnacha agus RCBÁC ionas go bhféadfaí iad a imlonnú chuig mórtheagmhais éigeandála ar héileacaptar.



| | |
|---|---|
| 1,177 | Eitilt |
| 1,068 | Uair Eitilte |
| 1,624 | Teagmhas ar Freastalaíodh Orthu |
| 128 | Amhrastach Faoi Choinneáil |
| 17 | nDuine ar Iarraidh Aimsithe |
| 40 | Feithicil Aimsithe |





**Cás-staidéar - Duine ar Iarraidh Aimsithe**

I mí Márta, fiafraíodh de GASU cabhrú le cuardach d'fhear a bhí ar iarraidh i mBaile Átha Cliath a thug le fios go raibh sé beartaithe againn lámh a chur ina bhás. Reáchtáil criú an aerárthaigh cuardach sa cheantar, aimsíodh an fear, agus treoraíodh Gardaí ar an talamh chomh fada leis - bóthar dúnta in aice le mótarbhealach M50.

**Aonad Gadhar an Gharda Síochána (GDU)**

Tá 29 gadhar ag GDU. Gadhair ilchuspóra iad a bhformhór díobh seo, a úsáidtear chun daoine ar iarraidh a chuardach, amhrastaigh atá i bhfolach a lorg, earraí/míreanna fianaise a aimsiú, páirt a ghlacadh in iarrachtaí ord poiblí a rialú agus chun tacú le patróil ard-infheictheachta.



**I rith 2022,**

**rinneadh 368 cuardach**
**a raibh sé mar aidhm leo drugaí, airgead tirim agus airm thine a aimsiú**

**rinneadh 151 cuardach**
**chun slándáil ag imeachtaí móra a chinntiú ar chabhraigh gadhair bholaíochta GDU leo.**

**Cás-staidéar - Duine ar Iarraidh**

Rinneadh iarratas ar chuardach duine ar iarraidh i gceantar tuaithe a raibh néaltrú ag dul dó, a chonacthas den uair dheireanach sa bhaile, ach nach raibh aon eolas ar fáil faoina threo taisteal nó nach raibh feicthe le déanaí. Chabhraigh foireann gadhar an Gharda Síochána le cuardach a rinneadh i rith na hoíche agus d'éirigh leo an duine ar iarraidh a aimsiú. Sholáthair láimhseálaí gadhar an Gharda Síochána garchabhair agus lorgaíodh tuilleadh cabhrach.

**Cás-staidéar – Urghabháil Drugaí**

Chuardaigh Aonad Ceantair Drugaí, le cabhair ó fhoireann gadhar an Gharda Síochána, réadmhaoin chónaithe. I rith an chuardaigh a rinne ar spás a raibh cuma ghlan agus néata air, tharraing gadhar an Gharda Síochána aird ar shuíomh ina aimsíodh drugaí luach €20,000 a bhí ceilte i mballachuas ag leibhéal na síleála.



**Aonad Uisce an Gharda Síochána (GWU)**

I rith 2022, reáchtáil GWU cuardaigh dhaonnúla do dhaoine ar iarraidh i ngach réigiún de chuid an Gharda Síochána agus aimsíodh iarsmaí naoi gcorp. Reáchtáil GWU cuardaigh le haghaidh arm tine agus airm eile a bhain le himscrúdú faoi thromchoireanna, agus cuireadh físeán faoi uisce agus grianghraif ar fáil d'oifigigh imscrúdaithe.

Reáchtáil GWU cuardaigh shlándála agus cuardaigh i suíomhanna cúnga sular tháinig uaisle ar cuairt chomh fada le suíomhanna muirí, mar aon le cuardaigh réitigh beart agus cabhlacha long, sular tháinig roinnt long ar cuairt a raibh baol slándála luaite leo i dtír.

Anuas air sin, trí úsáid a bhaint as a ghréasán fairsing teagmhálaithe i bPóilíní Muirí na hEorpa, thacaigh GWU le Gardaí áitiúla a raibh imscrúdú á dhéanamh acu ar ghoid bád, inneall agus trealamh muirí eile trí oileáin amach ón gcósta agus intíre a phatrólú agus a chuardach.

Eagraíodh patróil mhuirí a raibh sé mar aidhm leo reachtaíocht mhuirí a fhorfheidhmiú lena n-áirítear seaicéid tarrthála a chaitheamh, mar aon le patróil a bhain le reachtaíocht bád paisinéirí.

D'eagraigh Scoil Oiliúna Muirí GWU cúrsaí oiliúna do bhaill d'Aonad Práinnfhreagartha an Gharda Síochána agus aonaid speisialaithe eile a bhí dírithe ar láimhseáil bád agus fanacht beo san fharraige.

**Cás-staidéar - Tarrtháil Beirt Snámhaithe Bhaineanna**

I mí Iúil, bhí baill de GWU i mbun dualgais oibríochtúil amach ó Inis Mór, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe. Bhí sé beartaithe ag an aonad tabhairt faoi thumadh ar thrálaer iascaireachta, a chuaigh go tóin poill amach ó chósta Oileáin Árann, chun fianaise a bhailiú ar an mbád briste.

D'fhógair Garda Cósta na hÉireann éigeandáil agus lorgaíodh dhá shoitheach san fharraige chun cabhrú le beirt snámhaithe bhaineanna a bhí i dtrioblóid amach ón Trá Coiréil, An Cheathrú Rua. D'fhreagair an GWU don iarratas agus bhí siad ar an láthair laistigh de 10 nóiméad. Achar maith ón gcladach agus i lár mearshrutha, aimsíodh an bheirt bhan a raibh garda tarrthála áitiúil ar chlár seaschéaslóireachta ag cabhrú leo. Baineadh an bheirt bhan agus an garda tarrthála ón uisce agus thug baill GWU chomh fada leis an gcladach iad, áit a ndearna criú otharchairr measúnú orthu



**Marc-Aonad an Gharda Síochána (GMU)**

Forléargas ar oibríochtaí curtha i gcrích ag GMU in 2022:

- **Cabhrú le cuairteanna Daoine Mór Le Rá** - HRH An Prionsa Séarlas chuig Port Láirge agus Tiobraid Árann.
- Patróil ard-infheictheachta á ndéanamh ag Marc-Aonad an Gharda Síochána ag **imeachtaí móra** cosúil le Rásaí na Gaillimhe, Féile Rós Thrá Lí, Fleadh Ceoil, Picnic Leictreach.
- Cabhrú le hoibríochtaí ag leibhéal náisiúnta cosúil le **Oibríocht** Thor, *Thoroughfare* agus Citizen.
- Cuardaigh le haghaidh **daoine ar iarraidh** i Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus cabhrú le Gardaí i Sligeach a raibh míreanna a gcuardach acu a bhaineann le buirgléireacht throm.
- Ag obair le agus ag soláthar **cúnaimh do charthanachtaí** agus scoileanna riachtanas speisialta.

## AONAD NÁISIÚNTA COISCTHE COIREACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA **(GNPOU)**

Bunaithe ar mholtaí Chigireacht an Gharda Síochána maidir le póilíneacht oird phoiblí, tá beartais nua le haghaidh creat níos láidre chun imeachtaí oird phoiblí a bhainistiú forbartha agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir lena gcur chun feidhme in 2022.

Chomh maith leis sin, thug GNPOU tús áit d’oiliúint athdheimhnithe in 2022 d’fhonn a chinntiú go bhfuil gach duine san aonad ar an eolas faoi na modhanna agus teicnící oird phoiblí is déanaí.

# SLÁNDÁIL AGUS FAISNÉIS NÁISIÚNTA

**Dhéileáil ASU le beagnach**

**6,000**

glao faoi airm

**Córais Faisnéise Schengen (SIS II)**

**1,424**

amas i ndáil le foláirimh Ballstát agus

**809**

**amas i ndáil le foláirimh Éireannacha**

**112**

**gníomhachtú idirbheartaí le haghaidh 2022; laghdú de 24% i gcomparáid le 2021**

Rinneadh grinnfhiosrúchán slándála ar

**370**

dídeanaí a raibh Aonad Speisialta Bleachtaireachta freagrach astu mar chuid de Chlár Athlonnaithe Dídeanaithe na hÉireann (IRRP)

## SLÁNDÁIL AGUS FAISNÉIS NÁISIÚNTA

Tá ról lárnach ag An Garda Síochána i gcóras slándála náisiúnta na hÉireann. Aithnítear agus déantar foráil do shainordú désheirbhíse póilíneachta agus slándála curtha ar fáil do An Garda Síochána in Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015, lenar bunaíodh sraith leasuithe a cuireadh i bhfeidhm ar Acht an Gharda Síochána, 2005, ina gcumhdaítear sainmhíniú dlí ar sheirbhísí slándála agus ina leagtar freagracht dhaingean ar An Garda Síochána as an bhfeidhm seo. Ainneoin go bhfuil an dhá fheidhm ag tacú lena chéile, is feidhmeanna éagsúla agus ar leithligh iad.

Tá An Garda Síochána tiomanta dá fhreagrachtaí agus oibleagáidí seirbhíse slándála mar sheirbhís slándála nua-aimseartha a chomhlíonadh chun a chroímhisean a chomhlíonadh - daoine a choinneáil sábháilte. Is comhpháirt thábhachtach de ghnóthaí an Stáit slándáil gach náisiún a chinntiú agus leasa an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint, agus tá ról lárnach freisin inár misean ag cearta daonna ár saoránach a chosaint.

Is geilleagar oscailte nua-aimseartha é Éire ina bhfuil institiúidí daonlathacha láidre agus rannpháirtíocht chathartha. Mar shochaí nua-aimseartha, tá Éire ag déileáil le bagairt ó raon éagsúil limistéar. Tá na bagairtí seo casta agus ilghnéitheach, agus éilíonn siad freagairt dhinimiciúil agus sholúbtha. Tá An Garda Síochána tiomanta don fhreagairt seo a sholáthar trí acmhainn treisithe slándála agus faisnéise.

Tá An Garda Síochána tiomanta do bhagairtí dár rialtas, saoránaigh, sochaí agus folláine gheilleagrach a shainaithint, a anailísiú agus a chomhrac ó gach foinse óna n-eascraíonn siad. Bímid ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe laistigh den dlínse agus ar fud an domhain, ag leibhéil straitéiseacha, oibríochtúla agus oirbheartaíocha d'fhonn a chinntiú go bhfuil ár saoránaigh agus institiúidí daonlathacha sábháilte ó na bagairtí a mbíonn orthu déileáil leo. Táimid tiomanta d'úsáid a bhaint as an teicneolaíocht agus as na teicnící is déanaí d'fhonn a chinntiú go mbímid eolach ar bhagairtí féideartha, go mbímid airdeallach ar dhainséir nua agus go mbímid in ann gníomhú in aghaidh bagairtí go héifeachtach nuair a thagann siad chun cinn.

**Seirbhís Slándála an Gharda Síochána**

Is ionann Rannóg Slándála agus Faisnéise an Gharda Síochána agus is seirbhís slándála inmheánach Stát na hÉireann. I ndiaidh bagairtí slándála féideartha a shainaithint, ceann de na feidhmeanna is bunúsaí atá ag an tseirbhís slándála comhairle a chur ar an Rialtas maidir leis na bagairtí sin, ionas gur féidir socruithe slándála náisiúnta riachtanacha a bhunú.

In 2022, d'athraigh timpeallacht slándála na hEorpa go suntasach tráth a ndearna an Rúis ionradh ar an Úcráin. Bhí tionchar díreach ag iarmhairtí an teagmhais seo ar shlándáil gach Stát Eorpach. Lean Seirbhís Náisiúnta an Gharda Síochána i dtaca le Coireacht agus Faisnéis Slándála (GNCSIS) ag forbairt a chaidreamh comhoibrithe agus faisnéise le contrapháirteanna Eorpacha agus idirnáisiúnta eile d'fhonn a chinntiú go bhfuil a oibleagáidí mar sheirbhís slándála á gcomhlíonadh ag An Garda Síochána.

I rith 2022, lean Slándáil agus Faisnéis ag tacú leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) chun fearann cibearshlándála na hÉireann a threisiú agus a chosaint. Leanfaidh Slándáil agus Faisnéis ag obair leis an NCSC agus le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta eile ar bhagairtí slándála náisiúnta féideartha ó chibearghníomhaithe naimhdeacha.

Tá GNCSIS ag obair i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí stáit Éireannacha chun iarrachtaí a dhéanamh i gcomhar lena chéile chun bagairtí a chomhrac. Chuige sin, tá GNCSIS tiomanta do thacú le treisiú na slándála náisiúnta mar atá molta ag an gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.

## AN TAONAD SPEISIALTA BLEACHTAIREACHTA (SDU)

I rith 2022, reáchtáil SDU a chroífheidhm mar Aonad Imscrúdaithe Náisiúnta um Fhrithsceimhlitheoireacht atá freagrach as slándáil an Stáit a chosaint. Lean SDU ag díriú agus ag cur isteach ar bhealach réamhghníomhach ar sceimhlitheoireacht, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daoine a chruthaíonn bagairt dár slándáil náisiúnta. Bhí cur chuige ilghnéitheach agus ilghníomhaireachta go minic, SDU chun díriú ar ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta mar bhonn le roinnt oibríochtaí, cuardach, urghabhálacha agus gabhálacha agus ionchúisimh fhaisnéisbhunaithe ina dhiaidh sin.

Tá dlúthchaidreamh oibre ag SDU le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Ríochta Aontaithe chun maolú i gcoinne aon bhagairt a d'fhéadfadh grúpaí paraimíleatacha a chruthú lena n-áirítear dúshaothrú an limistéir teorann chun dul i ngleic le gníomhaíocht poblachtach easaontach. In 2022, reáchtáil SDU roinnt seicphointí trasteorann comhpháirteacha le Gardaí áitiúla agus leis an PSNI.

MAY

I mí na Bealtaine, taifeadadh an chéad chiontú sa Stát trí úsáid a bhaint as cumhachtaí seach-chríche an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005, ag an gCúirt Choiriúil Speisialta a bhain le ballraíocht ISIS.

Rinne pearsanra SDU scagadh slándála ar 370 dídeanaí mar chuid de Chlár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann (IRRP).

Tá Aonad Cosanta SDU freagrach as cosaint faoi airm roinnt daoine mór le rá atá ina gcónaí in nó ag tabhairt cuairte ar an dlínse seo. I rith 2022, cuireadh dlúthchosaint ar fáil do roinnt imeachtaí iomráiteacha lena n-áirítear Comóradh 100 Bliain ar Aistriú Chaisleán Bhaile Átha Cliath; cuairt Aire Eachtrach na Palaistíne; Cuairt Stáit HRH Prionsa na Breataine Bige agus HRH Bandiúc Chorn na Breataine; Cuairt Stáit Uachtarán na Portaingéile agus cuairt Aire Gnóthaí Eachtracha Feidearálach na Gearmáine.

## AONAD CEANNAIS BEARTAÍOCHT AGUS OIBRÍOCHTAÍ SPEISIALTA (STOC)

**Aonad Práinnfhreagartha (ERU)**

Chuir ERU 83 imlonnú réamhphleanáilte i gcrích ar oibríochtaí arm tine atá ag tacú le haonaid náisiúnta. Lena chois sin, reáchtáladh 78 tionlacan ardriosca a reáchtáladh in 2022 le haghaidh Daoine Mór Le Rá.

In 2022, den chéad uair, d'imlonnaigh ERU i limistéar cogaidh gníomhach mar mhionbhuíon slándála d'Airí Rialtais sinsearacha a raibh cuairt á tabhairt acu ar an Úcráin.

I mí Márta, thug HRG Prionsa na Breataine Bige cuairt ar Éirinn agus leagadh cúram maidir leis an mionbhuíon chosanta seo ar ERU.

**Aonad Tacaíochta faoi Airm (ASU)**

I mí Mheán Fómhair, d'óstáil an ASU ceardlann seachtaine Líonra um Shlándáil Ardriosca an AE (EUHRSN) maidir le freagairt tarrthála oirbheartaíoch. D'fhreastail ionadaithe ó fhormhór de thíortha an AE ar imeachtaí i gColáiste an Gharda Síochána agus ag suíomhanna oirbheartaíocha eile.

### Staitisticí Imlonnaithe Náisiúnta ASU 2022




| | Réigiún an Oirthir | Réigiún an Iarthuaiscirt | Réigiún an Deiscirt | Réigiún Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath |
|---|---|---|---|---|
| Imlonnaithe chuig Glaonna | 1,291 | 1,200 | 726 | 2,707 |
| Giall/Baracáid/ Teagmhais | 15 | 40 | 3 | 25 |
| Réamhphleanáilte imlonnú | 255 | 379 | 303 | 131 |



### Idirbheartaíochta Náisiúnta (NNU)

Ghlac NNU le huachtaránacht agus le Cathaoirleacht Líonra Foirne Comhairleacha an Aontais Eorpaigh (EuNAT) i mí Mheán Fómhair. Eagraíodh comhdháil idirnáisiúnta cúig lá EuNAT i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna agus d'fhreastail os cionn 70 toscaire as 27 tír ar an imeacht. I measc na bpríomhábhar a pléadh i rith na comhdhála bhí cibearchoireacht, fuadaigh idirnáisiúnta, fáisceadh agus píoráideacht.

Lean baill NNU le láithreoireachtaí a dhéanamh agus le cúrsaí oiliúna a eagrú do spriocphobail agus d'aonaid éagsúla laistigh de An Garda Síochána agus i ngníomhaireachtaí seachtracha, maidir le hdirbheartaíocht, ceannasaithe oibríochtúla agus teagmhais ghéill, bharacáide agus féinmharaithe.

Taifeadadh 112 gníomhachtú idirbheartaí in 2022, figiúr arb ionann é agus laghdú 24% i gcomparáid le figiúirí 2021. Tá an chuid is mó den obair atá á déanamh ag idirbheartaithe dírithe ar idirghabháil ghéarchéime, baracáidí meabhairshláinte agus baracáidí teaghlaigh/coiriúla.

D'oibrigh idirbheartaithe i ndlúthchomhar le ASU/ERU maidir le teagmhais, ach in 2022, áfach, tugadh laghdú faoi deara i roinnt réimsí. Laghdaigh teagmhais a bhain le nó a rabhthas in amhras gur bhain airm thine leo 31% ó 22 go dtí 15.

### Ionchur Idirnáisiúnta

D'oibrigh NNU i ndlúthchomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun comhairle agus treoir shlándála a chur ar fáil do thaidhleoirí, mar aon le cabhrú le cúig chás a bhain le saoránaigh Éireannacha a raibh deacrachtaí acu thar lear. Go háirithe, thaistil foireann chuig an Túinéis agus chabhraigh siad le haisdúichiú saoránach Éireannach a coimeádadh in aghaidh a t(h)ola sa Libia.




*GOARR - Imithe tráth sroichte



Chabhraigh NNU le

**5 chás**

**de shaoránach Éireannach a raibh deacrachtaí acu thar lear.**

**Tuilleadh Faisnéise maidir le Gníomhaíochtaí NNU**

| | |
|---|---|
| | Ceapadh ceannasaithe oibríochtúla chun déileáil le **57 teagmhas,** agus ceapadh Oifigigh Shinsearacha Imscrúdaithe (SIO) chun déileáil le teagmhas amháin. |
| | D'fhreagair ASU do **83 den teagmhas** i dteannta le NNU, agus fiafraíodh de ERU freastal ar cúig chinn de na teagmhais is tromchúisí. Bhí baint ag Aonaid Oird Phoiblí le dhá theagmhas. |
| | in 2022, rinneadh teagmháil le Gairmithe Meabhairshláinte trí huaire chun comhairle a fháil nó eolas maidir le cúlra leighis. Is ionann é seo agus **laghdú de 11 i gcomparáid le 2021.** |
| | Taifeadadh go raibh baint ag Idirghabhálaithe Tríú Páirtí le dhá theagmhas, **laghdú de 9 i gcomparáid** le 2021. |
| | Reáchtáil NNU cúrsa do Cheannasaithe Oibríochtúla i mí Feabhra 2022, rud ba chúis le **13 pearsanra breise** a bheith á gcur le liosta na gCeannasaithe Oibríochtúla ag leibhéal náisiúnta, rud a chiallaíonn go bhfuil 39 ceannasaí ainmnithe ar an liosta anois. |
| | Lean NNU le cúrsaí oiliúna athnuachana reáchtáil do Cheannasaithe Oibríochtúla agus d'Idirbheartaithe Géarchéime an Gharda Síochána in 2022. Tá **68 Idirbheartaí Géarchéime de chuid an Gharda Síochána ar fáil ag leibhéal náisiúnta.** |
| | D'idirghníomhaigh NNU le CEPOL, EuNAT, Europol agus gníomhaireachtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta eile maidir le roinnt comhdhálacha agus réimsí éagsúla **uasoiliúna.** |




Royal Visit Security Checks, Waterford






D'fhreastail ball NNU ar Chomhdháil **Mheitheal na nIdirbheartaithe Idirnáisiúnta** (INWG) sa Ghréig i mí Dheireadh Fómhair.

**Aonad Oiliúna STOC (STU)**

I measc na bpríomhchúrsaí oiliúna a reáchtáil STU in 2022 bhí:

Oiliúint mhodúlach tairgthe do gach pearsanra STOC ina gcuimsítear oiliúint in úsáid arm

- tine;
- níos lú arm marfach;
- beartaíocht i ngar don duine;
- srianadh oirbheartaíoch feithiclí;
- feistí seachráin;
- teagmhas criticiúil arm tine (CFI)/HBS;
- lámhachóir gníomhach.

## IDIRCHAIDREAMH AGUS COSAINT

Chuir Interpol Bhaile Átha Cliath eolas ar fáil do bhunachar sonraí Interpol chun cabhrú le forfheidhmiú dlí ar fud an domhain ar mhaithe le coireacht thrasnáisiúnta a chosc, cur isteach uirthi agus í a bhrath.

In 2022, ghlac An Garda Síochána páirt i dtionscadail a bhí á dtreorú ag Interpol a chlúdaigh réimsí cosúil le cibearchoireacht; coireacht airgeadais; coireacht eagraithe; coireanna comhshaoil agus coireanna a bhaineann le paindéim Covid-19.

Lean pearsanra atá nasctha leis an mBiúró Lárnach Náisiúnta agus leis na Gardaí mórthimpeall na tíre ag freastal ar chúrsaí oiliúna chun cur ar a gcumas tairbhe a bhaint as na tacaíochtaí agus acmhainní atá á gcur ar fáil ag Rúnaíocht Ghinearálta Interpol.

**Europol**

Chabhraigh Europol le An Garda Síochána roinnt oibríochtaí trasteorann a reáchtáil a bhí dírithe ar choireacht thromchúiseach agus eagraithe.

Mar chuid d'iarracht Europol forfheidhmiú dlí a uasoiliúint chuig caighdeáin riachtanacha, ghlac pearsanra an Gharda Síochána a bhí ag obair le haonaid speisialta páirt i gcúrsaí oiliúna ar líne, d'fhreastail siad ar chomhdhálacha fíorúla agus bhí baint acu le laethanta comhghnímh.

In 2022, chabhraigh An Garda Síochána le Measúnú ar Choireacht Thromchúiseach agus Eagraithe Europol, Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ar Líne agus tuarascálacha maidir leis an staid sceimhlitheoireachta (TE-SAT) laistigh den Aontas Eorpach.

**Córais Faisnéise Schengen (SIS II) agus Biúró SIRENE**

I mí Márta 2021, nasc An Garda Síochána le Córas Faisnéise Schengen (SIS II).

Bhunaigh An Garda Síochána Biúró SIRENE (Iarraidh ar Fhaisnéis fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta) chun SIS II a chur chun feidhme, cuid de líonra AE de phointí teagmhála náisiúnta a oibríonn ar bhonn 24/7/365.

I rith 2022, reáchtáladh an ghníomhaíocht seo a leanas atá ábhartha d'Éirinn ar an SIS:







| Foláireamh | Amas ar Bhallstáit Eile | Amar ar Fholáirimh Éireannacha |
|---|---|---|
| Airteagal 26 | 123 | 43 |
| Airteagal 32 | 37 | 53 |
| Airteagal 34 | 438 | 136 |
| Airteagal 36 | 481 | 408 |
| Airteagal 36 (feithicil) | 37 | 19 |
| Airteagal 38 | 308 | 150 |
| **Iomlán** | **1,424** | **809** |

**Aonad Náisiúnta Comhordúcháin (ICU)**

Glacann an ICU páirt i gClár Náisiúnta Chiste Slándála Inmheánaí 'ISF' an Choimisiúin Eorpaigh (póilíní) 2021-2027. Ba é an Coimisiún Eorpach a chruthaigh an ISF chun ardleibhéal slándála ar fud an Aontais Eorpaigh (AE) a chinntiú.

Chomhordaigh ICU ról an Gharda Síochána i ndáil leis an maoiniú a chuir an AE ar fáil don chlár taighde agus nuálaíochta, tionscadal Fhís 2020, maoiniú a bhí dírithe ar an téama 'Sochaithe Slána'.

**Oifig Bainistíochta Móréigeandála Náisiúnta (MEM)**

I mí Bealtaine, glacadh le hOifig MEM mar chuid den Ghrúpa Cleachtadh Bainistíochta Éigeandála trasteorann a d'fhorbair Cleachtadh Enya. Ba é an aidhm a bhí leis seo an prótacal gníomhachtaithe trasteorann de mhóréigeandáil/ mórtheagmhas ionchais nó deimhnithe i limistéir teorann idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, struchtúir chomhordúcháin a bhunú agus cumarsáid ilghníomhaireachta a bhainistiú ar bhonn trasteorann.

Ag leibhéal náisiúnta, rinne na t-aonad MEM ionadaíocht ar An Garda Síochána ag Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, Grúpa Stiúrtha agus Meithleacha Náisiúnta MEM agus an Grúpa Bainistíochta Éigeandála Trasteorann.

I rith 2022, lean pearsanra Oifig MEM le freagracht a ghlacadh as Aonad Comhordúcháin Covid-19 an Gharda Síochána.

# SÁBHÁILTEACHT AN PHOBAIL

**Plean Sábháilteachta Tuaithe 2022-2024 bunaithe**

Ghlac Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre le feiste tástála drugaí nua

Os cionn 300 ionad ar fud na tíre in úsáid don Lá Náisiúnta um Rannpháirtíocht sa Phobal

**Iarratas ar an gCárta Aoise méadaithe go dtí 44,981**

**23** Gradam bronnta mar chuid de Ghradaim Náisiúnta an Gharda Síochána don Óige

**Breis is 2,000** de phearsanra an Gharda Síochána de gach grád agus céim i ndiaidh cúrsa oiliúna saincheaptha 12 sheachtain a chríochnú ag feidhmiú mar SHEAIMPÍNÍ CHEARTA AN DUINE anois

**FEACHTAS MOILLITHE SEOLTA I MÍ AN MHEITHIMH**

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL (GNCEB)

**eachtais um Chosc ar Choireacht agus Rannpháirtíocht sa Phobal**

**Reáchtáladh feachtais um chosc ar choireacht maidir le príomhchoireanna:**

- **Buirgléireacht a chosc**
- **Sábháilteacht an phobail agus díobháil a laghdú**
- **Sábháilteacht thuaithe**
- **Sábháilteacht ar líne**
- **Glaoiteoirí bréige/ calaois**




### Aip Mhaoine an Gharda Síochána

Is féidir leis an bpobal an Aip Mhaoine a úsáid chun a maoin phearsanta cosúil le ríomhairí glúine, rothair agus málaí láimhe a thaifeadadh.

Forbraíodh an Aip mar fhreagairt d'iarratas póilíneachta pobail agus gealltanais tugtha i Straitéis Náisiúnta um Laghdú agus Chosc na Coireachta 2021-2024.



### Feachtas Scoileanna Náisiúnta na Samhna 2022

D'fhorbair Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Póilíniú Pobail (GNCPU) ábhar do Ghardaí Pobail le húsáid i mbunscoileanna, ábhar a bhí dírithe ar leanaí a choinneáil sábháilte ar Oíche Shamhna.

### Bileoga maidir le Cosc ar Choireacht agus Treoir an Gharda Síochána maidir le Daonáireamh 2022

I mí Aibreáin, reáchtáladh Daonáireamh 2022 a raibh breis is 5,000 áiritheoir páirteach ann a dháil foirmeacha daonáirimh ar gach teaghlach in Éirinn.

I gcomhpháirt leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, forbraíodh treoir agus comhairle maidir cosc ar choireacht chun tacú le foireann allamuigh an daonáirimh agus chun cabhrú le Gardaí áiritheoirí agus a réimse/maoirseoirí réigiúnacha a shainaithint.

Foilsíodh bileog daonáirimh maidir le cosc ar choireacht chun aird daoine a tharraingt ar an seans go mbeadh glaoiteoirí bréige nó calaoiseoirí ag déanamh aithris ar áiritheoirí daonáirimh.

### Oibríocht Twin Tracks

I gcomhpháirt le hoibritheoirí Iarnród Éireann agus Luas, ghlac Gardaí páirt in oibríocht dhá lá ina ndearnadh patról ar an DART, Luas agus ocht mbealach iarnróid idirchathracha chun iompar frithshóisialta a chosc agus a bhrath.

Bhain dhá phríomhghné leis an oibríocht - rannpháirtíocht sa phobal agus sábháilteacht iarnróid - bainte amach trí rannpháirtíocht infheicthe sa phobal agus comhairle maidir le cosc ar choireacht.

### Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

I mí Feabhra, reáchtáil GNCPU i dteannta le Crimecall feachtas a raibh sé mar aidhm leis tacú le feasacht ar shábháilteacht ar líne chun tacú leis an Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte.






**Lá Náisiúnta Rannpháirtíocht sa Phobal**

I mí Aibreáin, tugadh cuireadh do bhaill den phobal chuig breis is 300 ionad ar fud na tíre chun aithne a chur ar na Gardaí áitiúla agus ionadaithe pobail.

Bhí Gardaí Pobail, ionadaithe brainse IFA agus ionadaithe ó ghrúpaí pobail i láthair ag na hionaid, agus bhí Gardaí pobail ar fáil chun comhairle maidir le cosc ar choireacht a chur ar an lucht freastail.

**Móraonach Senior Times, RDS Baile Átha Cliath**

I mí Aibreáin, d'óstáil GNCPU seastán de chuid an Gharda Síochána ag an Móraonach Senior Times san RDS i mBaile Átha Cliath áit ar cuireadh comhairle ar dhaoine breacaosta agus grúpaí pobail ábhartha maidir le cosc ar choireacht agus roinneadh ábhar faoin téama céanna leo freisin.

**Féile Bloom 2022**

Bhí marquee ag GNCPU ag Féile Bloom a reáchtáladh i mí Meithimh. Dhírigh pearsanra de chuid an Gharda Síochána ar bhí ar dualgas don imeacht ar rannpháirtíocht leis an bpobal maidir le réimsí éagsúla cosúil le póilíneacht phobail, slándáil sa bhaile, sábháilteacht phearsanta, sábháilteacht ar bhóithre agus éagsúlacht

**An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta**

D'fhreastail breis is 270,000 cuairteoir ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair. Deis ba ea an t-imeacht seo do gach réimse den eagraíocht labhairt leis an bpobal agus comhairle a chur ar dhaoine maidir cosc ar choireacht agus léargas a thabhairt ar an obair éagsúil a dhéanann An Garda Síochána.

I rith na bliana seo, an bhliain ina bhfuil 100 bliain ar an bhfód a cheiliúradh, reáchtáil An Garda Síochána taispeántas d'earraí cuimhneacháin, grianghraif, cartlann grianghraf ar líne agus The Guardians Centenary Book.

**Seoladh Plean Sábháilteacht Tuaithe 2022-2024**




Seoladh Plean Sábháilteachta Tuaithe 2022-2024 i mí Mheán Fómhair ag an gComórtas Treabhdóireachta. Cuimsítear sa phlean seo na snáitheanna éagsúla den obair atá á cur i gcrích i ndáil le sábháilteacht tuaithe. Trí léargas á thabhairt air agus aird a tharraingt ar na hiarrachtaí comhoibríocha atá á ndéanamh ag An Garda Síochána, comhlachtaí Stáit eile, an Fóram Sábháilteachta Tuaithe, grúpaí pobail, le tacaíocht ón Rialtas, tá sé mar aidhm leis an bPlean slándáil a fheabhsú inár gceantair thuaithe agus béim a leagan ar an tábhacht a luaitear, mar is ceart, le leas phobail thuaithe na hÉireann.

Sainaithnítear sa Phlean, a chomhscríobh GNCPU agus Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána, cúig phríomhthosaíocht a bhaineann le sábháilteacht tuaithe:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Sábháilteacht an Phobail | Buirgléireacht agus Goid | Póilíniú Bóithre | Coireacht Ainmhithe | Coireacht Oidhreachta |

### Freagairt Chomhpháirteach Gníomhaireachta do Choireacht (JARC)

Rinneadh ionadaíocht ar An Garda Síochána ag comhdháil an Líonra Eorpaigh um Chosc na Coireachta (EUCPN) mar chuid de rannpháirtíocht lárnach i dtionscnamh JARC/ACER3, arb ionann é agus cur chuige ilghníomhaireachta a bhaineann le bainistiú ciontóirí sainaitheanta atá ciontaithe i nó cúisithe as cion buirgléireachta. Eagraíocht láithreoireacht chomhpháirteach a bhí bunaithe ar dhearcadh ilghníomhaireachta maidir le conas a dhéanann JARC iarracht coireacht agus athchiontú a chosc.

### Imeachtaí Marcála Maoine

I rith 2022, chomhordaigh Gardaí pobail roinnt imeachtaí marcála maoine ar fud na tíre.

### Faire Campais

Is comhpháirtíocht é Faire Campais idir An Garda Síochána agus na háititheoirí campais atá bunaithe ar an tuiscint gur féidir le gach ball den champas cabhrú chun an caighdeán beatha ar an láthair a fheabhsú trí bheith ag faire amach do mhic léinn, baill foirne agus cuairteoirí, agus gníomhaíochtaí amhrasacha a thuairisciú do na Gardaí. Eagraíodh go leor rannpháirtíochtaí réamhghníomhacha in 2022 le haontais mac léinn trí cheardlanna.



**Garda Youth Awards 2022**

The Garda Youth Awards, at Divisional and National level, celebrates outstanding young people aged between 13 and 21 years, and recognises the good work they are doing throughout their communities. In 2022, 23 awards were handed out, under five categories, to celebrate the contributions of young people, both individually and as part of groups, for the National Garda Youth Awards.

### Tacú le Tionscnaimh Áitiúla/Póilíneacht Phobail

### An Feachtas Labhair Linn

Mar chuid de Straitéis Éagsúlachta Shligigh/Liatroma 2022, forbraíodh an feachtas "Labhair Linn" in 2022. Tá an tionscnamh seo dírithe ar an íospartach agus tá sé mar aidhm leis rochtain phoiblí a thabhairt ar eolaire idirghníomhach ina bhfuil sonraí teagmhála úsáideacha d'íospartaigh leochaileacha agus daoine a dteastaíonn líonraí tacaíochta uathu.

| Tá trí ghné forbartha mar chuid den fheachtas seo: | |
|---|---|
|   | **póstaer** ar a bhfuil cód QR a sholáthraíonn rochtain ar an eolaire |
|  | **cárta gnó** a cheadaíonn do na Gardaí a gcuid sonraí teagmhála a chur ar fáil rud a chabhraíonn le glao ar ais ar íospartaigh drochíde sa teaghlach, mar aon le rochtain ar an eolais tríd an gcód QR |
|  | **greamán holagraim** rúnda a bhfuil an cód QR scríofa air, atá dírithe go sonrach ar íospartaigh drochíde sa teaghlach. Is féidir é a chur ar aon dromchla lena n-áirítear fáinne eochracha agus fóin phóca. |

**Lá 'Corcra'**

I mí Aibreán, d'oibrigh An Garda Síochána i gcomhpháirt le Slán Sábháilte in Éirinn chun aird a tharraingt ar dhrochíde sa teaghlach agus seirbhísí áitiúla d'íospartaigh drochíde sa teaghlach. Reáchtáladh roinnt imeachtaí ar fud na tíre chun feasacht a mhúscailt agus chaith Gardaí éadaí corcra ar an lá.




**Comórtas Póstaer Sábháilteacht ar Bhóithre**

I mí Bealtaine, reáchtáil Aonad Póilíneachta Pobail Ros Comáin i gcomhpháirt le Comhairle Contae Ros Comáin, an 11ú taispeántas a eagraíodh mar chuid den Chomórtas Póstaer Sábháilteacht ar Bhóithre in Ionad Ealaíon Ros Comáin.

Is é an aidhm atá leis an gcomórtas feasacht daltaí rang a 5 agus rang a 6 a tharraingt ar an gcomórtas. Fiafraíodh de na daltaí póstaer a dhearadh a raibh teachtaireacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre air. Ghlac breis is 300 dalta as 23 scoil páirt sa chomórtas. Bronnadh duaiseanna ar na trí iontráil is fearr ó gach scoil agus roinnt buaiteoirí ar bronnadh príomhdhuaiseanna orthu.

**DIY SOS – The Big Build**

Thaistil foireann chlár teilifíse RTÉ, DIY SOS – The Big Build, chomh fada le Contae an Chláir i mí Lúnasa chun cabhrú le teaghlach a dteach a athchóiriú chun tacú le duine dá leanaí. Ghlac breis is 40 Gardaí / Garda Cúltaca páirt sa tionscadal ar bhonn deonach.

**Gradam Sábháilteachta agus Slándála Aoisbhách**

Is bunachar sonraí digiteach cuimsitheach é Clár Daoine Scothaosta agus Leochaileacha Bhéal an Átha/Bhéal an Mhuirthead de dhaoine scothaosta agus leochaileacha atá ina gcónaí i Limistéir Rannpháirtíocht sa Phobal Bhéal an Átha agus Bhéal an Mhuirthead. Forbraíodh an clár i gcomhpháirt le Rannóg Mapála an Gharda Síochána. Is é cuspóir an bhunachair sonraí digiteach seo a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach ball den Cheantar air, am ar bith, lá nó oíche. Bronnadh an Gradam Sábháilteachta agus Slándála Aoisbhách ar Limistéar Rannpháirtíocht sa Phobal Thuaisceart Mhaigh Eo ag ócáid bronnta gradam Aoisbhá Éireann a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair.

**Caiféanna Folláine**

Gach seachtain, tugann Gardaí ón aonad póilíneachta pobail cuairt ar roinnt caiféanna folláine in Inis Eoghain, Dún na nGall. Bunaíodh na caiféanna seo chun deis a thabhairt do dhaoine a raibh deacrachtaí meabhairshláinte acu dul chomh fada le spás sábháilte agus bualadh le daoine eile a bhféadfadh fadhbanna meabhairshláinte a bheith acu freisin. Bíonn comhairleoir oilte i láthair gach seachtain. Bhí na Gardaí i láthair agus d'éirigh leo caidreamh a bhunú le go leor den lucht freastail le míonna beaga anuas.

**Clár na hIdirbhliana**

I mí Dheireadh Fómhair, sheol Aonad Póilíneachta Shráid Chaoimhín, agus Dhomhnach Broc, an chéad Chlár Idirbhliana riamh. Roinneadh eolas maidir leis an gclár seo le gach scoil sa cheantar agus fiafraíodh de mhic léinn a raibh spéis acu sa chlár a bhfoirmeacha iarratais a sheoladh ar aghaidh. Léiríodh go leor spéise sa chlár seachtaine, a raibh cuairt ar na cúirteanna san áireamh ann; dualgas stádair rannpháirtíocht sa phobal; cuairt ar an mosc; cur i láthair maidir le drugaí; Lá Oscailte le haonaid speisialaithe an Gharda Síochána, agus neart eile

**Ceolchoirmeacha Garth Brooks**

Reáchtáladh cúig cheolchoirm Garth Brooks i mí Mheán Fómhair agus bhí breis is 80,000 pátrún i láthair gach oíche. Bunaíodh plean póilíneachta mionsonraithe do gach ceolchoirm. D'fhreastail an fhoireann imeachtaí í Sráid Mhic Giobúin ar bhreis is 60 cruinniú a eagraíodh chun na ceolchoirmeacha seo a phleanáil. Áiríodh ina measc cruinnithe leis na daoine atá ina gcónaí sa cheantar, páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu leis an imeacht seo a phleanáil.



**No Name Club**

Rannpháirtíocht leanúnach leis an No Name Club áitiúil i mBealach Conglais, Cill Mhantáin, ag tacú le caidreamh dearfach idir daoine óga agus An Garda Síochána, a chabhraigh le An Garda Síochána cabhrú le daoine óga aibíocht shóisialta a bhaint amach. D'fhreastail Gardaí Pobail ar gach imeacht a d'eagraigh an Club agus chuir siad modh iompair ar fáil dóibh chun freastal ar a gcomhdháil bhliantúil i mBaile Átha Luain..

**Fleadh 2022**

I mí Iúil, reáchtáladh Fleadh Ceoil na hÉireann 2022 in An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, fleadh a raibh breis is 500,000 ag triall uirthi. Ba é seo an t-imeacht is mó dá leithéid a reáchtáladh san Eoraip riamh. Nuair a bhí an córas póilíneachta á dhearadh tugadh tús áite do rannpháirtíocht sa phobal. Bhí oibríocht phóilíneachta shuntasach ag tacú leis an imeacht agus bhí breis is 100 Garda ar dualgas ag aon am amháin. Deis iontach a bhí ann caidreamh pobail leis an bpobal áitiúil a fheabhsú agus aird a tharraingt ar ghnéithe dearfach den phóilíneacht phobail. Tá sé beartaithe an t-imeacht a reáchtáil in An Muileann gCearr arís in 2023.

## CEARTA AN DUINE, COMHIONANNAS ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ

**Forbairt Comhpháirtíochta**

**Caidreamh a Fhorbairt idir An Garda Síochána/An Lucht Siúil**

Páirteach san obair a rinne Grúpa Comhairleach an Gharda Síochána/An Lucht Siúil bhí cabhair a bheith á tabhairt ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh (GNDIU) le cúrsaí oiliúna a bhí dírithe ar eadránaithe nua ó phobal an Lucht Siúil agus ionchur luachmhar ó ionadaithe ó phobal an Lucht Siúil a áireamh i gcúrsaí oiliúna d'Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána a reáchtáladh ar fud na tíre.

**Dídeanaithe ón Úcráin**

D'fhorbair GNDIU píosaí faisnéise ina ndearnadh cur síos ar ról an Gharda Síochána, na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn agus eolas bunúsach a chabhróidh le dídeanaithe ón Úcráin a bhí ag teacht chuig an tír seo.

Chruthaigh an Fhoireann Éagsúlachta i Sligeach treoir thapa chód QR chun cabhrú le Gardaí agus leis an bpobal idirghníomhú le hÚcránaigh.



**Rannpháirtíocht leis an bPobal Moslamach**

D'oibrigh GNDIU leis an bPobal Moslammach i rith na bliana. San áireamh anseo bhí rannpháirtíocht an Gharda Síochána i gCeiliúradh EID i bPáirc an Chrócaigh, rannpháirtíocht Ionad Cultúir Ioslamaigh na hÉireann in Oiliúint Oifigeach Éagsúlachta an Gharda Síochána agus ionadaíocht GNDIU ag laethanta oscailte agus imeachtaí aonair.

**Sonraí Coireacht Fuatha**

De réir cur chuige nua maidir le coireacht fuatha a thaifeadadh in 2020, d'fhoilsigh An Garda Síochána a chéad bhliain iomlán (2021) de shonraí a bhain le coireanna fuatha agus teagmhais a bhain le fuath (neamhchoireacht) i mí Lúnasa 2022. Chabhraigh sé seo le bonnlíne fíoraithe a bhunú a d'fhéadfaí a úsáid chun anailís agus comparáidí a dhéanamh amach anseo.

Tá an méid seo a leanas sonraithe i mbeartas an Gharda Síochána, "taifeadfar agus imscrúdófar tuairiscí maidir le coireanna fuatha nó teagmhais fuatha de réir mar is cuí, sa chás go mbraitear go bhfuil naimhdeas nó claonadh dhéantóir na coire in aghaidh aon duine, pobal nó foras, bunaithe ar aois, míchumas, cine, dath, náisiúntacht, eitneacht, reiligiún, gnéaschlaonadh nó inscne an íospartaigh".

**Oiliúint maidir le Coireacht Fuatha Ar Líne**

Seoladh an cúrsa oiliúna éigeantach seo atá le déanamh ag pearsanra uile an Gharda Síochána i mí Aibreáin. Is é an aidhm atá leis seo cur le feasacht agus muinín Gardaí i ndáil le cionta a bhaineann le fuath a shainaithint, a thaifeadadh, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Chinntigh rannpháirtíocht shuntasach ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ionadaithe pobail go raibh léargas á thabhairt ar an tionchar atá ag coireacht fuatha ar íospartaigh agus ar a bpobail.

**Oiliúint Oifigeach Éagsúlachta an Gharda Síochána**

Reáchtáil GNDIU, i gcomhpháirt le hionadaithe pobail, cúrsa oiliúna dhá lá d'Oifigigh Éagsúlachta an Gharda Síochána (GDO) a bhí dírithe ar Oifigigh Éagsúlachta Gharda Síochána, oifigigh nua agus oifigigh atá ag obair cheana féin san áireamh. I láthair na huaire, tá 481 Oifigeach Éagsúlachta de chuid an Gharda Síochána i mbun oibre; tá Oifigigh Ionnaithe i ngach rannán de chuid an Gharda Síochána. Tá liosta iomlán le fáil ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána.

**Aonad Beartais agus Monatóireachta Dínit san Ionad Oibre**

Tá na Gardaí ag obair ar 22 imscrúdú oscailte faoina mBeartas um Dhínit san Ionad Oibre agus tá Foireann an Gharda Síochána ag obair ar thrí imscrúdú oscailte.

**Oifig Feidhmithe agus Monatóireachta na Straitéise um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI)**

| Príomhéachtaí: | Leanadh Ballraíocht na Comhairle um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) lena cuid oibre | Beartas Éide Leasaithe foilsithe | Treoir maidir le Teanga Chuimsitheach san Áit Oibre foilsithe |
|---|---|---|---|
| An Beartas maidir le Líonraí Éagsúla curtha ar aghaidh do cheadú deiridh | An Beartas maidir le Féiniúlacht Inscne curtha ar fáil do cheadú deiridh | Stiall Braille curtha le Cártaí Barántais Oifigiúla an Gharda Síochána ag an gcéim dáilte | Moltaí maidir le hathruithe ar rialacháin chun a bheith ag obair do An Garda Síochána sínithe ag an Roinn Dlí agus Cirt |
| Feachtas Earcaíochta Nua an Gharda Síochána seolta a bhfuil béim á leagan ann ar iarrthóirí ó phobail mhionlaigh a mhealladh – bhain breis is 20% de na hiarrthóirí ó phobail mhionlaigh | Clár Intéirneachta Éagsúlachta Píolótach curtha i gcrích go rathúil | Clár Intéirneachta Éagsúlachta 2022/2023 fógartha freisin | Athbhreithniú ar shocruithe Cothromaíocht Oibre is Saoil curtha i gcrích agus moltaí déanta lena n-áirítear atá oiriúnach do theaghlaigh |

**Clár Intéirneachta Éagsúlachta An Gharda Síochána**

Seoladh an Chéad Chlár Intéirneachta de chuid an Gharda Síochána i mí na Samhna 2021. Ba é an aidhm a bhí leis an gclár inrochtaineacht, tuiscint ar agus an poitéinseal a bhaineann le gairm le An Garda Síochána a mhéadú, go háirithe i measc fágálaithe scoile agus céimeanna a bhí faoi ghannionadaíocht san eagraíocht.

Chuir 28 intéirneach tús lena dtréimhsí fostaíochta i mí na Nollag 2021, ag déanamh ionadaíochta ar ghrúpaí eitneacha/ imircigh, ceantair faoi mhí-bhuntáiste socheacnamaíoch, daoine faoi mhíchumas agus baill den Phobal LADTI+ agus de Phobal an Lucht Siúil.

Tugadh an méid seo a leanas faoi deara i suirbhé a rinneadh ar intéirnigh i mí Iúil:

- shíl 93% go raibh tuiscint níos fearr acu ar An Garda Síochána.
- mholfadh 90% d'iarrthóirí amach anseo an intéirneacht a dhéanamh.
- mholfadh 91.5% An Garda Síochána mar áit oibre iontach. Reáchtáladh searmanas bronnta na ngradam don chlár tionscnaimh seo i mí Dheireadh Fómhair.

**Fóram Náisiúnta Éagsúlacht an Gharda Síochána**

In 2022, cuireadh tús le hathbhreithniú ar éifeachtach Fhóram Náisiúnta Éagsúlachta an Gharda Síochána de bhrí go raibh deireadh tagtha le Straitéis um Ilchineálacht agus Imeascadh 2019-2021.

Tá aitheantas tugtha do luach an fhóraim seo, tá téarmaí tagartha nua forbartha mar chuid den chéad Phlean um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú eile.

**Seaimpíní/Oiliúint Chearta an Duine**

In 2022, chríochnaigh dhá ghrúpa eile de Sheaimpíní Chearta an Duine an cúrsa dar teideal Póilíneacht agus Dlí Chearta an Duine.



**Go dtí seo, bhí deis ag breis is 2,000 pearsanra de chuid an Gharda Síochána** of all ag gach grád agus céim, an oiliúint seo a dhéanamh,

agus beidh deis ag 1,000 eile tabhairt faoin oiliúint seo in 2023.

Is féidir le Seaimpíní Chearta an Duine cur leis an méid atá ar eolas acu faoi chur chuige bunaithe ar chearta an duine maidir le póilíneacht trí thacar seisiún foghlama maidir le hábhair cosúil le néara-éagsúlacht, claonadh neamh-chomhfhiosach, feasacht meabhairshláinte agus idirghabháil i dtaca le féinmharú a dhéanamh.

I rith 2022, d'oibrigh Rannóg Chearta an Duine i ndlúthpháirt le hAonad Cumarsáide an Gharda Síochána maidir le húsáid a bhaint as straitéisí cumarsáide inmheánacha agus seachtracha chun infheictheacht ghníomhaíochtaí chearta an duine a chur chun cinn.

Is gníomhaíocht straitéise rollach é an tAthbhreithniú ar Bhreithiúnais Bhaile agus ECHR a bhfuil tionchar aici ar chearta an duine. Sa chomhthéacs seo, d'fhoilsigh an Rannóg Chearta an Duine tuarascáil mhionsonraithe ar thairseach an Gharda Síochána maidir le cásanna ábhartha idir Aibreán 2020 agus Meitheamh 2021.

**An Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine (SHRAC)**

Bhuail an SHRAC, faoi chathaoirleacht an Choimisinéara, le chéile ceithre huaire in 2022. Is iad seo a leanas téarmaí tagartha SHRAC:

- Comhairle a thabhairt maidir leis an straitéis ghinearálta chun comhlíonadh leis na caighdeán chearta an duine a bhfuil cur síos déanta orthu i gCreat Chearta an Duine a leabú agus a chinntiú i ngach gné den obair atá á déanamh ag An Garda Síochána.
- Meastóireacht a dhéanamh ar conas atá ag éirigh le An Garda Síochána na caighdeáin chearta an duine a bhfuil cur síos déanta orthu i gCreat Chearta an Duine a chomhlíonadh agus moltaí oiriúnacha a dhéanamh maidir le bealaí chun comhlíonadh a neartú.
- Meastóireacht a dhéanamh ar sheachadadh agus moltaí a dhéanamh maidir le hoiliúint chearta an duine in An Garda Síochána.
- Tuairisciú gach bliain maidir leis an obair a chuir an Coiste i gcrích an bhliain roimhe sin. Foilsíonn an SHRAC tuarascáil bhliantúil atá ar fáil ar www.garda.ie.



**Straitéis Chearta an Duine 2022-2024**

Seoladh an Straitéis Chearta an Duine i mí Bealtaine. Sa Straitéis seo dírítear ar an bpróiseas a bhaineann le feasacht níos fearr ar chearta an duine a leabú i ngach gné den obair atá á déanamh ag An Garda Síochána.

Tá príomhról tacaíochta ag an Rannóg Acmhainní Daonna i ndáil le seachadadh na gcuspóirí atá sonraithe sa straitéis agus a chur chun feidhme.

Forbraíodh an straitéis i ndiaidh próiseas comhairliúcháin ghinearálta a reáchtáil leis na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha seo a leanas:

**Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na mBanphóilíní (IAWP) 20222**

D'fhreastail breis is 200 toscaire as seirbhísí póilíneachta as 60 tír ar Chruinniú Boird Chumann Idirnáisiúnta na mBanphóilíní agus ar an gComhdháil Oiliúna Réigiúnach i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Márta, eagraithe ag An Garda Síochána mar chuid de chomóradh céad bliain na heagraíochta.

I rith na comhdhála, díríodh ar eolas agus scileanna a fheabhsú, agus ba é an aidhm uileghabhálach a bhí ann fóram a sholáthar a éascaíonn plé oscailte maidir leis na dúshláin agus dea-chleachtais a bhaineann le mná atá i mbun póilíneachta.

## BIÚRÓ ATHSTIÚRTHA ÓIGE AN GHARDA SÍOCHÁNA **(GYDB)**

**An tAonad Monatóireachta**

Rinne Aonad Monatóireachta GYDB athbhreithniú ar roinnt doiciméad treorach in 2022.

Áiríodh ina measc tuarascálacha agus grafaicí eolais feabhsaithe do Ghardaí a bhí i mbun imscrúdaithe agus riarthóirí an Chreata Feidhmíochta agus Cuntasachta (PAF) a bhí ag obair ar an bpróiseas cruthaithe atreoraithe óige agus treoir d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige (JLOnna) maidir le Tuarascálacha PTF JLO a rith. Chomh maith leis sin, lean an t-aonad ar aghaidh lena rannpháirtíocht le hIonad Seirbhísí Faisnéise an Gharda Síochána agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas atreoraithe óige chun dea-rialachas agus maoirseacht a chinntiú.

Cuireadh tuarascálacha míosúla ar fáil do gach Réigiún de chuid an Gharda Síochána inar tarraingíodh aird ar an líon atreoruithe óige a measadh nach raibh oiriúnach don chlár agus a d'éiligh gníomhaíocht nó dul chun cinn ag leibhéal ceantair nó rannáin. Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird sna tuarascálacha seo ar chomhaid a bhí gan réiteach agus ar stádas seachadta rabhadh a tugadh do leanaí atreoraithe chuig an gClár Athstiúrtha.

Ina theannta sin, leanadh ar aghaidh le tuarascálacha ráithiúla a eisiúint do Choimisinéirí Cúnta Réigiúnacha, inar tarraingíodh aird ar an líon teagmhas nár mhór díriú orthu, agus ina raibh sonraí le fáil maidir leis an meánlíon laethanta ó rinneadh athstiúradh ag Biúró Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána agus eolas maidir le treochtaí i réigiúin shonracha.




**Aoischárta Náisiúnta**

Is í an Aoischárta Náisiúnta an fhianaise aoise is fearr le miondíoltóirí alcóil in Éirinn. In 2022, mhéadaigh na hiarratais a fuarthas go dtí 44,981.

**An Coiste Monatóireachta**

Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2021 an choiste a ceapadh chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chláir Athstiúrtha faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, mar a cheanglaítear faoi Alt 44 d'Acht na Leanaí, 2001.



**Oiliúint**

Reáchtáladh roinnt clár oiliúna in 2022. Ina measc bhí Oiliúint Eadrána agus Ceartais Aisiríoch a bhí dírithe ar JLOnna a ceapadh le déanaí. Chomh maith leis sin, mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil, d'fhreastail Sáirsintí a fuair ardú céime le déanaí ar fhaisnéisiú maidir leis an gClár Athstiúrtha agus a ról mar mhaoirseoirí.

**Garchabhair Mheabhairshláinte Óige (YMHFA)**

Ag leibhéal náisiúnta, lean JLOnna ar aghaidh ag tuairisciú fadhbanna meabhairshláinte i measc daoine óga. Mar fhreagairt don ghéarchéim seo, i rith 2022, thacaigh GYDB le rolladh amach Clár Garchabhrach Meabhairshláinte Óige dhá lá nua a bhí dírithe ar JLOnna agus Gardaí Póilíneachta Pobail túslíne.

Tá an clár Meabhairshláinte Garchabhrach Óige deartha d'aosaigh atá ina gcónaí le, a oibríonn le nó a thacaíonn le daoine óga atá idir 12 agus 18 mbliana d'aois. Trí úsáid a bhaint as plean gníomhaíochta praiticiúil atá bunaithe ar fhianaise, foghlaimíonn rannpháirtithe conas cabhrú le duine óg a d'fhéadfadh a bheith ag déileáil le fadhb mheabhairshláinte nó géarchéim mheabhairshláinte, go dtí go bhfaightear cabhair ghairmiúil nó go réitítear an ghéarchéim.

Tá ceathrar Gardaí oilte agus creidiúnaithe mar Theagascóirí i nGarchabhair Mheabhairshláinte Óige ag foireann ó Ospidéal Eoin Dé, Baile Átha Cliath agus tá deich gcúrsa curtha ar fáil go dtí seo, agus tá sé beartaithe tuilleadh cúrsaí a reáchtáil in 2023

### Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óig

Is príomhpháirtí leasmhar é An Garda Síochána i Straitéis um Cheartas i leith an Aosa Óige 2021–2027, a seoladh in Aibreán 2021. Tá ionadaíocht ag An Ghrúpa Maoirseachta um Cheartas i leith an Aosa Óig (YJOG) agus tá ionadaíocht ar An Garda Síochána ar an nGrúpa Straitéise agus Rialachais á déanamh ag an gCoimisinéir Cúnta, Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA AN GHARDA SÍOCHÁNA UM PÓILÍNIÚ BÓITHRE (GNRPB)

**FATALITIES SUMMARY 2022**

| IN 2022 | MHÉADAIGH AN LÍON FORIOMLÁN BÁSANNA | TÁ MÉADÚ TAGTHA AR LÍON NA MBÁSANNA FORIOMLÁNA I MEASC. | GCORCAIGH (14), BAILE ÁTHA CLIATH (13) AGUS LUIMNEACH (13) | SAMHAIN |
|---|---|---|---|---|
| Tharla 1**56 bás mar thoradh ar 150 imbhualadh marfach**. Ba é sin an líon is airde básanna ó 2016 | Méadú **14%** ar bhásanna i gcomparáid le 2021 - **19 níos mó básanna agus 26 níos mó imbhualadh marfach.** | Méaduithe ar bhásanna paisinéirí (+4) coisithe (+23) gluaisrothaithe (+1) tiománaithe scútar leictreach (+1).<br><br>**Laghdú ar bhásanna tiománaithe (-10).** | Tharla níos mó ná aon bhás as gach ceithre bhás **i gCorcaigh (14), Baile Átha Cliath (13) agus Luimneach (13).** | **Tharla an líon is mó básanna i mí na Samhna (17).** |



**Cineál Úsáideoir Bóithre:**

Tarraingíodh aird ar na sonraí seo a leanas i bpróifíl básanna na n-úsáideoirí bóithre:

- Mhéadaigh líon na gcoisithe a fuair bás níos mó ná dhá oiread i mbliana, ainneoin go raibh figiúirí na bliana seo cothrom leis na figiúirí ab ísle riamh.
- Tugadh méaduithe bliain ar bhliain faoi deara idir 2018-2022 ar bhásanna gluaisrothaithe.
- Bhí baint ag beagnach leath (47%) de na básanna le húsáideoirí bóithre leochaileacha i gcomparáid le 35% in 2021.
- Maidir leis na básanna, tharla 27% ar bhóithre uirbeacha agus tharla 73% ar bhóithre tuaithe in 2022. In 2021, tharla 21% ar bhóithre uirbeacha agus 79% ar bhóithre tuaithe*.

## AN CINEÁL ÚSÁIDEOIR BÓITHRE




## BÁSANNA DE RÉIR AN AOISGHRÚPA




**Tabhair faoi deara: Is sonraí sealadacha iad na sonraí a luaite le 2021 agus 2022 agus tá siad faoi réir athraithe. Tá luasteorainn 60 km/u nó níos lú ar bhóthar uirbeach, agus tá luasteorainn de 80 km/u nó níos mó ar bhóthar tuaithe.*

Ainneoin gur tugadh méadú 14% faoi deara ar an líon básanna in 2022, taifeadadh laghdú de 19 sna básanna a bhain le gach aoisghrúpa idir 16-55. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le haoisghrúpaí os cionn 55, taifeadadh méadú de 38 bás san aoisghrúpa seo.

Dhúbail an líon básanna d'úsáideoirí bóithre go dtí breis is 55 i mbliana i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

Nuair a chuirtear an t-aoisghrúpa agus an t-úsáideoirí bóithre san áireamh, baineann an méadú is mó le coisithe atá 75 bliain d'aois agus níos sine. Taifeadadh 15 bhás coisithe san aoisghrúpa seo anuraidh i gcomparáid le 1 bhás in 2021.

## PRÍOMHSHONRAÍ FORFHEIDHMITHE I RITH 2022 I GCOIBHNEAS LE LÍON FEITHICLÍ

### Cionta Tarrthálaí 2022

Ainneoin gur laghdaigh na leibhéil forfheidhmithe a bhain le cionta tarrthálaí i gcomparáid leis an mbliain seo caite(-10%), tá na leibhéil fós níos airde ná leibhéil 2019, roimh Covid (+6%).

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | Change 21/22(%) | Change 19/22(%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cionta Tarrthálaí* | 185,721 | 222,623 | 218,763 | 197,440 | -10% | 6% |

### Líon Feithiclí V Cionta Tarrthálaí

Tá an líon feithiclí fanta réasúnta seasta ón dara leath de 2021. Ach, tá an líon brath tarrthálaí ag laghdú go leanúnach ó Mhárta 2021.




** Is éard atá i gceist le cionta tarrthálaí meascán de bhrath a bhaineann le luas, teileafóin phóca agus criosanna sábhála, mar aon le gabhálacha a bhain le tiomáint faoi thionchar an óil.*

*** Tá an líon feithiclí míosúla bunaithe ar na sonraí ar fad atá ar fáil agus baineann siad le gach cineál feithicle. Tá Figiúirí le haghaidh Ráithe 4 2022 bunaithe ar mheastacháin. Figiúirí curtha ar fáil ag Bonneagar Iompair Éireann.*



## GNÍOMHAÍOCHT FEASACHTA POIBLÍ

Reáchtáil An Garda Síochána agus An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) roinnt feachtas lena n-áirítear;

- Laethanta Náisiúnta Moillithe i Márta, Meitheamh agus Nollaig
- Achomhairc sábháilteachta ar bhóithre do gach deireadh seachtaine Saoire Bhainc
- Feachtas sábháilteachta ar bhóithre na Nollag agus na hAthbhliana
- Searmanas Bronnta Shirriam na gCriosanna Sábhála - Sábháilteacht suíochán cairr leanaí
- Lá 'Fág an Bealach'/Oibríocht Enable
- Sábháilteacht bonn
- Seimineár 'Tiomáint mar Ghairm Bheatha'
- Cuir solas ar do rothar
- Sábháilteacht gluaisrothar
- Sábháilteacht coisithe
- Sábháilteacht rothaithe

**Crimecall**

In 2022, díríodh ar ábhar cosúil le tuirse tiománaithe, comhairle maidir le sábháilteacht bonn, comhairle maidir le trasbhealach iarnróid, tiomáint faoi thionchar an óil, sábháilteacht coisithe agus sábháilteacht gluaisrothaithe.

## SAMPLAÍ D'OIBRÍOCHTAÍ BREISE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**Feachtas Moillithe**

I ndiaidh an fheachtais a sheoladh i mí an Mheithimh, thacaigh roinnt tionchairí ó saol spóirt, ó na meáin, ón saol cultúrtha, ón saol ceol agus ó earnálacha poiblí eile leis trí theachtaireachtaí sábháilteacht ar bhóithre a phostáil ar a n-ardáin meán sóisialta agus a dteaghlaigh féin agus a bpobail féin a spreagadh chun "moilliú" agus a n-iompraíocht tiomána a athrú. Scaipeadh eolas maidir leis an bhfeachtas le breis is 8 milliún duine trí na cainéil meán sóisialta.

**Oibríochtaí GoSafe**

| 37,044,395 | 99.63%. | 1.6 Feithicil | An líon brath is airde: |
|---|---|---|---|
| An líon iomlán uaireanta feithicil measta i criosanna ceamaraí sábháilteachta | Rátaí comhlíonta laistigh de criosanna ceamaraí sábháilteachta | Brath in aghaidh na huaire criosanna ceamaraí sábháilteachta | crios 120 221 km/u<br>crios 100 248 km/u<br>crios 80 198 km/u<br>crios 60 183 km/u<br>crios 50 182 km/u |

## TEICNEOLAÍOCHT

In 2022, tosaíodh ag baint úsáid as feiste tástála drugaí nua, Securetec Drug Wipe 6S. Is píosa neamhspleách de threalamh tástála drugaí é an feiste seo a bhfuil neart buntáistí ag baint leis lena n-áirítear go bhfuil sé níos soghluaiste, níos éasca le húsáid agus gur féidir é a úsáid chun tástálacha a dhéanamh le haghaidh níos mó substaintí. Trí úsáid a bhaint as an bhfeiste tá acmhainn na nAonad Póilínithe Bóithre feabhsaithe rud a chiallaíonn go bhfuil ár mbóithre níos sábháilte.

# SEIRBHÍSÍ TRASEAGRAÍOCHTA

| 14,133 | 3,332 | 375 |
| --- | --- | --- |
| BALL | FOIREANN AN GHARDA SÍOCHÁNA (COIBHÉIS LÁNAIMSEARTHA) | GARDA CÚLTACA |

RESERVES

Leibhéal Foirne amhail ag an 31 Nollaig 2022

reis is **1.9 MILLIÚN** leantóir ar na meáin shóisialta – méadú 8%

**Breis is 10,000 feiste móibíleach úsáidte faoi dheireadh 2022**

**Éide nua ar fáil i mí Lúnasa**

Breis is **1,400** Pearsanra an Gharda Síochána cláraithe le haghaidh 'Fáinne' na heagraíochta

TÁ IARRATAS DÉANTA AG 39% D'INTÉIRNIGH CHUN A BHEITH INA MBAILL DE AN AN GARDA SÍOCHÁNA

**559,000 teagmhas cruthaithe ar PULSE ag GISC**

**BREIS IS 549,000** iarratas grinnfhiosrúcháin próiseáilte, méadú de 27%

**3,312** 3,312 an flit is airde a bhí ag an eagraíocht riamh

## PRÍOMHÉACHTAÍ A BHAINEANN LE SEIRBHÍS PHÓILÍNEACHTA DÁR DTODHCHAÍ A SHOLÁTHAR (APSFOF)

**Cearta an Duine**

Lean An Garda Síochána le cur chuige bunaithe ar chearta an duine maidir le póilíneacht a leabú agus ceapadh breis is 2,000 de phearsanra an Gharda Síochána mar Sheaimpíní Chearta an Duine.

**Cultúr agus Eitic**

Rinneadh an dara Iniúchadh Cultúrtha ar An Garda Síochána i Ráithe 1 agus Ráithe 2 2022. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i Ráithe 3 2022. Bhailigh fócasghrúpaí réigiúnacha sonraí cáilíochtúla i Ráithe 4 2022.

I mí Aibreáin, seoladh an modúl ríomhfhoghlama 'Cód Eitice' ar an gCóras Bainistíochta Foghlama (LMS).

**Córas Faisnéise Schengen (SIS)**

Tá tuilleadh sonraí maidir le SIS le fáil sa rannóg dar teideal 'Slándáil agus Faisnéis Náisiúnta'.

**Seachadadh Ríomhchuidithe (CAD))**

D'ullmhaigh foireann Thionscadal CAD 2 an córas nua, GardaSAFE, a raibh sé beartaithe é a sheoladh ag tús 2023.

Forbraíodh pacáistí dianoiliúna do fhreagóirí glaonna agus riarthóirí, agus do gach ball den Gharda Síochána.

Reáchtáladh tionscadal píolótach den nós imeachta aistrithe glaonna nua in ocht Rannán, agus tá sé beartaithe an tionscadal seo a rolladh amach ag leibhéal náisiúnta.

**Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS)**

Leanadh le RDMS a rolladh amach agus tá breis is 14 Rannán de chuid an Gharda Síochána agus breis is 8,000 Garda ag úsáid an chórais anois.

**Clár intéirneachta an Gharda Síochána**

As measc an 28 intéirneach a thug faoi chlár 2021-2022, tá iarratas déanta ag 39% a bheith ina mbaill de An Garda Síochána.

I mí na Nollag 2022, gearrliostaíodh an intéirneacht do ghradam na hInstitiúide Cairte um Fhorbairt Pearsanra (CIPD) sa Chatagóir Ionchuimsithe agus Éagsúlachta.

**Córas Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS)**

Tá IMS á rith in ocht Rannán anois, tá an córas in úsáid sa Mhí agus san Iarmhí ó 2022.

**Soghluaisteacht**

Go dtí seo, tá breis is 11,000 feiste móibíleach imlonnaithe.

Eisíodh breis is 160,000 Fógra Muirir Sheasta (FCNanna) in 2022.

Cuireadh Aip Chuardaigh Duine PULSE iomlán ar fáil do 10 Rannán i mí na Samhna 2022. Cuireadh an Aip Microsoft Teams ar fáil do gach úsáideoir feiste móibíleach.

Cuireadh an tSraith Físeáin Nuálaíochta ar fáil ar LMS an Gharda Síochána..

**Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde an Gharda Síochána (GOHW)**

In 2022, reáchtáil GNWO ceithre chúrsa oiliúna phíolótacha a bhí dírithe ar Gharchabhair Mheabhairshláinte (MHFA). Lena chois sin, cuireadh cúig chlár oiliúna MHFA a bhí á maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar fáil do phearsanra.

Rinneadh athbhreithniú ar chur chun feidhme na nósanna imeachta maoirseachta agus tacaíochtaí síceolaíocha do phearsanra atá i mbun ról agus ag obair in aonaid a bhfuiltear ag déileáil le guaiseacha síceolaíocha suntasacha iontu.

**Cibearchoireacht**

Cuireadh dlús leis na hoibríochtaí nuair a leithdháileadh baill foirne breise agus chabhraigh sé sin le méadú 50% a thaifeadadh ar an líon cásanna ar cuireadh clabhsúr leo i gcomparáid le 2021

**Éide an Gharda Síochána**

Cuireadh éide nua an Gharda Síochána ar fáil i mí Lúnasa.

Bronnadh an gradam Thionscadal Bainistíochta Saoráidí na Bliana – An Earnáil Phoiblí ar an tionscadal ag Gradaim Bainistíochta Saoráidí 2022, agus gearrliostaíodh an tionscadal don ghradam do Thionscadal Soláthar Déantúsaíochta a Bliana, Tionscadal Soláthair Leathstáit nó Rialtais na Bliana ag Gradam Soláthar Náisiúnta 2021.



## AN TSAMHAIL OIBRIÚCHÁIN

**Nuashonruithe Suntasacha maidir le hOibríochtaí/Gníomhaíochtaí in 2022**

Bhí cur chun feidhme na Samhla Oibriúcháin mar bhonn le dlús suntasach a bheith á chur leis an obair in 2022 agus leanadh ar aghaidh freisin leis an aistriú céimnithe ó 28 go dtí 19 Rannán.

Tá sé Rannán - Cathair Chorcaigh, Gaillimh, Ciarraí, Luimneach, Maigh Eo/Ros Comáin/An Longfort agus Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Láir - anois ag feidhmiú mar chuid de struchtúr an réimse feidhme (Rannpháirtíocht sa Phobal, Coireacht, Dearbhú Feidhmíochta agus Seirbhísí Gnó).

Ba é Rannán Mhaigh Eo/Ros Comáin/an Longfoirt an chéad rannán a chónasc go foirmiúil.

Tá breis is 30% den phearsanra Rannáin in An Garda Síochána sannta do réimse feidhme anois.

Chun tacú leis na athrú seo, cuireadh eisiúint 7.8 de PULSE ar fáil sna Rannáin seo. Aistríodh breis is 18 milliún taifead reatha agus stairiúil ar PULSE mar chuid den obair seo, rud a chiallaíonn go bhfuil luach réimse feidhme luaite le gach teagmhas.

Go dtí seo, tá tús curtha ag nó tá Seirbhísí Gnó Réimse Feidhme tosaithe nó curtha chun feidhme go hiomlán ag 17 as an 19 Rannán. Chuir Rannán Phort Láirge/Chill Chainnigh/Cheatharlach an ghné deiridh de na Seirbhísí Gnó (Riarachán Ginearálta) i bhfeidhm i mí na Samhna.

Gné lárnach den tSamhail Oibriúcháin é na bealaí oibre san eagraíocht trí chéile a chaighdeánú. Tá tús curtha ag Sé Rannán le próisis a bhaineann le dearbhú feidhmíochta caighdeánaithe réimse feidhme a chur chun feidhme.

## BIÚRÓ EITICE AGUS CULTÚIR AN GHARDA SÍOCHÁNA (GECB)

Ag deireadh na bliana, bhí Dearbhú an Chóid Eitice sínithe ag 96.7% den phearsanra. Tá GECB ag leanúint ar aghaidh ag moladh do dhaoine clárú trí fheachtais chumarsáide agus mar chuid de phróisis grinnfhiosraithe ardaithe céime agus comórtais inmheánaigh.

Reáchtáil Scoil Ghnó Ollscoil Durham an dara Iniúchadh Cultúrtha ar an eagraíocht i Ráithe 1 i mbliana. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Iniúchadh Cultúir agus páirteach ann bhí ionadaithe ó chumainn phearsanra agus ceardchumainn an Gharda Síochána agus, den chéad uair, ionadaithe ónár gcomhlachtaí maoirseachta.

D'fhreagair 34% an tIniúchadh Cultúir, ráta freagartha atá níos airde na an meán le haghaidh suirbhéanna dá leithéid. Foilsíodh na torthaí i mí Mheán Fómhair 2022 agus san áireamh sna príomhthátail bhí:

- Leibhéil arda bróid agus tiomantais san eagraíocht
- Ailíniú láidir idir luachanna pearsanta agus luachanna an Chóid Eitice.
- Méadú ar na leibhéil iontaoibhe san fhoireann cheannaireachta shinsearach ó rinneadh iniúchadh 2018.

Aithníodh go bhfuil obair fós le déanamh chun an tacaíocht agus na huirlisí a theastaíonn ón bpearsanra chun a chuid oibre a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil a chur ar fáil dóibh, d'fhonn a chinntiú gur dóigh le daoine go bhfuiltear ag caitheamh go cothrom leo agus go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh ina dtimpeallacht oibre ina bhfuil neart dúshlán le sárú agus neart brú le déileáil leis.

Reáchtáladh fócasghrúpaí ar fud na tíre ó Ráithe 4 2022 agus leanfar leis an obair seo i Ráithe 1 2023 ar mhaithe le bonn eolais a chur ar fáil do phlean feidhmithe a mbeidh sé mar aidhm leis déileáil leis na tátail.

Rinne GECB athbhreithniú ar bheartas Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána in 2022 agus tá bonn níos láidre curtha faoi seo d'fhonn a chinntiú go bhfuil ról lárnach ag cearta an duine i ngach cinneadh a dhéanamh an pearsanra san eagraíocht ar fad.

## OIFIG IDIRCHAIDRIMH AN ÚDARÁIS PÓILÍNEACHTA

I rith 2022, lean PALO ag obair leis an Údarás Póilíneachta. San áireamh san obair seo bhí cruinnithe míosúla an Údaráis Póilíneachta leis an gCoimisinéir agus cruinnithe le Foireann Cheannaireachta Shinsearach an Gharda Síochána. Chomh

maith leis sin, chomhordaigh an Oifig forbairt agus foilsiú Thuarascáil Mhíosúil an Choimisinéara don Údarás Póilíneachta.

D'éascaigh an Oifig ullmhúchán a dhéanamh d'ocht gcruinniú de chuid Choiste um Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta an Údaráis Póilíneachta agus ceithre chruinniú de chuid Choiste um Fhorbairt Eagraíochta an Gharda Síochána.

Chomh maith leis sin, eagraíodh idirchaidreamh mar chuid den obair ullmhúcháin do 11 chruinniú an Údaráis Póilíneachta leis an gCoimisinéir, agus reáchtáladh ceann de na cruinnithe sin go poiblí.

D'eagraigh PALO breis is 40 cruinniú eile idir an tÚdarás Póilíneachta agus rannóga speisialta eile ar fud an Gharda Síochána. Lena chois sin, phróiseáil an Oifig iarratais éagsúla ón Údarás Póilíneachta lena n-áirítear 45 iarratas a bhain le Clár Gníomhaíochta an Gharda Síochána.

## CÓRAS RIALUITHE INMHEÁNACHA

Tá córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach bunaithe ag An Garda Síochána. San áireamh sa fhreagracht seo tá ceanglais fhorálacha ábhartha am Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus páirteach san obair seo bhí an fhoireann bhainistíochta shinsearach in An Garda Síochána atá freagrach as forbairt agus cothabháil ár rialuithe inmheánacha.

Sa chomhthéacs seo, déanann An Garda Síochána athbhreithniú leanúnach ar ár gcóras rialaithe inmheánaigh, ag eascairt as maolaithe/oiriúnaithe athbhreithnithe ó cheanglais an Chóid atá ábhartha d'eagraíocht an Gharda Síochána, comhaontaithe leis an Roinn Dlí agus Cirt.

Ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh laistigh de An Garda Síochána a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

**An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a Chomhlíonadh**

De réir maolaithe ar/oiriúnuithe an Chóid Chleachtais d'eagraíocht an Gharda Síochána, in 2022 lean An Garda Síochána ar aghaidh leis an obair a bhain le rannóga infheidhme an Chóid Chleachtais a chomhlíonadh.

Tá forléargas ar an tslí ar éirigh le An Garda Síochána na ceanglais tuairiscithe comhaontaithe a chomhlíonadh in 2022, le fáil thíos:

| # | Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú<br>Rannóg | Ceanglais Roinne á gComhlíonadh ag AGS<br>Comhlíonadh Iomlán | Ceanglais Roinne á gComhlíonadh ag AGS<br>Comhlíonadh i bPáirt |
|---|---|---|---|
| 1. | Ról an Bhoird | 12 | - |
| 2. | Ról an Chathaoirligh | 1 | - |
| 3. | Ról Bhaill an Bhoird | 1 | - |
| 4. | Éifeachtacht an Bhoird | - | - |
| 5. | Cóid Iompair, Eitic in Oifigí Poiblí, Nochtadh Leasanna Breise á Nochtadh ag Baill Boird agus Nochtuithe Cosanta | 7 | - |
| 6. | Tuairisciú Gnó agus Airgeadais | 5 | 1 |
| 7. | Bainistíocht Riosca, Rialú Inmheánach, Iniúchadh Inmheánach agus Coistí Iniúchta agus Riosca | 36 | 3 |
| 8. | Caidreamh leis an Oireachtas, Aire agus Máthair-Roinn | 17 | 7 |
| 9. | Luach Saothair agus Aoisliúntas | 3 | - |
| 10. | Seirbhís Ardcháilíochta do Chustaiméirí | 4 | - |

Chomh fada is a bhaineann le nithe a bhfuil comhlíonadh i bpáirt luaite leo, táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair a bhaineann le comhlíonadh sna réimsí sin a bhainistiú. San áireamh sna samplaí den obair den chineál sin atá á déanamh tá acmhainn an Gharda Síochána a fhorbairt chun comhlíonadh a mhéadú trí fheidhmeanna nua a bhunú/feidhmeanna atá bunaithe cheana féin a fhorbairt e.g. Córais TFC nua agus baill foirne a bhfuil saineolas acu a cheapadh.

De réir na gceanglas agus na nochtuithe maidir le tuairisciú airgeadais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cuireann An Garda Síochána Tuarascáil Chuimsitheach ar fáil don Aire Dlí agus Cirt ina sonraítear dearbhú maidir leis an gCód Cleachtais agus nithe eile a bheith á gcomhlíonadh ag eagraíocht an Gharda Síochána.

**An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais**

Tá timpeallacht rialaithe a mbaineann na gnéithe seo a leanas léi bunaithe:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe chun comhairle a chur ar an gCoimisinéir maidir le freagrachtaí i ndáil leis an gcóras de rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

**Soláthar**

Tá nósanna imeachta bunaithe ag An Garda Síochána d'fhonn a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh agus i rith na bliana, thiomsaigh An Garda Síochána na treoirlínte seo, ach amháin i 57 cás (sa bhreis ar €25,000) a raibh suim de €10,816,917 (gan CBL) luaite leo mar atá sonraithe thíos:

- 18 gcás lenar bhain luach de €3,793,864 le haghaidh seirbhísí tarraingthe gan soláthar iomaíoch. Rinneadh tairiscint maidir leis an tseirbhís seo ina dhiaidh sin, agus tá roinnt conarthaí bunaithe agus tá roinnt conarthaí fós á bhforbairt.
- Dhá chás lenar bhain luach €4,045,511 le haghaidh seirbhísí aistriúcháin gan soláthar iomaíoch. Rinneadh tairiscint don tseirbhís seo ina dhiaidh sin agus tá conradh bunaithe anois.
- Naoi gcás lenar bhain luach de €613,292 le haghaidh seirbhísí leighis. Rinneadh tairiscint le haghaidh cuid den tseirbhís seo ina dhiaidh sin.
- 15 chás lenar bhain luach de €1,014,800 le haghaidh trealaimh nach raibh aon chonradh bunaithe lena n-aghaidh.
- Bhain na 13 chás eile, a raibh luach de €1,349,450 luaite leo, le ceannacháin éagsúla nach raibh soláthar iomaíoch luaite leo.

Chuir An Garda Síochána sonraí ar fáil maidir le 111 cás de sholáthar neamhiomaíoch i dtuairisceán bliantúil Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Rialuithe Inmheánacha agus Tuairisciú Bainistíochta**

Tá creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta bunaithe, lena n-áirítear roinnt dualgas agus córas de tharmligean agus cuntasacht, chun an méid seo a leanas go háirithe a chinntiú:

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a bhfuil an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach i mbun athbhreithniú a dhéanamh air.
- Tá athbhreithnithe míosúla á ndéanamh ag an bhfoireann bhainistíochta shinsearach, tá tuarascálacha tréimhsiúil agus bliantúla á gcur ar fáil ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca agus Clár Riosca Chorparáidigh in úsáid laistigh de An Garda Síochána.
- Tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil agus disciplíní bainistíochta foirmiúla bunaithe in úsáid.

**Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh agus Coiste Iniúchta agus Riosca an Gharda Síochána**

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag An Garda Síochána, Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh an Gharda Síochána (GIAS), atá ag feidhmiú de réir chairt scríofa cheadaithe agus tá pearsanra atá oilte go cuí freagrach aisti. Tá bonn reachtach le GIAS faoi Acht an Gharda Síochána, 2005.

Cuireann GIAS comhairle ar an gCoimisinéir maidir leis na rialuithe airgeadais agus maoine atá i bhfeidhm laistigh d'eagraíocht an Gharda Síochána. Déantar é sin trí iniúchtaí téamacha ina gcuimsítear saincheisteanna as ar fud na heagraíochta, trí iniúchtaí tréimhsiúla agus córasacha a dhéanamh bunaithe ar nósanna imeachta iniúchta, agus trí



**Pearsanra an Gharda Síochána ag freastal ar an Modúl maidir le Ceannaireacht Straitéiseach i gColáiste an Gharda Síochána**

athbhreithnithe luach ar airgead a dhéánamh laistigh de An Garda Síochána thar ceann an Choimisinéara.

Tá obair GIAS bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais atá le cur san áireamh ag An Garda Síochána agus tá a phleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, ceadaithe ag an gCoimisinéir, bunaithe ar an anailís seo. Is é an aidhm atá leis na pleananna seo na príomhrialuithe a chur san áireamh ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann an Coimisinéir agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, agus tá nósanna imeachta bunaithe d'fhonn a chinntiú go ndéantar obair leantach bunaithe ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Bunaíodh an Coiste Iniúchta agus Riosca faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, chun maoirseacht neamhspleách agus oibiachtúil a dhéanamh ar chóras rialaithe inmheánaigh an Gharda Síochána, agus chun meastóireacht a dhéanamh ar na socruithe gaolmhara maidir le bainistíocht riosca atá bunaithe.

Mar chuid de na hathbhreithnithe córasacha leanúnacha ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta laistigh de An Garda Síochána, áirítear i ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar agus comhairle a thabhairt maidir le nithe a bhaineann le hoibriú agus forbairt na feidhme iniúchta inmheánaí agus tuairisciú don Choimisinéir maidir le hoibriú agus forbairt na feidhme sin. Buaileann an Coiste le chéile gach ráithe agus ullmhaíonn sé tuarascáil bhliantúil de réir a chuid oibleagáidí faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, ar leasú ag Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015.

**An Timpeallacht Riosca agus Rialaithe**

Tá próiseas bainistíochta riosca foirmiúil bunaithe ag An Garda Síochána a sholáthraíonn cur chuige struchtúrtha maidir le bainistíocht riosca agus a leagan béim ar rialachas, cuntasacht agus trédhearcacht.

Tá Líonra Seaimpíní Riosca bunaithe in eagraíocht an Gharda Síochána chun cabhrú leis an bhfeidhm bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm, a chomhordú, a bhainistiú agus tacú leis.

Déanann Aonad Bainistíochta Riosca an Gharda Síochána (GRMU) maoirseacht ar fheidhm bainistíochta riosca an Gharda Síochána agus Líonra na Seaimpíní Riosca. Soláthraíonn GRMU tacaíocht don eagraíocht ar fad i ndáil le cúrsaí cumarsáide, oiliúna, comhairle agus treorach a chur ar fáil do gach bainisteoir riosca laistigh de An Garda Síochána, agus is é an aidhm atá ann bainistíocht riosca a leabú go daingean i gcultúr na heagraíochta.

Soláthraíonn an GRMU tacaíocht riaracháin don Phríomhoifigeach Riosca agus don Bhord Rialachais Riosca agus

Beartais agus cuireann sé comhairle orthu freisin maidir le rioscaí corparáideacha nua agus rioscaí atá ag forbairt faoi láthair. Tá ról tábhachtach ag GRMU i ndáil lena chinntiú go bhfuil an beartas bainistíochta riosca á chomhlíonadh ag an eagraíocht trí chéile trí iniúchadh agus dearbhú cáilíochta.

Tá an Bord Rialachais Riosca agus Beartais faoi chathaoirleacht an Leas-Choimisinéara um Straitéis, Rialachas agus Feidhmíochta atá roghnaithe ag an gCoimisinéir mar Phríomhoifigeach Riosca an Gharda Síochána.

Is é an Bord grúpa comhairleach comhchoiteann na bpríomhbhainisteoirí sinsearacha a dhéanamh maoirseacht ar agus a sholáthraíonn treo straitéiseach maidir le bainistíocht riosca agus bainistíocht beartais in An Garda Síochána. Tá sé freagrach as a chinntiú go bhfuil rioscaí corparáideacha á mbainistiú agus á maolú go héifeachtach chun cur ar chumas an Gharda Síochána cuspóirí eagraíochtúla a chomhlíonadh de réir mar atá sonraithe i Ráitis Straitéise agus Pleananna Póilíneachta.

**Cód Caiteachais Phoiblí DPER**

Bunaithe ar na srianta suntasacha acmhainní laistigh d’Fheidhm Airgeadais an Gharda Síochána, cuireadh moill ar Phróiseas Dearbhaithe Cáilíochta 2022.

**Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach Airgeadais**

Tá aon laigí a sainaithníodh sna Rialuithe Inmheánacha Airgeadais a bhaineann le 2022, a cheanglaítear a nochtadh, sonraithe sa Chuntas Leithreasa.

## SEIRBHÍS INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH AN GHARDA SÍOCHÁNA (GIAS)

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag An Garda Síochána, Seirbhís Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána (GIAS), atá ag feidhmiú de réir cairt scríofa faofa. Nuashonraíodh an chairt seo in 2022 de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus Caighdeán Idirnáisiúnta Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha.

Is é misean GIAS luach eagraíochtúil a fheabhsú agus a chosaint trí dhearbhú, comhairle agus léargas rioscabhunaithe agus oibiachtúil a sholáthar. Baintear an misean seo amach trí dhearbhú neamhspléach agus seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil atá deartha chun luach a chur le agus oibríochtaí an Gharda Síochána a fheabhsú.

In 2022, chuir GIAS sceideal de rannpháirtíochtaí iniúchta rioscabhunaithe i gcrích. Ba é an aidhm a bhí leis na rannpháirtíochtaí seo measúnú neamhspleách a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais laistigh de An Garda Síochána. Trí na rannpháirtíochtaí seo, d’oibrigh GIAS le foireann bhainistíochta an Gharda Síochána chun feidhmíocht próisis a fheabhsú. I rith 2022, rinne GIAS obair leantach a bhain le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí feabhsaithe feidhmíochta comhaontaithe.

## AONAD BAINISTÍOCHTA RIOSCA AN GHARDA SÍOCHÁNA (GRMU)

In 2022, rinneadh athbhreithniú ar Líonra na Seaimpíní Riosca chun léargas a thabhairt ar na socruithe rialachais nua i Rannáin na Samhla Oibriúcháin.

Áirítear sa Chlár Rioscaí Corparáideacha na príomhrioscaí a mbeidh ar An Garda Síochána déileáil leo. In 2022, maolaíodh agus laghdaíodh roinnt príomhrioscaí. Bhain na rioscaí seo le seirbhísí póilíneachta a sholáthar a bhain leis an Aontas Eorpach a bheith á fhágáil ag an Ríocht Aontaithe (Brexit); paindéim COVID-19, agus acmhainn agus cumas Bhiúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána tabhairt faoi imscrúduithe cibearchoireachta agus riaráiste a bhain le scrúduithe fóiréinseacha a laghdú.

Bhí na rátaí comhlíonta a bhain le cláir rioscaí áitiúla ard i rith 2022, agus bhí an meánráta cothrom le 93%.

I rith 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach chun an creat bainistíochta riosca san eagraíocht a fheabhsú. Lean GRMU le moltaí ó athbhreithniú neamhspleách ar an gcreat bainistíochta riosca a rinne Mazars Ireland a chur chun feidhme. Go suntasach, forbraíodh Córas TF Bainistíochta Riosca, atá anois ag céim tógála an tionscadail.

In 2022, reáchtáil GRMU seimineár leathlae do phríomhphearsanra a raibh sé mar aidhm leis bainistíocht riosca a fheabhsú agus a leabú i réimsí Feidhme Dearbhaithe Feidhmíochta i Rannáin na Samhla Oibriúcháin. Chomh maith leis sin, d’eagraigh GRMU cúrsaí oiliúna agus seisiúin faisnéise do bhreis is 300 pearsanra.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  |  |  |   |  |
| Sáirsintí, Cigirí agus Cláir Forbartha don Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach | Seisiúin Faisnéise Tacaíochta don Fhoireann | Seimineáir Bainistíochta Riosca do Rannáin na Samhla Oibriúcháin | Ceardlanna maidir le Forbairt an Chláir Rioscaí | Cruinnithe Athbhreithnithe Míosúla le hÚinéirí / Baill Foirne Tacaíochta Riosca Chorparáidigh |

## BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Tá An Garda Síochána á mhaoiniú trí phróiseas meastachán bliantúil a chiallaíonn go bhfaomhann Dáil Éireann meastacháin maidir le fáltais agus caiteachas gach bliain, agus tugann sé éifeacht reachtúil do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil. Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá Coimisinéir an Gharda Síochána freagrach as Cuntas Leithreasa Bliantúil an Gharda Síochána, ina soláthraítear sonraí maidir leis an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid curtha ar fáil ag Dáil Éireann, bunaithe ar mhéideanna airgid thirim íocaíochtaí agus fáltas. Taispeántar toradh na bliana roimhe sin chun críche comparáide freisin.

Cuirtear an Cuntas Leithreasa bliantúil faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar nó roimh an 31 Márta gach bliain, a chuireann an cuntas, i dteannta leis an teastas ar an gcuntas, os comhair Dháil Éireann nuair a bhíonn an t-iniúchadh críochnaithe agus foilsítear an cuntas sin ar https://www.audit.gov.ie/en freisin.

Síníonn an Coimisinéir Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC), ina dtugtar aitheantas dá fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de thimpeallacht rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus ag feidhmiú laistigh d'eagraíocht an Gharda Síochána. Dírítear sa SIFC ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh laistigh de An Garda Síochána agus tugtar aird ar leith ar an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat de rialuithe riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus rialú inmheánach, ráiteas maidir le treoirlínte soláthair a bheith á gcomhlíonadh, agus deimhniú go bhfuil Coiste Iniúchta agus Riosca agus feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe.

Tá próiseas buiséid bunaithe chun tacú leis an gCoimisinéir lena fhreagracht as bainistíocht chuí, úsáid éifeachtach agus éifeachtúil cistí poiblí a chinntiú. Déanann an Stiúrthóireacht Airgeadais monatóireacht ar chaiteachas an Gharda Síochána i gcomparáid le buiséid agus cuirtear tuarascálacha míosúla ar fáil don Choimisinéir, don Fhoireann Cheannaireachta Shinsearach agus do pháirtithe ábhartha maidir le caiteachas agus aon éagsúlacht ghaolmhar.


Athoscailt Stáisiún an Gharda Síochána ar Shráid Mhic Giobúin

## BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS 2022

| Caiteachas agus ioncam | 2022 Sealadach €'000 | 2021 Toradh €'000 |
|---|---|---|
| Pá (Lena n-áirítear Aoisliúntas) | 1,746,198 | 1,650,854 |
| Neamhphá | 235,782 | 218,915 |
| Caiteachas Reatha Iomlán | 1,981,980 | 1,869,769 |
| Caiteachas Caipitil | 171,214 | 131,112 |
| **Ollchaiteachas** | **2,153,194** | **2,000,881** |
| Leithreas i gCabhair (Ioncam) | **130,515** | **122,332** |
| **Glanchaiteachas** | **2,022,679** | **1,878,549** |

Tá figiúirí a bhaineann le Coláiste an Gharda Síochána san áireamh sna figiúirí sa tábla thuas

### Sliocht as an gCuntas Leithreasa

| CAITEACHAS AGUS IONCAM | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| | Figiúirí Sealadacha * | |
| **Caiteachas:** | | |
| Tuarastail agus pánna | 1,320,140 | 1,252,316 |
| Taisteal agus cothú | 17,733 | 14,835 |
| Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha | 28,222 | 24,030 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 52,391 | 55,192 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 90,720 | 77,184 |
| Cothabháil áitreabh an Gharda Síochána | 5,878 | 6,067 |
| Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 926 | 666 |
| Seirbhísí stáisiúin | 29,642 | 27,380 |
| Cúltaca an Gharda Síochána | 126 | 109 |
| Éadaí agus oiriúintí | 21,554 | 13,891 |
| Cumann Árachas Sláinte Naomh Pól an Gharda Síochána | 124 | 124 |
| Iompar | 38,751 | 28,849 |
| Trealamh cumarsáide agus trealamh eile | 26,833 | 28,814 |
| Aerárthaí | 1,738 | 3,597 |
| Aoisliúntas, etc. | 403,772 | 377,620 |
| Costais finnéithe | 2,305 | 2,132 |
| Cúiteamh | 19,617 | 15,075 |
| Clár slándála d'fhinnéithe | 600 | 400 |
| Clár caipitiúil tógála | 64,720 | 46,874 |
| Coláiste an Gharda Síochána | 27,402 | 25,726 |
| Ollchaiteachas Iomlán | 2,153,194 | 2,000,881 |
| **Ioncam (Leithreasaí-i-gCabhair)** | | |
| Ranníocaíochtaí le scéim pinsean céilí agus leanaí an Gharda Síochána | 12,862 | 12,491 |
| Ranníocaíochtaí le scéim pinsean an Gharda Síochána | 25,125 | 24,565 |
| Fáltais ilghnéitheacha | 18,662 | 20,770 |
| Fáltais Choláiste an Gharda Síochána | 441 | 341 |
| Táillí arm tine | 9,945 | 3,466 |
| Ceamaraí sábháilteachta – fáltais áirithe ó mhuirir sheasta | 14,754 | 14,624 |
| Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 48,726 | 46,076 |
| **Ioncam Iomlán** | **130,515** | **122,333** |
| **Glanchaiteachas Iomlán** | **2,022,679** | **1,878,548** |

*Is figiúirí neamhiniúchta sealadacha iad figiúirí 2022 agus beidh iniúchadh á dhéanamh orthu ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## BAINISTÍOCHT FUINNIMH

Cuireadh roinnt tionscnamh coigilte fuinnimh i bhfeidhm san eagraíocht trí chéile:

- Bronnadh deimhniú dea-chleachtais chaighdeán ISO 50001 i ndáil le bainistíocht fuinnimh ar an eagraíocht arís.
- Comhtháthaíodh 33 feithicil leictreach nua i bhflít iompair an Gharda Síochána in 2022.
- Forbraíodh pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha ag príomhionaid éagsúla ar fud na tíre.
- Uasghráduithe feabhsaithe inslithe creatlach foirgnimh, lena n-áirítear oibreacha inslithe seachtracha ar dhíon an Bhiúró Theicniúil ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána.
- Leanadh ar aghaidh le soilse LED uasghrádaithe a rolladh amach ag roinnt suíomhanna.
- Glacadh páirt i scéim Optimising Power @ Work ONP, feachtas caomhnaithe fuinnimh atá á reáchtáil ar fud an Stáit.
- Leanadh ar aghaidh leis an gclár ríomhfhoghlama bainistíochta fuinnimh a rolladh amach i gColáiste an Gharda Síochána.

Laghdaigh An Garda Síochána ídiú a phríomhcheanglais fuinnimh iomlán (TPER) 98,569 MWh ó 2009 - sin laghdú de 35.8%. Chabhraigh raon beart éifeachtúlachta, lena n-áirítear deimhniú leanúnach ISO50001, le coigilt fuinnimh carnach luach €41 milliún agus coigilt astaíochtaí carbóin de 43.7% ó 2009.

| Ídiú Fuinnimh | Laghdú Costais | Coigilteas $CO_2$ |
|---|---|---|
|  |  |  |
| 2009 vs 2022<br>98,569 MWh | 2009 vs 2022<br>€3,547,634 | 2009 vs 2022<br>27,917 tCO2 |

## SOLÁTHAR

In 2022, d'fhoilsigh An Garda Síochána:



**23 tairiscint**
(13 in Iris AE agus 10 r-Thairiscint).

**24 conradh**
bronnta (12 Iris AE agus 12 r-Thairiscint).





**Ocht gconradh**
awarded following mini-bronnta mar thoradh ar chomórtais ó Chreat-chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP).

Cuireadh gníomhachtú chúig chonradh OGP i gcrích.






**Official opening of Walter Scott House in November**

## BAINISTÍOCHT EASTÁIT

Críochnaíodh nó cuireadh dlús le roinnt tionscadal/comhréiteach nua i rith 2022:

- Cuireadh críoch leis na hoibreacha ag Teach Walter Scott, Ionad Slándála agus Oibríochtaí i gcoinne Coireachta an Gharda Síochána (GSCOC) nua, shaincheaptha ar An Bóthar Míleata, Baile Átha Cliath 8.
- Athlonnaíodh Aonad Ceannais agus Comhordaithe an Gharda Síochána ó Chearnóg Fhearchair go dtí foirgneamh nua an Ionaid Náisiúnta um Rialú Traenach ag Stáisiún Heuston.
- Cuireadh críoch le hionad sonraí TFC nua ag Stáisiún an Gharda Síochána i bhFionnghlas a bheidh in úsáid anois seachas an t-ionad sonraí atá le fáil i mBloc J, Ceanncheathrú an Gharda Síochána.
- Fuarthas cóiríocht nua do Bhainistíocht Flít agus d'Ionad Dáileacháin TFC, a fheisteofar in 2023.
- Cuireadh críoch leis an obair athchóirithe shuntasach ar Bhloc N (foirgneamh a tógadh sna 1840idí) ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána chun cóiríocht oifige ar chaighdeán nua-aimseartha a sholáthar in 2022.
- San áireamh i dtionscadal PPP an Cheartais tá dhá Stáisiún nua de chuid an Gharda Síochána a fhorbairt ag Maigh Chromtha. Co. Chorcaí agus Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann. I rith 2022, bunaíodh bord tionscadail faoi Chathaoirleach Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, a raibh baill den Gharda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt, an tSeirbhís Cúirteanna, ONPY agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta páirteach ann chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo a fhorbairt.
- Cuireadh tionscadal Stáisiún an Gharda Síochána in An Longfort i gcrích i Ráithe 3, 2022, tionscadal a raibh sé mar aidhm leis síneadh a chur leis an stáisiún agus na saoráidí coimeádta a uasghrádú agus breis cóiríochta oifige a chur ar fáil.
- Cuireadh tionscadal Stáisiún an Gharda Síochána san Uaimh i gcrích i Ráithe 4, 2022, tionscadal a raibh sé mar aidhm leis saoráidí coimeádta feabhsaithe agus breis cóiríochta oifige a chur ar fáil.
- Stáisiún an Gharda Síochána i gCoill an Chollaigh – Cuireadh tús le stáisiún nua de chuid an Gharda Síochána a fhorbairt ar an láithreán i mí Eanáir.
- Stáisiún an Gharda Síochána in An Caisleán Nua – Iarratas pleanála curtha isteach do stáisiún nua de chuid an Gharda Síochána i Luimneach i Ráithe 4, 2022. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag obair ar chéim soláthair an tionscadail.
- Clár Athchóirithe Cillíní Príosúin – cuireadh oibreacha athchóirithe i gcrích ag Stáisiúin an Gharda Síochána sna háiteanna seo a leanas: Bóthar Ghrianréime (Baile Átha Cliath), Inis Córthaidh (Loch Garman) agus Baile Mhic Andáin (Cill Chainnigh).
- Cuireadh tús le hathfhorbairt Bhloc J, Ceanncheathrú an Gharda Síochána i Ráithe 3, 2022. Soláthróidh an tsaoráid athfhorbartha seo cóiríocht do bhreis is 100 ball foirne ó Rannpháirtíocht sa Phobal, Póilíniú Bóithre agus Biúrónna Athstiúrtha Óige.




## BAINISTÍOCHT FLÍT

Faoi dheireadh 2022, bhí 283 feithicil leithdháilte ar fud na tíre, rud a chiallaigh go raibh 3,312 feithicil sa fhlít. Taifeadadh glanmhéadú de 72 feithicil in 2022.

| | Carranna | Veainean-na | Gluaisrothair | 4x4 | eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Feithiclí Leithdháilte 2022 | 244 | 36 | 1 | 1 | 0 | 282 |
| Feithiclí Díchoimisiúnaithe 2022 | 178 | 28 | 0 | 3 | 1 | 210 |
| Flít an Gharda Síochána amhail ag an 31/12/2022 | 2,517 | 514 | 129 | 99 | 53 | 3,312 |

**Láidreacht an Fhlít 2012-2021 +34%**

## MÉID AN FHLÍT




Ag deireadh na bliana, feithiclí leictreacha nó hibrideacha ba ea 3,312 feithicil i bhFlít an Gharda Síochána, 214 (6.5%).

| | Amhail ag an 31 Nollaig 2022 | An líon feithiclí | % d'fheithiclí |
|---|---|---|---|
|  | **Leictreach** | 42 | 1.3% |
|  | **Hibrid Inluchtaithe Leictreach** | 13 | 0.4% |
|  | **Hibrid Gan Luaidhe** | 43 | 1.3% |
|  | **Leath-Hibrid Díosail** | 116 | 3.5% |
| | **Iomlán** | 214 | 6.5% |



## AONAD UM CHAIGHDEÁIN GHAIRMIÚLA AN GHARDA SÍOCHÁNA (GPSU)

Lean GPSU le scrúduithe míosúla a dhéanamh ar:

- Cealaíodh Fógraí Muirir Sheasta d'fhonn a chinntiú go raibh beartas á chomhlíonadh.
- Cuardaigh ar PULSE le haghaidh Earraí Inspéise [Feithicil, Daoine agus Suíomhanna].

Déanann GPSU maoirseacht ar leibhéil chomhlíonta Ard-Cheannfort, Príomhoifigeach, Ceannfort agus Príomhoifigigh Chúnta, nuair a bhíonn cigireachtaí agus athbhreithnithe á ndéanamh acu ina Rannán nó rannóg náisiúnta gach ráithe. Tá próiseas foirmiúil maidir le leasuithe beartaithe ar an gCóras Taifeadta Cigireachtaí agus Athbhreithnithe ar líne ionas go mbeidh sé níos éasca le húsáid agus de réir na Samhla Oibriúcháin.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht leis na Ceannfoirt Dearbhaithe Feidhmíochta agus leis na hArd-Cheannfoirt Réigiúnacha a ceapadh le déanaí, mar chuid de rolladh amach leantach na Samhla Oibriúcháin, ar mhaithe le rátaí comhlíonta a mhéadú agus cáilíocht na n-aighneachtaí cigireachta agus athbhreithnithe a fheabhsú.

## AN TAONAD UM CHOMHORDÚ BEARTAS AGUS RIALACHAIS (PGCU)

I rith 2022, d'oibrigh PGCU le húinéirí agus scríbhneoirí beartas chun féachaint ar bheartais nua nó chun Treoracha Ceanncheathrún gaolmhara a eisiúint chuig an eagraíocht.

Áirítear i measc cuid de na doiciméid seo:

- Fostú Óglaigh na hÉireann mar Áis Chabhrach don Chumhacht Shibhialta ATCP Foirm C70.
- Meabhrán Tuisceana, a bhaineann leis an gComhaontú um Roinnt Sonraí idir An Garda Síochána agus an PSNI.
- Clár um Thástáil Dhiagnóiseach Antaigine Dheonach (VADT) do phearsanra an Gharda Síochána.
- Teorainneacha Gairmiúla agus Mí-úsáid Cumhachta do Bhuntáiste Gnéis.
- Bainistiú agus Úsáid Foinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt (CHIS).
- Clár Chomhaltacht Mhic Cába 2022-2023.

Nuair a tugadh isteach éide nua an Gharda Síochána, nuashonraíodh an Cód Éide agus Feistis laistigh de bheartas an Gharda Síochána faoin meicníocht spreagtha beartais. Sa doiciméad seo, leagadh níos mó béime ar ár gcuid aidhmeanna

- tacú le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú laistigh de An Garda Síochána.

I rith na bliana, leagadh níos mó béime ar an torthaí a d'fhéadfaí a lua le beartas a shárú laistigh de An Garda Síochána, cosúil leis na mbeartas nuashonraithe maidir le Teorainneacha Gairmiúla agus Mí-úsáid Cumhachta do Bhuntáiste Gnéis.

## GNÓTHAÍ INMHEÁNACHA (IA)

I rith 2022, osclaíodh 1,233 comhad a bhain le disciplín agus gearáin. Tugadh éifeacht do 45 fionraí nua i rith 2022 rud ba chúis le 115 Garda a bheith ar fionraí ag deireadh mhí na Nollag 2022.

Lena chois sin, i rith 2022, ghlac an Oifig Gearán le 456 iarratas ar fhaisnéis/doiciméadúchán ó GSOC agus bhainistigh an Oifig Gearán na hiarratais sin ar fad.

I rith 2022, osclaíodh 111 comhad cúitimh nua ar fad a bhain le Gardaí ar bhain gortú mailíseach dóibh le linn dóibh a bheith ar dualgas. Éisteadh 129 cás san Ard-Chúirt agus bronnadh €6,242,050. Tá obair shuntasach á déanamh chun scéim Cúiteamh nua an Gharda Síochána a chur chun feidhme.

**Tionscnamh Idirghabhála Áitiúil**

Léiríodh an méid seo a leanas i sonraí a fuarthas ó GSOC in 2022:

- D'atreoraigh GSOC 222 cás chuig An Garda Síochána chun críche idirghabháil áitiúil. As measc na gcásanna a cuireadh ar ais:
- Cuireadh clabhsúr le 100 cás - dúradh go raibh siad réitithe nó dúnta i ndiaidh an phróisis idirghabhála.
- Níor éirigh le 42 cás agus atreoraíodh ar ais chuig GSOC iad chun cinneadh a dhéanamh maidir le hinghlacthacht an ghearáin.
- Níor réitíodh 15 chás agus dúnadh iad gan aon ghníomh breise a dhéanamh.
- Dúnadh 4 chás gan idirghabháil (níor ghlac beirt ghearánach páirt sa phróiseas, aistarraingíodh gearán amháin agus bhain gearán amháin le Baill Foirne an Gharda Síochána).

Go hachomair, réitíodh nó dúnadh thart ar 54% de na cásanna a cuireadh faoi bhráid na gCigirí Idirghabhála Áitiúla i ndiaidh idirghabháil áitiúil agus dúnadh thart ar 2% de na cásanna gan idirghabháil.

## AONAD FRITHÉILLITHE AN GHARDA SÍOCHÁNA (GACU)

Chríochnaigh trí déag míle (13,000) pearsanra an Gharda Síochána clár ar líne saincheaptha a bhí deartha ag GACU chun tacú le gairmiúlacht agus sláine in An Garda Síochána, feasacht ar GACU a chruthú agus ar bheartais Frith-Éillithe an Gharda Síochána atá bunaithe cheana féin.

Chomh maith leis sin, reáchtáil GACE seisiúin faisnéise ar fud na tíre, do phearsanra an Gharda Síochána a bhí ag freastal ar chúrsaí oiliúna inmheánacha, cláir forbartha agus do Ghardaí faoi oiliúint freisin.

Rinne GACU roinnt imscrúduithe in 2022 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh lena acmhainn imscrúdaitheach a fhorbairt.

Ghlac pearsanra GACU páirt i malartú gairmiúil leis an PSNI in 2022 (Clár Malairte Patten) agus d'fhreastail siad ar chlár forbartha gairmiúil a d'eagraigh Rannóg Póilíneachta Nua-Eabhrac (NYPD).

I rith 2022, lean GACU ag cabhrú le moltaí ó Thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána chun an Bhagairt a bhaineann le hÉilliú Inmheánach a Chomhrac a chur chun feidhme. Tá na moltaí seo á gcur chun feidhme faoi scáth Chomhphlean Feidhmithe a forbraíodh  gcomhpháirt le An Garda Síochána agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, a d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt.

Chomh maith leis sin, leanadh leis an obair a bhain le Tástáil Mí-úsáid Substaintí in An Garda Síochána agus i ndiaidh rannpháirtíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt, achtaíodh reachtaíocht in 2022 chun cead a thabhairt Rialacháin an Gharda Síochána (Tástáil Drugaí) a bhunú.

Bhí Éire faoi réir an Chúigiú Bhabhta Meastóireachta á dhéanamh ag GRECO (Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta) in 2022 a bhí dírithe ar 'Éilliú a chosc agus tacú le sláine i rialtais láir (feidhmeanna feidhmiúcháin uachtaracha) agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí'. Chabhraigh GACU leis an aighneacht a cuireadh faoi bhráid GRECO agus rinne sé ionadaíocht ar Éirinn ag 91ú Cruinniú Iomlánach GRECO, a reáchtáladh i rith 2022 ag Comhairle na hEorpa, Strasbourg, an Fhrainc.

Ainmníodh GACU ina bhall de Líonra Inmheánach na nImscrúduithe Coiriúla (ICIN) agus na gComhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta agus líonra pointí teagmhála an Aontais Eorpaigh in aghaidh éilliú (EPAC/EACN) i rith 2022.

## ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FORBAIRT DAOINE (HRPD)

**38 ARDÚ CÉIME CHUIG GRÁD OIFIGIGH**

6 Choimisinéir Cúnta nua

10 nArd-Cheannfort nua

22 Ceannfort nua

372 Garda promhóirí fianaithe le déanaí leithdháilte ar Stáisiúin Oiliúna an Gharda Síochána

**507**
**ardú céime chuig grád an tSáirsint agus an Chigire**
**102 Ardú Céim chuig Grád an Chigire**
**405 Ardú Céim chuig Grád an tSáirsint**

Eagraíodh trí imlonnú chuig Misean UNFICYP sa Chipir

Earcaíodh 535 ball foirne de chuid an Gharda Síochána agus sannadh iad chuig róil riaracháin agus theicniúla éagsúla
Tá 596 folúntas eile á bpróiseáil agus ag céimeanna éagsúla den phróiseas earcaíochta

**ATHSHANNADH 38 POST GARDA**
chuig Foireann an Gharda Síochána i rith na bliana, fianaise eile fós ar an ngealltanas a tugadh cur le hinfheictheacht an Gharda Síochána agus baill foirne a éascú chun filleadh ar dhualgas póilíneachta

Ag deireadh mhí na Nollag, bhí ráta rannpháirtíochta de ag an gCreat Foghlama

**85%**

**D'éirigh le 81 ball foirne**
inmheánach i roinnt comórtas ardaithe céime a reáchtáladh in 2022

**Cuireadh oiliúint garchabhrach ar fáil do**
**680**
**Garda / Ball Foirne den Gharda Síochána**

**7,119**
Laethanta Oiliúna

Anois tá thart ar
8,000 fostaí
beo ar an gcóras RDMS

Den chéad uair riamh i stair an Gharda Síochána tá duillíní pá ar líne á bhfáil ag gach ball Sibhialtach agus ag gach ball den Gharda Síochána anois

**An Líon Iomlán Cúrsaí Ríomhfhoghlama Críochnaithe - 36,751**

Foilsíodh Eolas maidir leis an mBearna Phá idir na

**Leibhéal Foirne amhail ag an 31 Nollaig 2022**

| Gardaí | Foireann an Gharda Síochána | Cúlchistí |
|---|---|---|
| **14,133** | **3,332**<br>(3,125.6 coibhéis lánaimseartha) | **375** |

## AN OIFIG LEITHDHÁILTE ACMHAINNÍ

**Fianuithe agus leithdháiltí promhóirí**

Leithdháileadh 370 Garda promhóirí fianaithe le déanaí chuig Stáisiúin Oiliúna an Gharda Síochána ar fud na tíre, mar chuid de cheithre Iontógáil ó Choláiste an Gharda Síochána.

**Bainistíocht Acmhainní**

Reáchtálann agus cabhraíonn Comórtais Fhoireann an Gharda Síochána comórtais éagsúla, inmheánach agus seachtrach. In 2022, reáchtáladh 40 comórtas.

## NUACHÓIRIÚ AN LUCHT OIBRE

Leanadh ar aghaidh le tionscnamh Nuachóiriú an Lucht Oibre in 2022 agus é mar aidhm róil bhreise a shainaithint d'Fhoireann an Gharda Síochána laistigh den eagraíocht áit á mbeadh luach á chur ar fáil chomh fada is a bhaineann le deis a thabhairt do Ghardaí gan a bheith i mbun ról agus feidhmeanna nach n-éilíonn cumhachtaí, taithí nó saineolas an Gharda Síochána, rud a chabhróidh le Gardaí a chur ar fáil don phobal agus a bheith le feiceáil i measc an phobail.

Athshannadh 38 post Garda chuig Foireann an Gharda Síochána i rith na bliana, fianaise eile fós ar an ngealltanas cur le hinfheictheacht Gardaí trí dheis a thabhairt do Ghardaí filleadh ar dhualgas póilíneachta túslíne. Ciallaíonn sé sin go bhfuil 882 Garda athshannta chuig an túslíne faoin gclár seo.

I rith 2022, lean an Oifig Náisiúnta Bainistíochta Feidhmíochta le maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar, agus le dlús a chur le, bainistíocht feidhmíochta san eagraíocht. Ag deireadh mhí na Nollag, bhí an ráta rannpháirtíochta a bhí luaite leis an gcóras a bhí bunaithe chun bainistíocht feidhmíochta a dhéanamh ar Ghardaí, an Creat Feidhmíochta agus Foghlama (PALF), agus tá an Oifig Náisiúnta Bainistíochta Feidhmíochta ag leanúint ar aghaidh ag tacú le próiseas PALF agus á fheabhsú ar mhaithe le rátaí rannpháirtíochta a fheabhsú amach anseo.

Anuas air sin, leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain le córas TF a fhorbairt chun tacú le bainistíocht feidhmíochta fhoireann an Gharda Síochána – Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha na státseirbhíse trí chéile. Déantar tuilleadh tástála ar an gcóras i rith Ráithe 1 2023, agus leanfar leis an rolladh amach céimnithe ina dhiaidh sin.

## OIFIG UM PHLEANÁIL NA FOIRNE OIBRE (WFP)

Chuir WFP Plean Foireann Oibre faoi bhráid an Údaráis Póilíneachta i mí Iúil mar aon le tuarascáil leantach i mí Dheireadh Fómhair a ceadaíodh a chur chun feidhme.

Is é cuspóir an Phlean measúnú straitéiseach a dhéanamh ar éileamh atá ag forbairt agus pleananna a dhéanamh acmhainní a chur ar fáil chun na tosaíochtaí agus na cuspóirí atá sonraithe i Ráiteas Straitéise 2022-2024 a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe freisin cur chuige straitéiseach a fhorbairt maidir le pleanáil foireann oibre chun tacú leis an gCoimisinéir próisis earcaíochta a eagrú agus folúntais a líonadh agus a chinntiú go bhfuil na daoine cearta leis na scileanna cearta san áit cheart ag an gcostas ceart, chun tacú le príomhchuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.

Tá tuarascáil ráithiúil ar dhul chun cinn le cur ar fáil don Údarás Póilíneacht chun trédhearcacht a chinntiú agus chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn príomhchuspóirí atá sonraithe sa Phlean Foireann Oibre. Tá sé beartaithe an chéad tuarascáil a fhoilsiú i mí Eanáir 2023.

## AONAD BEARTAIS NÁISIÚNTA SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA

In 2022, bhí an líon pearsanra a taifeadadh ar bhain gortú ceirde dóibh cothrom le 544 i gcomparáid le 584 in 2021. Ainneoin nach gortuithe tromchúiseacha ba ea formhór na ngortuithe seo, tá An Garda Síochána ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar na rioscaí is cúis le teagmhais dhíobhálacha a laghdú. Is iad na cúiseanna is coitianta atá le gortuithe ceirde ionsaithe, imbhuailtí bóthair, agus sciorrthaí, tuislí, agus titim.

## SEIRBHÍS CÚNAIMH D'FHOSTAITHE (EAS)

I láthair na huaire, tá 14 Oifigeach Cúnaimh d'Fhostaithe (EAOnna) fostaithe ag EAS.

- Chuir EAOnna 25,896 glao gutháin ar phearsanra i rith na bliana. Rinne gach Oifigeach Cúnaimh d'Fhostaithe na glaonna chun tacaíocht a thabhairt agus eolas maidir le leas agus folláine a roinnt.
- Tá Inspire Workplace ag leanúint ar aghaidh le líne chabhrach agus seirbhís chomhairleoireachta neamhspleách agus faoi rún a chur ar fáil don phearsanra ar fad. Rinneadh 4,857 glao ar an tseirbhís chomhairleoireachta seo agus as sin, baineadh tairbhe as 4,483 seisiún comhairleoireachta i rith 2022.
- Cinntíonn an tSeirbhís Tacaíochta Shíceolaíoch go bhfuil deis ag an bpearsanra cuí ar fad bualadh le Maoirseoir Síceolaíoch faoi dhó sa bhliain. Tá na seisiúin éigeantacha seo á reáchtáil ag Inspire Wellbeing i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe.
- Táthar ag leanúint ar aghaidh le seisiúin tacaíochtaí maoirseachta síceolaíocha duine le duine i rith 2022 agus reáchtáladh 1,172 seisiún síceolaíoch duine le duine in 2022.
- Leanadh ar aghaidh le Seisiúin Faisnéise Grúpa Fhíorúla a reáchtáil i rith 2022, agus ghlac 131 duine ar fud na tíre páirt in 12 ghrúpsheisiún.

## OIFIG THAR LEAR

Eagraíodh trí imlonnú chuig Misean UNFICYP sa Chipir in 2022, arb ionann é agus an 19ú Díorma Éireannach. Príomhimeachtaí/Príomhéachtaí:

- Cuairt an Aire Stáit, an tUasal Martin Heydon TD, ar an gCipir i mí Márta.
- Lá Fhéile Pádraig, Díorma Éireannach, Márta.
- Bronnadh Bhoinn na Náisiún Aontaithe, an Chipir i mí Aibreáin agus i mí na Samhna.
- Cuairt Thoscaireacht an Chinn Chomhairle ar an gCipir i mí Meithimh.
- Rannpháirtíochta Gardaí i gCúrsa Oifigeach Póilíneachta UNPOL ag Ionad Oibríochtaí Tacaíochta na bPóilíní, Campa Butmir, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, i mí Mheán Fómhair.
- Searmanas Bronnta Bonn Thar Lear i mí na Samhna.

**Óstáil Clár Oiliúna Ailtireachta STM UNPOL**

Reáchtáladh an Cúrsa UNPOL STM i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána i mí Mheán Fómhair, a d'éascaigh oiliúint de réir threoracha na Náisiún Aontaithe a chur ar fáil do 20 rannpháirtí lena n-áirítear 12 oifigeach póilíneachta ó naoi dtír. Sholáthair an tionscnamh seo idir An Garda Síochána agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha maoiniú chun oiliúint a chur ar theagascóirí creidiúnaithe UNPOL a úsáidfear chun iarrthóirí a roghnú le haghaidh imlonnaithe de chuid na Náisiún Aontaithe le haghaidh 2023 agus ina dhiaidh sin. Níor ritheadh an cúrsa seo ach i dtrí thír eile ó bunaíodh é in 2019.




## COLÁISTE AN GHARDA SÍOCHÁNA

**Laethanta Oiliúna 2022**

| 2022 | | |
|---|---|---|
| **Scoil** | **Rannóg** | **Laethanta Oiliúna** |
| **Bunoiliúint** | Bunoiliúint (Oiliúnaithe) | 27,429 |
| Iomlán | | 27,429 |
| **Speisialtóirí Coireachta agus Oiliúint ar Scileanna Oibríochtúla** | Oiliúint maidir le Coireacht | 2,927 |
| | Oiliúint Tiománaithe | 6,993 |
| | Oiliúint in úsáid Arm Tine | 4,915 |
| | Agallóireacht Imscrúdaithe/Speisialta | 1,011 |
| | Scileanna Sábháilteachta/Ord Poiblí | 9,123 |
| | Imscrúdú Fóiréinseach ar Imbhuailtí | 147 |
| Iomlán | | 25,116 |
| **Bainistíocht Ceannaireachta agus Forbairt Ghairmiúil** | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 1,791 |
| | Teicneolaíocht Faisnéise Ríomhaireachta | 310 |
| | Forbairt Fhoireann an Gharda Síochána | 1,196 |
| | Mol Foghlama Digití | 36,751 |
| | Forbairt Bainistíochta Ceannaireachta | 4,526 |
| Iomlán | | 44,574 |
| **Móriomlán** | | 97,119 |

*Tá gach figiúr faoi réir athraithe mar gheall ar thuairisceáin/fógraí leasaithe déanacha.*

**Bunoiliúint**

Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Bunoiliúna (FTP) in 2022, rud a bhí mar bhonn le hathbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar samhlacha oiliúna. Dearadh an Clár Oiliúna reatha (2022) thar thréimhse 16 mhí ón mbliain 2021 agus tá Feidhmeannas an Gharda Síochána i ndiaidh glacadh leis agus é a cheadú.

Tá Oiliúnaithe Garda fianaithe mar Ghardaí Promhóirí i ndiaidh dóibh oiliúint Chéim I a dhéanamh agus roghnaítear stáisiúin bhuana dóibh ansin. Leanann siad ar aghaidh ag obair ar an BA i bPóilíneacht Fheidhmeach i rith na tréimhse seo trí scoileanna Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) atá bunaithe ar fud na tíre a bhfuil maoirseacht á déanamh ag Coláiste an Gharda Síochána orthu.

| Achoimre ar Chúrsaí Oiliúna an Gharda Síochána | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Isteach** | **211** | **212** | **213** | **214** | **221** | **222** | **Líon Iomlán Fian-aithe 2022** |
| **Líon Rannpháirtithe Ranga** | **145** | **70** | **101** | **54** | **25** | **89** | |
| **Dáta Tosaithe Chéim 1** | 24/05/2021 | 19/07/2021 | 20/09/2021 | 15/11/2021 | 09/05/2021 | 28/11/2022 | **370** |
| **Dáta Críochnaithe Chéim 1** | 14/01/2022 | 11/03/2022 | 19/05/2022 | 08/07/2022 | 13/01/2023 | 28/07/2023 | |
| **An Dáta Fianaithe** | 14/01/2022 | 11/03/2022 | 19/05/2022 | 08/07/2022 | 13/01/2023 | 28/07/2023 | |

- Tá 803 Garda Promhóirí cláraithe sa chóras ag deireadh na bliana.
- Ó bunaíodh é, tá an Clár Bunoiliúna déanta ag 2,508 Garda agus bronnadh Céim Leibhéal 7 orthu
- Athbhreithníodh agus leasaíodh Cúrsa Oiliúna Teagascóra an Gharda Síochána
- Ghlac Ceathrar Oiliúnaithe páirt i gclár malairte le Seirbhís Phóilíneachta na hIorua

**Monatóireacht Promhóirí**

In 2022, tá monatóireacht déanta ag Oifig na bPromhóirí ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht breis is 1,300 Promhóir. Bhí 803 Garda Promhóirí páirteach sa Chlár Bunoiliúna ag an 31 Nollaig 2022. Phróiseáil Oifig na bPromhóirí thart ar 800 comhad a bhí le cur faoi bhráid Oifig an Phríomhoifigigh Riaracháin, i rith 2022.

**Ceannaireacht, Bainistíocht agus Forbairt Ghairmiúil**

Príomh-bhuaicphointí Ceannaireachta agus Forbairt Bainistíochta (LMD) in 2022:

- Bronnadh cáilíochtaí ar bhreis is 40 pearsanra ón bhfoireann bhainistíochta shinsearach a rinne Clár Ceannaireacht Fheidhmiúcháin an Gharda Síochána (GELP) - Dioplóma Iarchéime Leibhéal 9 sa Cheannasaíocht Phóilíneachta ó Fhoras Bainistíochta na hÉireann, cáilíocht atá creidiúnaithe ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Cuireadh Oiliúint Feidhmiúcháin ar fáil do gach ball den fhoireann bhainistíochta shinsearach, baill nua agus baill a fuair ardú céime le déanaí, mar chuid dá gClár Forbartha, agus éascaíodh 270 seisiún oiliúna.



Chuir deichniúr rannpháirtithe a raibh Ard-Cheannfoirt agus Príomhoifigigh ina measc, a fuair ardú céime i rith 2021 agus 2022, tús lena gclár forbartha.

Chuir 37 rannpháirtí a raibh Ard-Cheannfoirt agus Príomhoifigigh Chúnta ina measc tús lena gclár forbartha agus tá siad cláraithe anois chun tús a chur lena gclár oiliúna le soláthraí oiliúna feidhmiúcháin seachtrach.

Tá tús curtha ag an 102 Cigire a fuair ardú céime in 2022 lena gclár forbartha, clár ar fhreastail an Coimisinéir air.

Fuair 409 Sáirsint ardú céime in 2022 agus tá a seimineáir tionscnaimh agus modúl a haon curtha i gcrích acu ar fad anois. Tá tús curtha le Modúl a Dó.

- **Mol Foghlama Digití (DLH)**

Tá an DLH freagrach as an ábhar ríomhfhoghlama ar fad a úsáideann an eagraíocht a fhorbairt agus a thaifeadadh. San áireamh i measc na mórthionscadal a cuireadh i gcrích i rith 2022 tá:

- Cuireadh chun feidhme Córas Bainistíochta Foghlama (LMS) nua ar a dtugtar Córas Oiliúna Oideachais an Gharda Síochána (GETS)
- Forbraíodh an Córas Bainistíochta Oiliúna Leictreonach (ETMS);
- Cruthaíodh cúrsa oiliúna maidir le Securetec Drug wipe 6S ar LMS an Gharda Síochána. Tá an cúrsa seo déanta ag 3,067 Garda.
- Modúl oiliúna ar líne mar chuid den chlár Bunoiliúna nua. San áireamh anseo bhí breis is 30 físeán agus seiceáil eolais, agus chumasaigh sé cur chuige foghlama níos cumaiscthe maidir leis an gClár Bunoiliúna.
- Forbraíodh cúrsa oiliúna nua ar líne do Theagascóirí an Gharda Síochána i gcomhpháirt leis Bunoiliúint Choláiste an Gharda Síochána

## STIÚRTHÓIREACHT AD

### Tuairisciú Covid-19

Bhainistigh an Stiúrthóireacht AD tuairisciú neamhláithreachta a bhain le Covid-19 a bhí mar bhonn le cinntí oibríochtúla, ag tús na bliana go háirithe. Tá críoch curtha leis an tuairisciú seo ó shin.

### Prótacail Filleadh ar an Obair

Ghlac an Stiúrthóireacht AD ról ceannaireachta i ndáil le forbairt phlean freagartha Covid-19 agus eolas maidir leis a roinnt, plean a eisíodh i Ráithe 2 agus a áiríodh ann coinníollacha maidir le filleadh ar an áit oibre.

### Córas Kelio - Am agus Tinreamh

Uasghrádaíodh agus cuireadh córas ama agus tinrimh Kelio ar fáil i Réigiún Cathracha Bhaile Átha Cliath den chéad uair. I dteannta leis an uasghrádú, eagraíodh cúrsaí oiliúna maidir leis an gcóras san eagraíocht ar fad.

### Daoine ag Éirí as a gCúraimí/ag Dul ar Scor

Phróiseáil an fhoireann sonraí 472 Garda, agus sonraí 366 ball foirne go dtí seo, agus bhí 87 duine díobh sin ag éirí as a gcúraimí. Is fianaise é sin go bhfuil méadú le tabhairt faoi deara bliain i ndiaidh bliana.

Tá próiseas sruthlínithe fhoirmiúil bunaithe chun scor de dheasca eas-sláinte a bhainistiú agus tá próisis doiciméadaithe san áireamh ann, mar aon le teimpléid a éascóidh bainistíocht agus seicliostaí ábhartha.

| Fad Seirbhísee | An Líon Daoine a d'Éirí as a gCúraimí, idir Ghardaí agus Chúltaca an Gharda Síochána |
|---|---|
| 0-5 bhliain | 65 |
| 6-10 bliain | 26 |
| 11-15 bliain | 33 |
| 16-20 bliain | 14 |
| 21+ bliain | 2 |
| Iomlán | 140 |

### Réríomhán Saoire Bhreoiteachta do chomórtais ardaithe céime an Gharda Síochána

D'oibrigh an fheidhm saoire bhreoiteachta le hacmhainn GSAS chun teacht ar réiteach ar an bhfadhb a bhain le measúnú saoire bhreoiteachta Gardaí ar éirigh leo i gcomórtas PAS ar ardú céime. Tá eolas ar fáil, láithreach baill beagnach, sa tuarascáil seo maidir leis na Gardaí a bhféadfadh saoire bhreoiteachta iomarcach nó socruithe dualgas éadrom acu a cheadaíonn anailís bhreise a dhéanamh, de réir eisceachta, seachas measúnú ar iarrthóir aonair.

### Clár Intéirneachta an Gharda Síochána

Sholáthair an Clár seo samhail fostaíochta sheasmhach d'intéirnigh amach anseo d'fhonn a chinntiú go bhfuil deis ann róil bhuana a aimsiú d'intéirnigh ag deireadh an chláir.

### Rannóg Neamhláithreachta Breoiteachta na Gardaí agus Fhoireann an Gharda Síochána

Tá miondealú agus comparáid le fáil sa tábla thíos idir an líon laethanta a chaill Foireann an Gharda Síochána agus Gardaí i rith na mblianta idir 2013-2022.

Chomh maith leis sin, taispeántar coibhéis lánaimseartha (WTE) agus meánmhéid na laethanta a chaill Gardaí agus Foireann an Gharda Síochána chun críche comparáide.

**Staitisticí Saoire Bhreoiteachta ag déanamh comparáide idir 2013, 2014, 2015, 2016, 2017, 2018, 2019, 2020, 2021 agus 2022 Is leis na Gardaí Amháin a bhaineann na sonraí**

| BLIAIN | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coibhéis lánaimseartha (FTE) – meánfhigiúr na bliana | 13,243 | 12,927 | 12,805 | 12,855 | 13,281.50 | 13,843.50 | 14,236.25 | 14,491 | 14,402 | 14,212.75 |
| Méanlíon laethanta caillte in aghaidh an bhaill faoi mhionn g náth-thinneas agus gortú ar dualgas | 17.91 | 13.62 | 12.32 | 12.76 | 13.30 | 14.70 | 14.60 | 12.94 | 14.19 | 16.59 |
| % athrú bliain i ndiaidh bliana an mheánlíon laethanta caillte le haghaidh gach ball faoi mhionn | 6.54% | -23.95% | -9.54% | 3.57% | 4.23% | 10.53% | -0.68% | -11.37% | 9.66% | 16.91% |
| An líon laethanta caillte mar gheall ar ghnáth-thin-neas | 198,975 | 139,937 | 112,999.50 | 113,865.50 | 122,242 | 139,895.50 | 145,365 | 127,100.50 | 132,543.50 | 160,390,00 |
| % athrú bliain i ndiaidh bliana – gnáth-thinneas | 2% | -29.67% | -19.25% | 0.77% | 7.36% | 14.44% | 3.90% | -12.56% | 4.28% | 21% |
| An líon laethanta caillte mar gheall ar ghortú le linn a bheith ar dualgas | 38,249 | 36,145 | 44,864.50 | 50,215 | 54,317.50 | 62,996.50 | 61,942 | 62,147.50 | 71,761 | 75,352.5 |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| % athrú bliain i ndiaidh bliana – gortú le linn a bheith ar dualgas | 15% | -5.50% | 24.12% | 11.93% | 8.17% | 15.98% | -1.67% | 0.33% | 15.47% | 5% |
| **An líon iomlán laethanta taifeadta** | **237,224** | **176,082** | **157,864** | **164,080.50** | **176,559.50** | **202,892** | **207,307** | **189,248** | **204,304.50** | **235,742.5** |
| % athrú bliain i ndiaidh bliana – An líon iomlán laethanta taifeadta | 4% | -25.77% | -10.35% | 3.94% | 7.61% | 14.91% | 2.18% | -8.71% | 7.96% | 15.39% |

Is ionann an líon iomlán laethanta breoiteachta taifeadta ar SAMS agus an líon laethanta féilire a bhfuil baill foirne as láthair, agus d'fhéadfaí an deireadh seachtaine agus laethanta scíthe a chur san áireamh.

*Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2013 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 03.02.2014 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2014 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 04.02.2015 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2015 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 03.02.2016 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2016 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 01.02.2017 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2017 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 06.02.2018 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2018 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 05.02.2019 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2019 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 05.02.2020 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2020 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 05.02.2021 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2021 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 04.02.2022 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2022 mar atá taifeadta ar SAMS agus tuairiscithe @ 07.02.2023*

**Staitisticí Saoire Bhreoiteachta ag déanamh comparáide idir 2013, 2014, 2015, 2016, 2017, 2018, 2019, 2020, 2021 agus 2022 Is le Foireann an Gharda Síochána Amháin a bhaineann na Sonraí**

| BLIAIN | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Meánfhigiúirí Fhoireann an Gharda Síochána FTE i rith na bliana | 2039.77 | 2042.36 | 2090.40 | 2071.66 | 2193.72 | 2361.64 | 2797 | 3096.71 | 3259.85 | 2913.85 |
| An meánlíon laethanta a chaill gach Ball Foirne den Gharda Síochána mar gheall ar bhreoiteacht | 12.35 | 12.11 | 12.09 | 12.41 | 11.88 | 11.83 | 11 | 8.81 | 9.19 | 15.84 |
| % athrú bliain i ndiaidh bliana an mheánlíon laethanta caillte le haghaidh gach Ball Foirne den Gharda Síochána | N/A | -1.94% | -0.17% | 2.65% | -4.27% | -0.42 % | -7.02% | -19.91% | 4.31% | 72.36% |
| An líon iomlán laethanta taifeadta* | 25,193 | 24,741 | 25,267 | 25,716 | 26,054 | 27,941 | 30760.42 | 27,286.71 | 29,957.20 | 46,151.00 |
| % athrú bliain i ndiaidh bliana | N/A | -1.79% | 2.13% | 1.78% | 1.31% | 7.24% | 10.10% | -11.29% | 9.79% | 54.06% |

*Léirítear sa líon iomlán laethanta taifeadta ar PeopleSoft (HRMS) an líon laethanta oibre iarbhír caillte. Baineann na figiúirí a thaispeántar le Foireann an Gharda Síochána, níl Foireann Thionsclaíoch san áireamh. Níl an deireadh seachtaine agus coigeartuithe le haghaidh fostaithe atá ag baint tairbhe as socruithe postroinnte san áireamh. Úsáideadh HRMS chun críocha tuairiscithe le haghaidh gach bliain roimh 2022.

*Le haghaidh 2022, baintear na figiúirí ar fad ón gCóras Bainistíochta um Neamhláithreacht Breoiteachta (SAMS) agus taispeántar an líon iomlán laethanta breoiteachta taifeadta ar SAMS. Is ionann na figiúirí seo agus an líon iomlán laethanta féilire a bhfuil baill foirne as láthair, agus d'fhéadfaí an deireadh seachtaine agus laethanta scíthe a chur san áireamh. Baineann na figiúirí a thaispeántar le Foireann an Gharda Síochána, níl Foireann Thionsclaíoch san áireamh.

Ritheadh HRMS chun críche comparáide, tá an líon laethanta oibre iarbhír caillte le haghaidh 2022 cothrom le 30,681, níl Foireann Thionsclaíoch san áireamh. Má dhéantar comparáid idir HRMS 2021 agus HRMS 2022, tá an t-athrú céatadánach, bliain i ndiaidh bliana, cothrom le 2.41%.

*Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2013 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 03.02.2014 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2014 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 04.02.2015 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2015 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 03.02.2016 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2016 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 01.02.2017 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2017 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 06.02.2018 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2018 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 05.02.2019 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2019 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 05.02.2020 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2020 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 05.02.2021 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2021 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 04.02.2022 Staitisticí Saoire Bhreoiteachta le haghaidh 2022 mar atá taifeadta ar HRMS agus tuairiscithe @ 07.02.2023*

**Tráchtaireacht - Saoire Bhreoiteachta 2022**

Go ginearálta, glactar leis gurb ionann saoire bhreoiteachta agus gortú ar dualgas (Gardaí amháin) agus gnáth-thinneas (Gardaí agus foireann an Gharda Síochána). In 2022, mhéadaigh na figiúirí neamhláithreachta do ghnáth-thinneas a bhain le Gardaí agus le Foireann an Gharda Síochána.

Má dhéantar comparáid idir 2022 agus 2021, tá méadú suntasach tagtha, bliain i ndiaidh bliana, ar an líon laethanta gnáth-thinnis, do Ghardaí, 21%, agus d'Fhoireann an Gharda Síochána, 54.06%.

Baineadh sonraí Fhoireann an Gharda Síochána le haghaidh 2022 ó SAMS, agus baineadh na figiúirí do gach bliain roimhe seo ó chóras bainistíochta AD difriúil (HRMS). Ainneoin nár úsáideadh HRMS chun críche tuairiscithe, ritheadh an tuarascáil chun eolas a fháil faoin líon laethanta iarbhír caillte (seachas Foireann Thionsclaíoch), a bhí cothrom le 30,681 lá. Trí HRMS 2021 a chur i gcomparáid le 2022, mhéadaigh an líon laethanta oibre iarbhír gnáth-thinnis caillte Fhoireann an Gharda Síochána 2.41%.

Ó thús phaindéim Covid-19 in 2020, níor taifeadadh neamhláithreacht a bhain le Covid mar shaoire bhreoiteachta, taifeadadh í mar shaoire speisialta le pá a cuireadh i bhfeidhm in imthosca áirithe. Ó mhí Iúil 2022, athraíodh neamhláithreacht a bhain le Covid a thaifeadadh mar Shaoire Speisialta le Pá go dtí Saoire Bhreoiteachta má bhí an tréimhse neamhláithreachta níos faide ná seacht lá. Is dócha go bhfuil baint aige seo leis an méadú ar an neamhláithreacht bhreoiteachta a bhain le gnáth-thinneas in 2022.

**Cásanna de Neamhláithreacht Bhreoiteachta**

- In 2022 bhí an líon cásanna a bhain le neamhláithreacht bhreoiteachta a bhain le gnáth-thinneas Gardaí cothrom le 18,544, figiúr arb ionann é agus méadú 28.44% ó 14,438 in 2021.
- Chomh fada is a bhaineann le Foireann an Gharda Síochána, bhí an líon cásanna cothrom le 4,777 in 2022, arb ionann é agus méadú de 30.16% ó 3,670 in 2021.
- In 2022 bhí an líon cásanna a bhain le neamhláithreacht tinnis a bhain le gortú ar dualgas cothrom le 562, figiúr ar fianaise é ar mhéadú beag de 3.27% ó 581 in 2021.

**An Líon Gardaí/Ball Foirne den Gharda Síochána a bhí As Láthair**

Chomh fada is a bhaineann leis an líon Gardaí/Ball Foirne den Gharda Síochána a bhain tairbhe as neamhláithreacht bhreoiteachta, tá na figiúirí cosúil leis na figiúirí atá luaite le cásanna de neamhláithreacht mar gheall ar thinneas.

- In 2022, bhain 7,721 Garda tairbhe as neamhláithreacht bhreoiteachta (gnáth-thinneas), fianaise ar mhéadú 15.07% i gcomparáid le 6,710 in 2021.
- Maidir le Foireann an Gharda Síochána, in 2022 bhain 1,962 duine tairbhe as neamhláithreacht bhreoiteachta, figiúr ar fianaise é ar mhéadú beag de 12.51% i gcomparáid le 1,743 in 2021.
- In 2022, bhain 283 Garda tairbhe as neamhláithreacht mar gheall ar ghortú ar dualgas, fianaise ar laghdú 8.12% i gcomparáid le 308 in 2021.

**LTR – Ráta Aga Díomhaoin – Gardaí**

| Bliain | An Líon Laethanta Breoite-achta As Láthair | An Líon Laethanta Breoiteachta As Láthair coigeartaithe 5/7 | Coibhéis Lánaim-seartha (WTE) | Bliain Oibre Chaigh-deánach | Bliain Oibre Chaigh-deánach WTE | LTR | Trách-taireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2022** | 160,390.00 | 114,564.29 | 14,212.75 | 229 | 3,254,719.75 | 3.52% | Bhí an Ráta Aga Díomhaoin le haghaidh 2018, arna ríomh ag DPER, cothrom le 3.2%.. |
| **2021** | 132,543.5 | 94,673.93 | 14,402.00 | 229 | 3,298,058.00 | 2.87% | |
| **2020** | 127,100.5 | 90,786.07 | 14,628.00 | 229 | 3,349,812.00 | 2.71% | |
| **2019** | 145,365 | 103,832.14 | 14,236.25 | 229 | 3,260,101.25 | 3.18% | |

**Nóta 1** Taifeadtar neamhláithreacht bhreoiteachta do Ghardaí ar SAMS mar an líon laethanta féilire as láthair agus d'fhéadfaí an deireadh seachtaine agus/nó laethanta scíthe a chur san áireamh. Chun meastachán maidir leis an líon laethanta oibre caillte a dhéanamh, coigeartaítear an líon laethanta as láthair mar gheall ar bhreoiteachta bunaithe ar fhachtóir 5/7.

**Nóta 2** Ríomhtar an figiúr LTR trí úsáid a bhaint as neamhláithreacht ghnáth-thinnis.

**Nóta 3** Bliain oibre chaighdeánach = 229 lá (365 lúide an deireadh seachtaine, laethanta saoire poiblí agus 22 lá saoire bhliantúil)

**Nóta 4** Foirmle LTR, (Laethanta taifeadta mar neamhláithreacht bhreoiteachta * 5/7)/ (Bliain Oibre Chaighdeánach * WTE) *100 = LTR %

**Nóta 5** Ní chuirtear san áireamh sa choibhéis lánaimseartha cineálacha saoire eile cosúil le saoire mháithreachais, sos gairme etc.

**LTR – Ráta Aga Díomhaoin – Foireann an Gharda Síochána**

| Bliain | An Líon Laethanta Breoite-achta As Láthair | Coibhéis Lánaim-seartha (WTE) | Bliain Oibre Chaigh-deánach | Bliain Oibre Chaigh-deánach * WTE | LTR | Tráchtaireacht |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2022** | 46,151.00 | 2,913.85 | 229 | 667,271.65 | 4.94% | Bhí an Ráta Aga Díomhaoin le haghaidh 2018, arna ríomh ag DPER, cothrom le 5.2%. |
| **2021** | 29,957.20 | 3,259.85 | 229 | 746,505.65 | 4.01% | |
| **2020** | 27,286.71 | 3,096.71 | 229 | 709,146.59 | 3.85% | |
| **2019** | 30,760.42 | 2,797.00 | 229 | 640,513.00 | 4.80% | |

**Nóta 1** Baineadh gach bliain roimh 2022 ó HRMS ar bhonn iarbhír. Léiríonn an coigeartú 5/7 a cuireadh i bhfeidhm ar fhigiúirí SAMS 2022 go bhfuil na laethanta caillte cothrom le 32,965 lá agus is é 30,681 lá a léirítear in HRMS. In 2022, úsáideadh sonraí SAMS d'fhonn a chinntiú go raibh siad comhsheasmhach leis na figiúirí a bhí á dtuairisciú ag An Garda Síochána agus ionas go bhféadfaí iad a ailíniú leis an tuairisciú míosúil.

**Nóta 2** Bliain oibre chaighdeánach = 229 lá (365 lúide an deireadh seachtaine, laethanta saoire poiblí agus 22 lá de shaoire bhliantúil)

**Nóta 3** Ní chuirtear san áireamh sa choibhéis lánaimseartha cineálacha saoire eile cosúil le saoire mháithreachais, sos gairme etc.

## AONAD TACAÍOCHTA NÁISIÚNTA CHÚLTACA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Táthar ag tacú leis an bplean gníomhaíochta do Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána trí Ghrúpa Forfheidhmithe a bhunú. Bhuail an grúpa seo le chéile i rith 2022 agus rinne sé an méid seo a leanas:

- d'oibrigh an grúpa leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí d'fhonn a chinntiú go mbeidh an chéad fheachtas earcaíochta eile ionchuimsitheach agus go mbeidh grúpaí éagsúla agus grúpaí atá faoi ghannionadaíocht á gcur san áireamh ionas go mbeidh deireadh á chur leis na bacainní a mheastar atá ann.
- cuireadh athbhreithniú ar oiliúint forordaithe do Chúltaca an Gharda Síochána i gcrích.
- bunaíodh Coiste Maoirseachta um Straitéis Chúltaca an Gharda Síochána chun tacú le treo agus le hathnuachan Chlár Chúltaca an Gharda Síochána.
- eisíodh 28 Teastas Buíochais do Ghardaí Cúltaca ar éirigh leo 10 mbliana a chaitheamh i mbun seirbhíse laistigh de An Garda Síochána.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT CHEIRDE AN GHARDA SÍOCHÁNA (GOHW)

Chomh maith leis sin, sholáthair GOHW comhairle agus tacaíocht ag leibhéal corparáideach don eagraíocht. Áirítear i measc na bpríomhoibríochtaí/na bpríomhghníomhaíochtaí atá le cur i gcrích in 2022:

- Reáchtáil GNWO ceithre chúrsa oiliúna phíolótacha a bhí dírithe ar Gharchabhair Mheabhairshláinte (MHFA). Lena chois sin, cuireadh cúig chúrsa oiliúna MHFA, maoinithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ar fáil do phearsanra.
- Chuir Grúpa Stiúrtha an Mheanapáis críoch leis an doiciméad treorach maidir leis an Meanapás. Scaipeadh an doiciméad seo ar Fhóram Geallsealbhóirí Sláinte agus Folláine GOHW.
- D'fhorbair agus dréachtaigh GOHW, GNCSIS agus STOC doiciméad treorach agus nós imeachta chun teagmhais a tharlaíonn i ndiaidh imlonnú arm tine a bhainistiú, maoirseacht shíceolaíoch a dhéanamh agus tacaíocht a sholáthar, teagmhais a mbíonn ar Fheidhmeannas an Gharda Síochána déileáil leo.
- Cuireadh athbhreithniú ar chur chun feidhme maoirseacht shíceolaíoch agus nósanna imeachta tacaíochta do phearsanra atá i mbun ról agus ag obair in aonaid speisialta ina bhfuil daoine neamhchosanta ar ghuaiseacha síceolaíocha i gcrích i gcomhpháirt le Inspire Wellbeing agus Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe an Gharda Síochána.
- Chruthaigh GOHW ábhar/gnéithe rialta, tiomnaithe maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde do ríomhiris inmheánach na heagraíochta, Newsbeat.

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Soláthraíonn TFC tacaíocht 24/7/365 don eagraíocht a chiallaigh go raibh breis is 115,000 ticéad tacaíochta logáilte ag foirne TFC in 2022, sin méadú de thart ar 15% ar thoirteanna 2021.

Lena chois sin, thacaigh agus d'imlonnaigh TFC 33 feidhmchlár agus seirbhís beo in 2022. San áireamh sna himlonnaithe seo bhí dhá mhór-eisiúint de PULSE, eisiúintí den Chóras Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS), agus trí nuashonrú mhóra ar PULSE chun tacú le rolladh amach na Samhla Oibriúcháin.

Príomhthairge insoláthartha in 2022 ba ea ceann d'Ionaid Sonraí an Gharda Síochána a choimisiúnú agus a ascnamh chuig suíomh nua. Mar thoradh ar phleanáil dhomhain agus maolú riosca mhionsonraithe, tharla gluaiseacht fhisiciúil bhonneagar criticiúil TFC an Gharda Síochána gan cur isteach ar sheirbhísí a bhí á gcur ar fáil d'úsáideoirí deiridh agus gan aon aga neamhfhónaimh nach raibh pleanáilte.

**Príomhghníomhaíochtaí**

- Imlonnaíodh 1,420 ardfheiste móibíleach breise chuig baill túslíne. Chiallaigh sé seo go raibh breis is 10,000 feiste ar fad imlonnaithe ag deireadh mhí na Nollag.
- Tá an Córas Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS) beo anois i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Láir, Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas-Láir, Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas, Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thiar, Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thoir, Gaillimh, Luimneach, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí agus Rannáin Chiarraí
- Tá an Córas Bainistíochta Imscrúdaithe (IMS) beo anois sna Rannáin seo a leanas: Port Láirge, Loch Garman, Cill Chainnigh / Ceatharlach, Tiobraid Árann, An Clár, Cill Mhantáin agus An Mhí / An Iarmhí.
- Leanadh ar aghaidh leis an Seachadadh Ríomhchuidithe (CAD2) a fhorbairt. San áireamh anseo tá athchóiriú iomlán an chórais ordaithe agus rialaithe réigiúnach TFC atá in úsáid faoi láthair chun glaonna éigeandála a láimhseáil.
- I rith 2002, leanadh ar aghaidh leis an bpleanáil do SIS Recast, an chéad leagan eile de SIS. Tacóidh sé seo le slándáil feabhsaithe do dhaoine agus éifeachtacht feabhsaithe i ndáil le comhoibriú i réimse an fhorfheidhmithe dlí in Éirinn agus i mBallstáit an AE. Táthar ag súil go mbeidh an córas beo i Ráithe 1 2023.
- In 2022, baineadh go leor úsáide as Ionad Nuálaíochta Digití an Gharda Síochána, ionad a bhfuil sé mar aidhm aige dlús a chur le nuálaíocht i réimse na póilíneachta digití in An Garda Síochána, reáchtáladh seisiúin nuálaíochta ann, cruinnithe fhoireann bhainistíochta shinsearach an Gharda Síochána, agus cuairteanna ó ionadaithe Rialtais agus na feidhme maoirseachta.




Ionad Faisnéise Digití an Gharda Síochána



An córas nua CAD2 a thástáil

- Lean TFC le tacaíocht a sholáthar agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta, san áit oibre agus sna hionaid chianoibre, chun a chur ar chumas pearsanta córais faisnéise an Gharda Síochána a rochtain ar bhealach slán.

## FEIDHM DLÍ AN GHARDA SÍOCHÁNA

**Dlí Fostaíochta**

Sholáthair oifig an Cheannasaí Dlí Fostaíochta comhairle dlí maidir le raon leathan saincheisteanna dlí fostaíochta d'eagraíocht an Gharda Síochána a bhain le réimsí cosúil le cásanna bulaíochta agus ciaptha, ceisteanna a bhain le nochtadh cosanta agus díospóidí a bhain le saoire bhreoiteacht..

**Feidhm Dlí Shibhialta**

Bhainistigh Ceannasaí na Feidhme Dlí Shibhialta gach dlíthíocht shibhialta a bhain le Coimisinéir an Gharda Síochána, mar aon le comhairle dlí a chur ar fáil a bhain le saincheisteanna dlí riaracháin, fostaíochta agus rialála, príomhthionscadail eagraíochtúla ina measc. Chomh maith leis sin, sholáthair Oifig na Feidhme Dlí Shibhialta comhairle maidir le raon leathan saincheisteanna dlí lena n-áirítear cosaint sonraí agus Saoráil Faisnéise. In 2022, dhéileáil an rannóg seo le 542 cás dlíthíochta nua agus 136 ceist nua a bhain le comhairle chorparáideach.

**Feidhm Dlí Choireachta**

Soláthraíonn an Oifig Roinn lárphointe teagmhála do raon leathan comhpháirtithe ceartais ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann; an Bord Parúil; an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte; Iarratais roinne ar fhaisnéis; iarratais maidir le Coinbhinsiún na Háige; fiosrúcháin maidir leis an Acht Cothabhála agus iarratais stairiúla.

| 2022 An Cineál Iarratais | 2022 An Líon Iarratas |
|---|---|
| Iarratais ón Roinn Dlí agus Cirt | 66 |
| An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (Dlí Coiriúil) | 15 |
| Aistriú Duine a bhfuil Pianbhreith curtha Air/Uirthi | 35 |
| Iarratais ón mBord Parúil | 158 |
| Fiosrúcháin maidir leis an Acht Cothabhála | 52 |
| Iarratas ar Rochtain ar Choinbhinsiún na Háige | 43 |
| Iarratais ar Chomhaid Stairiúla | 15 |
| Iomlán | 384 |

**An Rannóg Dlí**

Sholáthair an Rannóg Dlí comhairle agus treoir dlí do phearsanra oibríochtúil maidir le ceisteanna éagsúla, lena n-áirítear forfheidhmiú agus treoir reachtach, mar aon le forbairt beartais agus eolas maidir le cinntí atá déanta ag na hUaschúirteanna.

Chomh maith leis sin, rinne an rannóg seo monatóireacht agus measúnú ar fhorbairtí laistigh den timpeallacht dlí a bhfuil tionchar acu ar phóilíneacht oibríochtúil. D'ullmhaigh an rannóg seo Treoir Ceanncheathrún maidir le reachtaíocht nua agus cinntí na gcúirteanna a bhfuil tionchar acu ar an obair atá á déanamh ag An Garda Síochána.

I rith 2022, d'fhorbair an rannóg seo aighneachtaí maidir le líon mór ceann billí a bhfuil tionchar acu ar phóilíneacht, mar shampla:

- An Bille um Cheartas Coiriúil (Gríosú chun Foréigin nó Fuatha agus Cionta Fuatha), 2022;
- An Bille um Rialáil Cearrbhachais, 2022;
- An Bille um Íospartaigh Tionóiscí a Chosaint ar Thaifeadadh Neamh-Chomhthoiliúil Íomhánna, 2022;
- Scéim Ghinearálta an Bhille um Dhíol Alcóil;
- Scéim Ghinearálta an Bhille Sláinte (Seirbhísí Foirceanta Toirchis) (Criosanna Rochtana Sábháilte), 2022;
- An Bille um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022;
- Bille an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta), 2022;
- An Bille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail;

**An Rannóg Oidhreachta**

Lean an Rannóg Oidhreachta ag leanúint ar aghaidh i mbun idirchaidrimh leis Príomh-Oifig an Aturnae Stáit in 2022 trí bheith ag comhoibriú le Seirbhís Chróinéara Thuaisceart Éireann. Lean an rannóg seo le freagairtí a chomhordú agus le cúnamh agus doiciméadúchán a chur ar fáil d'údaráis i dTuaisceart Éireann, de réir mar a cheadaíonn an reachtaíocht.

**An Rannóg um Chúnamh Frithpháirteach**

In 2022, ghlac an rannóg le agus phróiseáil sí 1,352 iarratas nua ar chúnamh frithpháirteach ó Rannán de chuid an Gharda Síochána atá ag lorg ábhair fhianaisigh ó lasmuigh de dhlínse maidir le himscrúduithe coiriúla atá ar siúl go leanúnach. Lena chois sin, ghlac an rannóg seo le 754 iarratas isteach ar chúnamh ó dhlínsí eile maidir le himscrúduithe coiriúla atá á ndéanamh ag seirbhísí póilíneachta thar lear. B'ionann é sin agus méadú 15% ar an líon iarratas a próiseáladh i gcomparáid le 2021.

Chomhordaigh an rannóg seo trí Fhoireann Imscrúdaithe Chomhpháirteacha (JITanna) nua a bhunú agus thug sé cúnamh ar bhonn leanúnach do na JITanna agus do Eurojust le himscrúduithe idirnáisiúnta. I láthair na huaire, tá An Garda Síochána ag glacadh páirte i naoi bhFoireann Imscrúdaithe Chomhpháirteacha lena chomhpháirtithe Eorpacha i ndáil le himscrúduithe coiriúla tromchúiseacha a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo.

**An tAonad um Beartas Arm Tine (FPU)**

I rith 2022, lean FPU lena rannpháirtíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le hearraí inspéise gafa ag Custaim ag moil seachadta éagsúla sa Stát.

Lean FPU le monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas priontála agus íocaíochta teastas arm tine seachfhoinsithe trí bheith ag obair i ndlúthchomhar le Rannóg TFC an Gharda Síochána.

Chabhraigh FPU le faisnéis agus comhairle a chur ar fáil don Choiste Saineolaithe Arm Tine nuabhunaithe atá faoi chathaoirleacht na Roinne Dlí agus Cirt.

Chomh maith leis sin, chuir FPU comhairle ar Ard-Cheannfoirt agus ar Cheannfoirt maidir le hachomhairc na Cúirte Dúiche diúltú teastas arm tine a dheonú, údaruithe maidir le raon lámhaigh agus cúlghairm teastas agus údaruithe arm tine.

Trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar na tuarascálacha arm tine ar PULSE, chabhraigh FPU le Gardaí leis na tuarascálacha seo d'fhonn a chinntiú gur ann do chóras ceadúnaithe arm tine éifeachtúil agus éifeachtach. Tá thart ar 194,000 arm tine ceadúnaithe ar fud na dlínse..

## AONAD COSANTA SONRAÍ (DPU)

Áirítear i measc na bpríomhghníomhaíochtaí:

- 4,934 iarratas duine ar a s(h)onraí a phróiseáil ó dhuine is ábhar do na sonraí
- Cód Cleachtais Cosanta Sonraí athbhreithnithe a fhorbairt do An Garda Síochána a rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis
- Comhairle agus treoir a thabhairt don eagraíocht maidir le ceisteanna a bhaineann le cosaint sonraí, lena n-áirítear comhaontuithe roinnt sonraí agus measúnuithe tionchair cosanta sonraí a fhorbairt
- Comhairle agus tacaíocht leanúnach maidir le raon ceisteanna a bhaineann le cosaint sonraí a bhaineann le Bille an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) agus a thograí chun bonn dlí a chruthú don úsáid a bhaineann An Garda Síochána as feistí (lena n-áirítear ceamaraí ANPR, dróin agus ceamaraí a chaitear ar an gcolainn) agus le haghaidh gníomhaíochtaí próiseála a bhaineann le píosa scannánaíochta bailithe ó na feistí seo agus foinsí eile.
- Leanúint ar aghaidh le hearcú agus oiliúint ball foirne nua san aonad lena n-áirítear rannóg Beartais, Iniúchta agus Comhlíonta an aonaid a bhunú.

## AN OIFIG SAORÁLA FAISNÉISE (FOIO)

In 2022, ghlac FOIO le 452 iarratas Saorála Faisnéise (SF). Ba iad iriseoirí a rinne formhór na n-iarratas seo (110), agus baill den phobal (237). Is ó na grúpaí seo a leanas a tháinig na hiarratais eile: cliaint/fostaithe (53), lucht acadúil (13), aturnaetha (17), grúpaí gnó/leasa (19) agus ionadaithe poiblí (3).

As measc an 452 iarratas a fuarthas, admhaíodh 451 díobh laistigh de teorainn shonraithe 10 lá oibre agus níor admhaíodh 14 hiarratas laistigh dá ndáta dlite. Táthar fós ag déileáil le 10 gcinn den 452 iarratas in 2023.

D'eisigh an Oifig SF 459 cinneadh in 2022 (lena n-áirítear 17 n-iarratas tugtha ar aghaidh ó 2021).

In 2022, rinneadh 381 iarratas nár bhain le raon an Achta SF agus dhéileáil FOIO leis na hiarratais sin a bhí catagóirithe mar iarratais SF neamh-incháilithe.

**2022 Cineálacha Iarratais**




Foilsíonn FOIO cinntí déanta maidir le hiarratais ar fhaisnéis neamhphearsanta i rannóg Loga Cinntí SF ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána. Le fáil ar an suíomh gréasáin freisin tá scéim foilseacháin ina gcuirtear eolas a Iorgaítear go minic ar fáil don phobal.

Ina theannta sin, tá FOIO freagrach as freagrachtaí an Gharda Síochána a bhainistiú faoi Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. Fuarthas seacht n-iarratas dá leithéid in 2022; tháinig ceithre iarratas ó iriseoirí, iarratas amháin ó ghrúpaí leasa, baill den phobal agus aturnaetha. Ceadaíodh dhá iarratas ina n-iomláine, ceadaíodh trí iarratas i bpáirt agus diúltaíodh do dhá iarratas.

## IONAD SEIRBHÍSÍ FAISNÉISE AN GHARDA SÍOCHÁNA (GISC)

I rith 2022, chruthaigh GISC beagnach 559,000 teagmhas ar chóras PULSE thar ceann Gardaí, agus rinneadh na céadta mílte nuashonruithe a bhaineann le teagmhais a bhí cruthaithe cheana féin.

Chomh maith leis sin, déanann GISC athbhreithnithe rialaithe cáilíochta sonraí ar theagmhais PULSE d'fhonn a chinntiú go bhfuil na teagmhais rangaithe i gceart agus taifeadta i gceart, ag an gcaighdeán riachtanach. In 2022, chuir GISC an cúram seo i gcrích beagnach 1.3 mhilliún uair.

Bhí ról lárnach ag GISC sa Chreat Cáilíochta Sonraí agus san Éiceachóras Sonraí laistigh de An Garda Síochána a fheabhsú trí Phlean Gníomhaíochta Cáilíocht Sonraí an Gharda Síochána a sholáthar, plean a bhí ag cur leis an méid oibre a bhí déanta le blianta beaga anuas.

San áireamh anseo bhí roinnt gníomhaíochtaí criticiúla a chur i gcrích:

- Cuireadh tús le tionscadal a raibh córas athbhreithnithe cuimsitheach a bhí dírithe ar theagmhais choireachta PULSE san áireamh ann d'fhonn a chinntiú go raibh na Rialacha Comhairimh Coireachta á gcomhlíonadh.
- Ó mhí Meitheamh 2022, tá méadracht a bhaineann le cáilíocht sonraí á foilsiú ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána a bhfuil sé mar aidhm léi staitisticí coireachta maidir le cáilíocht na sonraí atá mar bhonn le PULSE a roinnt le húsáideoirí, lena n-áirítear méadracht maidir le cruthú teagmhas coireachta, athrangú, agus neamhbhailíochtú.
- Tús a chur le clár de sheiceálacha breise ar chomhleanúnacha sonraí ar phríomhréimsí sonraí ar PULSE a bhfuil sé mar aidhm leis cáilíocht sonraí a fheabhsú.
- Clár píolótach a chomhordú agus a bhainistiú laistigh de Rannán na Gaillimhe chun brath teagmhais a athrú ó chonclúid braite/neamhbhraite go dtí córas atá bunaithe ar thorthaí. Tá ról ceannaireachta ag GISC chomh fada is a bhaineann le torthaí coireachta a thaifeadadh (ní díreach smachtbhannaí) chun léargas níos fearr a thabhairt ar thorthaí imscrúduithe.

## BIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN AN GHARDA SÍOCHÁNA (GNVB)

Mhéadaigh an t-éileamh a bhí ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus seirbhísí GNVB go suntasach in 2022, tugadh méadú 27% ar an líon iarratas grinnfhiosrúcháin faoi deara i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

An líon iomlán iarratas grinnfhiosrúchán faighte ag GNVB le seacht mbliana anuas:




**Príomhéachtaí GNVB in 2022**

- Ghlac GNVB leis an líon is airde iarratas grinnfhiosrúcháin riamh in 2022, 549,198 iarratas grinnfhiosrúcháin. Iarratais leictreonacha ba ea na hiarratais ghrinnfhiosrúcháin ar fad a fuarthas.
- Bhí an líon is mó riamh eagraíochtaí ábhartha (a bhfuil fostaithe, baill nó oibrithe deonacha acu nach mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh lena n-aghaidh) cláraithe le GNVB in 2022 - 26,919 eagraíocht.
- In 2022, bhí 42% de na hiarratais ghrinnfhiosrúcháin a fuarthas curtha i gcrích laistigh de chúig lá oibre agus bhí 2.5% de na hiarratais sin curtha i gcrích laistigh de 24 uair an chloig. In 2021, ba é an meán-aga slánúcháin le haghaidh gach iarratas grinnfhiosrúcháin, seacht lá oibre. Níl aon mhoill ar iarratais ghrinnfhiosrúcháin a phróiseáil faoi láthair, ainneoin go dtógann sé níos mó ama ná an meán iarratais a bhfuil faisnéis shonraithe iontu a chur i gcrích.
- Bulc-uaslódáil ríomh-iarratas i ngach saoráid forbartha, rud a chuireann ar chumas níos mó eagraíochtaí líon mór iarratas a chruthú ag an am céanna.
- In 2022, cuireadh 385 iarratas grinnfhiosrúcháin nua faoi bhráid Fhoireann na Faisnéise Sonraithe. (Is éard atá i gceist le faisnéis shonraithe faisnéis a thugann le fios go réasúnach go bhfuil imní bona fide ann go bhféadfadh duine díobháil a dhéanamh do leanbh nó duine leochaileach).
- Mar Lárúdarás ainmnithe do Thaifead Coiriúil an Gharda Síochána in Éirinn laistigh de Chreat an Chórais Faisnéise Eorpaí um Thaifid Choiriúla (ECRIS), tá GNVB nasctha go hiomlán le 27 Ballstát an AE agus dhéileáil sé le breis is 37,000 iarratas agus fógra ECRIS ó thíortha eile.

## AG TACÚ LEIS AN NGAEILGE - OIFIG NA GAEILGE

**Labhair í. Is linn í.**

I mí an Mhárta, sheol an Coimisinéir an tionscnamh ‘Labhair í. Is linn í’, tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le agus cur leis an úsáid atá á baint as an nGaeilge laistigh den eagraíocht agus i measc an phobail trí chéile.

D’fhorbair Conradh an Gaeilge trí shuaitheantas don Gharda Síochána - an Fáinne Óir, an Fáinne Airgid agus Fáinne an Chúpla Focal. Is féidir le pearsanra ar mian leo a léiriú go bhfuil siad toilteanach an Ghaeilge atá acu a úsáid. Tá breis is 1,400 duine cláraithe chun suaitheantas a chaitheamh.

**Straitéis Gaeilge an Gharda Síochána 2022 – 2025**

Seoladh an tríú straitéis i mí an Mhárta i dteannta leis An Fáinne chun léargas a thabhairt ar thiomantas an Gharda Síochána chomh fada is a bhaineann le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil don phobal agus a chuid oibleagáidí reachtúla maidir leis an teanga a chomhlíonadh.

Is é atá mar aidhm leis an straitéis tacú le agus cur leis an méid úsáide atá á baint as an nGaeilge ag An Garda Síochána agus rogha teanga a thabhairt d’úsáideoirí Gaeilge trínar seirbhísí dátheangacha a thairiscint agus a chur chun cinn go gníomhach. Tá trí réimse straitéiseacha sainaitheanta mar chuid den straitéis seo:

- Earcaíocht agus pleanáil foireann oibre




- Forbairt na Gaeilge agus feasacht ar an nGaeilge
- Tacú leis an nGaeilge agus í a úsáid

Tríd an Straitéis Gaeilge a chur chun feidhme táimid ag leanúint ar aghaidh le béim a leagan ar ár seirbhísí Gaeilge a threisiú trí earcaíocht, oiliúint agus cur chun cinn na teanga ar mhaithe le seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thacaíonn le pobail agus le baill foirne ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

**Grúpa Oibre Straitéiseach na Gaeilge**

Lean Grúpa Oibre Straitéiseach na Gaeilge ag bualadh le chéile i rith 2022 faoi chathaoirleacht an Leas-Choimisinéara, Póilíneacht agus Slándáil. Seo a leanas an méid a dhéanann an Grúpa seo:

1. Tacaíonn sé le luach agus tábhacht na Gaeilge san eagraíocht trí chéile agus le tuilleadh oibre a dhéanamh ag leibhéal oirbheartaíoch;
2. Déanann sé maoirseacht ar straitéis Gaeilge na heagraíocht agus soláthraíonn sé ceannaireacht agus cuntasacht chomhsheasmhach i ndáil leis an úsáid atá á baint ag An Garda Síochána as an nGaeilge;
3. Glactar leis mar fhóram atá ar fáil chun déileáil, ar bhealach comhoibríoch, le ceisteanna faoin nGaeilge a thagann chun cinn laistigh den eagraíocht.

**Grúpa Oibre Straitéiseach na Gaeilge - An Foghrúpa Leithdháiltí**

Bunaíodh foghrúpa de Ghrúpa Oibre Straitéiseach na Gaeilge in 2022. Seo a leanas cuspóir an fhoghrúpa seo:

1. 1. Moltaí a chur faoi bhráid Ghrúpa Oibre Straitéiseach na Gaeilge maidir le forbairt Pleananna Dátheangacha Roinne don Fhoireann Oibre bunaithe ar oibleagáidí dlíthiúla agus próifílí an phobail theangeolaíoch áitiúil d'fhonn a chinntiú go bhfuil An Garda Síochána ag freastal ar riachtanais gach úsáideoir seirbhíse a labhraíonn Gaeilge.
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis leithdháiltí reatha agus Treoracha Ceanncheathrún gaolmhara a bhaineann le Stáisiúin sa Ghaeltacht.
3. Leasuithe a dhéanamh ar phróisis a bhaineann le leithdháiltí ar Stáisiúin Ghaeltachta, agus Stáisiúin Seirbhíse Gaeltachta a chur san áireamh i nGrúpa Oibre Straitéiseach na Gaeilge.
4. Smaoineamh ar bhealach chun an pearsanra a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar áit ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge.

### Earcú Shnáithe na Gaeilge

Bhí earcaíocht shnáithe na Gaeilge san áireamh i gComórtas Earcaíochta d'Oiliúnaithe an Gharda Síochána 2022 agus mhéadaigh an líon iarrthóirí. Beidh eolas maidir leis an líon iomlán iarrthóir ó shnáithe na Gaeilge a bheidh ag tosú i gColáiste an Gharda Síochána ar fáil ag deireadh 2023.

## OIFIG NA CUMARSÁIDE CORPARÁIDÍ (OCC)

D'oibrigh OCC i ndlúthchomhar le roinnt rannóg/aonad san eagraíocht trí chéile chun comhairle a roinnt leis an bpobal maidir le coireacht a chosc agus sábháilteacht phoiblí, acmhainní ar fhaisnéis a dhéanamh chun cabhrú le himscrúduithe agus aird a tharraingt ar an obair iontach atá á déanamh ag an eagraíocht.

Do chomóradh 100 bliain an Gharda Síochána, rinneadh poiblíocht ar raon leathan imeachtaí náisiúnta agus áitiúla agus eagraíodh craoladh beo den Imeacht Comórtha a reáchtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí:

- Beagnach 2,000 preasráiteas a eisiúint
- Déileáil le breis is 15,000 fiosrúchán ó na meáin
- Seisiúin faisnéise a eagrú do na meáin maidir le tionscnaimh agus coireanna suntasacha cosúil leis an gníomh forfheidhmithe idirnáisiúnta i gcoinne Kinahan TCO
- Feachtais faisnéise poiblí a chuaigh i bhfeidhm ar an bpobal a reáchtáil, cosúil le #Slowdown, agus Lock Up and Light Up
- Trí bheith ag obair le RTÉ ar an gclár Crimecall, ceann de na cláir is mó féachana sa tír, ról tábhachtach a chomhlíonadh i ndáil le dul i ngleic le coireacht agus í a chomhrac, agus cabhrú le himscrúduithe atá i mbéal an phobail
- Foilsíodh breis is 100 eagrán dár nuachtlitir inmheánach, atá á léamh ag breis is 60% den eagraíocht faoi dhó sa tseachtain, agus eisíodh 276 fógra ar an tairseach tríd an inlíon (tairseach inmheánach).
- Forbraíodh breis is 115 píosa d'ábhar físeáin san eagraíocht le húsáid i gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach maidir le hábhair cosúil le drochíde sa teaghlach, calaois agus coireanna stairiúla, ábhar físeáin ar fhéach na milliúin daoine orthu ar líne.
- Freastalaíodh ar 32 gairm ghrianghraf agus imeacht, mar aon le 14 ócáid fuaime/físe.
- Cuireadh ábhar ar fáil ar ár 21 cainéal meán sóisialta náisiúnta agus áitiúil

### Na Meáin Shóisialta

Bhí breis is 1.9 milliún leantóir ar na meáin shóisialta ag An Garda Síochána faoi dheireadh 2022, sin méadú de 8% i gcomparáid le 2021:

| Facebook | Regional Facebook | Twitter @gardainfo | Twitter @gardatraffic | Instagram |
|---|---|---|---|---|
| 386,204 | 485,092 | 260,151 | 582,171 | 177,008 |

### Suíomh Gréasáin

I rith 2022, d'oibrigh Aonad na Cumarsáide Corparáidí i ndlúthchomhar le rannóga ar fud na heagraíochta chun suíomh gréasáin an Gharda Síochána a choinneáil cothrom le dáta agus chun tacú le príomhfheachtais agus le príomhthionscadail lena n-áirítear:

- Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal agus leis an Rannóg TFC chun faisnéis íoslódála a chur ar fáil don Property App.
- Fochoiste Chomóradh 100 Bliain chun an Chartlann Grianghraf a fhorbairt

## SEIRBHÍS ANAILÍSE AN GHARDA SÍOCHÁNA **(GSAS)**

Ar aon dul leis na moltaí atá le fáil sa Choimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn GSAS a fhorbairt go suntasach, leagadh béim shuntasach ar earcaíocht agus pleanáil foireann oibre in 2022.

I mí Feabhra, seoladh dhá chomórtas a raibh sé mar aidhm leo folúntais a líonadh - Anailísithe (Oifigigh Feidhmiúcháin) agus Anailísithe Sinsearacha (Príomhoifigigh Feidhmiúcháin). Bhí eolas maidir leis na comórtais sin le fáil in alt a foilsíodh in The Irish Times i mí Márta ina ndearnadh scrúdú ar an obair atá á déanamh ag GSAS, rud a spreag breis is 1,000 iarratas ar na folúntais. I mí Lúnasa agus Mheán Fómhair, chuir 13 Anailísí Sinsearacha nua tús lena róil agus faoi dheireadh na bliana bhí dátaí tosaithe a gcúrsaí oiliúna ionduchtúcháin deimhnithe do thús mhí Eanáir 2023 don chéad ghrúpa d'Anailísithe nua.

An phríomhobair a rinneadh chun tacú le foilsiú sonraí ar bhonn réamhghníomhach in 2022:

- i mí Lúnasa cuireadh faisnéis maidir le teagmhais a bhain le fuath agus cuspóirí idirdhealaitheacha ar fáil;
- i mí Mheán Fómhair foilsíodh an tuarascáil thábhachtach maidir le Foréigean Teaghlaigh, Gnéasach agus Inscnebhunaithe

Bhuaigh Anailísí Sinsearacha GSAS, Suzanne Lindsay, trí dhuais shuntasacha in 2022: Gradam Tionchair Shóisialta na hInstitiúide Anailísíochta, Gradam Anailísí Coireachta Europol na Bliana agus Gradam Alumni Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

**Aonad Taighde an Gharda Síochána**

Áiríodh i measc na bpríomhghníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích in 2022:

- i mí Lúnasa seoladh torthaí Shuirbhé Ar Líne an Gharda Síochána 2020
- i mí na Samhna cuireadh torthaí iomlána Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail (PAS) 2021 ar fáil. Ba é PAS 2021 an chéad suirbhé a raibh samplamhéid níos mó in úsáid lena aghaidh chun léargas níos fearr a sholáthar ar thuairimí daoine maidir leis an eagraíocht – cuireadh obair i gcrích chun torthaí bonnlíne a bhunú chun comparáid a dhéanamh le torthaí suirbhéanna a dhéanfar amach anseo.

# STAITISTICÍ

Sa rannóg ina dhiaidh seo, tá sonraí bliantúla le fáil a bhaineann le 2022 i gcomparáid leis na tréimhsí straitéise trí bliana, 2019 go dtí 2021 agus 2016 go dtí 2018. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur figiúirí oibríochtúla iad na figiúirí thíos agus go bhfuil siad faoi réir athraithe

Mar gheall ar phaindéim Covid-19 b'éigean dúinn déileáil le nithe a tharla gan choinne, rud a chiallaíonn go mbaineann deacracht le comparáid a dhéanamh le tréimhsí straitéise eile. Cuimsíodh i bhfreagairt phóilíneachta Covid-19 níos mó patról, seicphointí agus rannpháirtíochtaí sa phobal. Ag an am céanna, bhí tionchar ag athruithe ar an saol poiblí agus ar fheidhmiú gnóthaí ar na deiseanna coireachta a bhí ann.

### Teagmhais Tuairiscithe Buirgléireachta

**meán 2019-2021:** 983/mí

**meán 2022:** 762/mí

An difríocht idir torthaí 2021 agus 2022: +756 (+9.0%)

### Buirgléireachta Marcáilte mar Braite*

**meán 2019-2021:** 186/mí

**meán 2022:** 150/mí

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineálacha ICCS: 0711, 0712*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

## BUIRGLÉIREACHT




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhais** | 18,770 | 16,626 | 16,415 | 10,584 | 8,392 | 9,138 |
| **Brath** | 3,021 | 2,393 | 2,385 | 2,559 | 1,768 | 1,805 |

*2016-2018 Tréimhse Straitéise* — *2019-2021 Tréimhse Straitéise* — *2022-2024 Tréimhse Straitéise*

## ROBÁIL




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhais** | 2,185 | 2,449 | 2,346 | 1,819 | 1,733 | 2,053 |
| **Brath** | 865 | 557 | 667 | 745 | 605 | 608 |

*2016-2018 Tréimhse Straitéise* — *2019-2021 Tréimhse Straitéise* — *2022-2024 Tréimhse Straitéise*

### Teagmhais Tuairiscithe Robála

**meán 2019-2021:** 164/mí

**meán 2022** 171/mí

An difríocht idir torthaí 2021 agus 2022: +320 (+18.5%)

### Teagmhais Robála Marcáilte mar Braite*

**meán 2019-2021:** 56/mí

**meán 2022:** 51/mí

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineálacha ICCS: 0611, 0612, 0613, 0621, 0631*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

### Teagmhais Taifeadta Ionsaithe

**meán 2019-2021:** 1,633/mí

**meán 2022:** 1,888/mí

An difríocht idir
torthaí 2021 agus 2022: +3,176 (+16.3%)

### Teagmhais Ionsaithe Marcáilte mar Braite*

**meán 2019-2021:** 593/mí

**meán 2022:** 569/mí

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineálacha ICCS: 0311, 0312, 0321, 0324, 0331, 0333, 0334, 0335*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

## IONSAÍ




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhais** | 18,631 | 18,724 | 21,186 | 18,120 | 19,478 | 22,654 |
| **Brath** | 8,033 | 5,043 | 6,693 | 7,412 | 6,524 | 6,833 |

*2016-2018 Tréimhse Straitéise* *2019-2021 Tréimhse Straitéise* *2022-2024 Tréimhse Straitéise*

## COIREACHT GHNÉIS




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhais** | 2,952 | 3,242 | 3,384 | 3,074 | 3,517 | 3,696 |
| **Brath** | 868 | 479 | 649 | 800 | 772 | 911 |

*2016-2018 Tréimhse Straitéise* *2019-2021 Tréimhse Straitéise* *2022-2024 Tréimhse Straitéise*

### Teagmhais Taifeadta de Choireacht

**meán 2019-2021:** 277/mí

**meán 2022:** 308/mí

An difríocht idir
torthaí 2021 agus 2022:s: +179 (+5.1 %)

### Teagmhais Coireacht Ghnéis Marcáilte mar Braite*

**meán 2019-2021:** 62/month

**meán 2022:** 76/month

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Foghrúpa ICCS: 021, 022*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

.

### Teagmhais Díol agus Soláthar Drugaí Marcáilte mar Braite*

**meán 2019-2021:** 369/mí

**meán 2022:** 355/mí

An difríocht idir
torthaí 2021 agus 2022: -479 (-10.1%)

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineálacha ICCS: 1011, 1012, 1021*

**Bhí tionchar ag bunú PULSE 7.3 ar an 25 Feabhra 2018, nuair a bunaíodh próisis nua i ndáil le conas a thaifeadtar agus a bhraitear teagmhais ar PULSE, ar na figiúirí braite. Níor cheart sonraí braite a bhaineann leis an tréimhse roimh agus i ndiaidh uasghrádú PULSE a chur i gcomparáid lena chéile.*

## DÍOL AGUS SOLÁTHAR DRUGAÍ BRAITE




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Brath** | 4,024 | 2,196 | 3,730 | 4,833 | 4,736 | 4,257 |
| **Teagmhais** | 21,494 | 23,579 | 29,199 | 33,510 | 37,656 | 42,587 |

*2016-2018 Tréimhse Straitéise* *2019-2021 Tréimhse Straitéise* *2022-2024 Tréimhse Straitéise*

## TEAGMHAIS DROCHÍDE SA TEAGHLACH




### Teagmhais Taifeadta de Dhrochíde sa Teaghlach

**meán 2019-2021:** 2,788/mí

**meán 2022:** 3,549/mí

An difríocht idir
torthaí 2021 agus 2022:: +4,931 (+13%)

*Tuairim: Glactar leis go bhfuil an cineál coireachta seo tearcthuairiscithe agus glactar le méadú mar "ceartúchán inmhianaithe".*

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE. Cineál Neamhchoireachta: Teaghlach - Níl Cion Sainaitheanta*

*Eile: Teagmhais le MO Drochíde sa Teaghlach*

### Glaonna a bhaineann le Drochíde sa Teaghlach

Sonraí a bhaineann le drochíde sa teaghlach le haghaidh 2022 i gcomparáid le 2021

| Figiúirí Drochíde sa Teaghlach | 2021 | 2022 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Glaonna a bhaineann le Drochíde sa Teaghlach | 49,477 | 53,737 | +9% |
| Cúisimh a bhaineann le hOrduithe DVA Sáraithe | 4,268 | 4,333 | +2% |
| Cúisimh Cruthaithe - Gach Teagmhas a bhain le Drochíde sa Teaghlach | 9,065 | 11,239 | +24% |
| Ordú DVA Eisithe | 11,474 | 11,954 | +4% |

*Tabhair faoi deara, sa tábla thall, is é seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le 'Glaonna a bhaineann le Drochíde sa Teaghlach':*

- *Aon chineál teagmhais a bhaineann le hOrdú Urchoisc Sealadach a Shárú, Ordú Cosanta a Shárú, Ordú Urchoisc a Shárú, Ordú Sábháilteachta a Shárú, Ordú Urchoisc Éigeandála a Shárú nó Díospóid Teaghlaigh - Níor Nochtadh aon Chion (neamhchoir i ndáil le Díospóid Teaghlaigh); agus*
- *Aon chineál teagmhais a bhfuil spreagadh taifeadta de 'Drochíde sa Teaghlach' luaite leis; agus*
- *Aon chineál teagmhais atá taifeadta ar PULSE a tharla mar thoradh ar ghlao ar chúnamh sa chás gur é 'DVSA' (Foréigean Baile/Ionsaí Gnéasach) an cineál teagmhais a bhí i gceist.*

### Imbhuailtí Tráchta - Básanna

**meán 2019-2021:** 12/mí

**meán 2022:** 13/mí

An difríocht idir
torthaí 2021 agus 2022: +20 (+15%)

### Imbhuailtí Tráchta – Gortuithe Tromchúiseacha

**meán 2019-2021:** 113/mí

An difríocht idir
torthaí 2021 agus 2022: -60 (-4%)

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE*

## IMBHUAILTÍ TRÁCHTA F&SI





## CIONTA TRÁCHTA 'TARRTHÁLAÍ'




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cionta** | 195,032 | 186,676 | 185,721 | 222,623 | 218,763 | 197,440 |
| | *2016-2018 Tréimhse Straitéise* | | *2019-2021 Tréimhse Straitéise* | | | *2022-2024 Tréimhse Straitéise* |

### ionta Tráchta Tarrthálaí'

**meán 2019-2021e:** 17,420/mí

**meán 2022:** 16,453/mí

An difríocht idir torthaí 2021 agus 2022: -21,323 (-10%)

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE Cineál FCPS*

### Rabhaidh agus Conarthaí Iompair (ASBO)

**meán 2019-2021:** 103/mí

**meán 2022:** 61/mí

An difríocht idir torthaí 2021 agus 2022: -403 (-35.4%)

*Tuairim: In 2019 agus 2020 agus 2022 níor taifeadadh aon Chonarthaí Dea-Iompair*

### Behaviour Orders (ASBO)

**meán 2019-2021:** 1.7/mí

**meán 2022:** 0.9/mí

An difríocht idir torthaí 2021 agus 2022: -3

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE. Cineálacha PULSE: Rabhaidh Iompair (Leanaí), Rabhaidh Iompair (Aosaigh), Rabhaidh Conarthaí Dea-Iompair, Orduithe Sibhialta (aosaigh), Cionta ASBO (Amháin*

## RABHAIDH AGUS ORDUITHE IOMPAIR (ASBO)




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Rabhaidh** | 1,353 | 1,410 | 1,066 | 1,513 | 1,140 | 737 |
| **Orduithe** | 4 | 16 | 16 | 31 | 14 | 11 |
| | *2016-2018 Tréimhse Straitéise* | | *2019-2021 Tréimhse Straitéise* | | | *2022-2024 Tréimhse Straitéise* |

## ALT 12 DEN ACHT UM CHÚRAM LEANAÍ TOGHRAITHE




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teagmhais** | 766 | 794 | 820 | 855 | 943 | 1,240 |

*2016-2018 Tréimhse Straitéise* *2019-2021 Tréimhse Straitéise* *2022-2024 Tréimhse Straitéise*

### Leanbh a Thabhairt chuig Áit Shábháilte (Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí)

**meán 2019-2021:** 73/mí

**meán 2022:** 103/mí

An difríocht idir
torthaí 2021 agus 2022:s: +297 (+31.5%)

*Foinse: Sonraí Oibríochtúla PULSE. PULSE Cineál Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí Toghraithe*

### Básanna le linn a bheith faoi Choimeád ag an nGarda Síochána

**meán 2019-2021:** 3.0/year

**meán 2022:** 3.0/year

*Foinse: Gnóthaí Inmheánacha an Gharda Síochána*

## BÁSANNA LE LINN A BHEITH FAOI CHOIMEÁD AG AN NGARDA SÍOCHÁNA




| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Básanna** | 1 | 0 | 3 | 1 | 5 | 3 |

*2016-2018 Tréimhse Straitéise* *2019-2021 Tréimhse Straitéise* *2022-2024 Tréimhse Straitéise*



## URGHABHÁLACHA DRUGAÍ AMHÁIN AN GHARDA SÍOCHÁNA 2022– An Bhliain Iomlán

| Catagóir | gram/ml/ Planda | Tbls/Sqr/Caps | Value |
|---|---|---|---|
| Stéaróidigh Anabalacha | 42 | 3,039 | €1,823 |
| Beinsidhé-asaipín | 1,089 | 655,312 | €821,348 |
| Luibh Channabais | 1,334,057 | 1 | €26,681,141 |
| Plandaí Cannabais* | 5,598 | | €4,478,400 |
| Roisín Cannabais | 141,369 | 1 | €848,215 |
| Cáitíonón | 2,184 | 202 | €110,214 |
| Cócaon | 268,696 | 1 | €18,808,694 |
| Siabhraigin | 8,402 | 8,035 | €1,046,760 |
| Démhoirfín | 61,260 | 1 | €8,576,424 |
| Oibreáin Mheasctha | 211,332 | 1,137 | €105,666 |
| NPS | 8 | 5 | €397 |
| Ópóidigh Eile | 4,426 | 499 | €875 |
| Feineitiolaimín** | 31,178 | 59,000 | €1,528,645 |
| Pipioraisín | | 8 | €40 |
| Oibreán Codlata | 67 | 48,169 | €96,338 |
| Tuaslagóir | 8,430 | | €8,430 |
| Cannaibionóideach Sintéiseach | 5,013 | 2,204 | €113,476 |
| | | | **€63,226,886*** ** |

### Urghabhálacha Drugaí an Gharda Síochána Amháin 2022

Tá cainníochtaí drugaí atá cláraithe sa tábla thíos á soláthar ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (FSI) bunaithe ar thaifid atá á gcoimeád ag an tsaotharlann a bhaineann le cainníochtaí drugaí a bhfuil anailís á déanamh orthu ag an tsaotharlann.

** Ríomhtar plandaí cannabais bunaithe ar fhigiúirí taifeadta ar PULSE de bhrí nach seoltar gach planda urghafa chuig FSI.*

*** Cuimsítear i feineitiolaimíní eacstais (MDMA) agus drugaí gaolmhara cosúla eile.*

****Tá an figiúr iomlán seo bunaithe ar urghabhálacha an Gharda Síochána amháin arna dtaifeadadh ag FSI agus PULSE. D'fhéadfadh go mbeadh figiúr difriúil ag Biúró Náisiúnta um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe an Gharda Síochána (GNDOCB) mar gheall ar roinnt cúiseanna, cosúil le húr ghabhálacha nach mbaineann le sainchúram FSI agus PULSE a bheith á gcur san áireamh; tuarascáil GNDOCB bunaithe ar shonraí na hurghabhála, FSI bunaithe ar an dáta anailíse; agus d'fhéadfadh na meáchain/na cainníochtaí athrú i ndiaidh do FSI iad a dheimhniú.*

*Tá na figiúirí ar fad sealadach, oibríochtúil agus faoi réir athraithe amhail ar an 03/01/2023.*

## TREORACHA AIREACHTA ALT 25 D'ACHT AN OF THE GHARDA SÍOCHÁNA, 2005

Faoi Alt 25(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, i ndiaidh cead a fháil ón Rialtas, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt treoracha i scríbhinn a eisiúint do Choimisinéir an Gharda Síochána bainteach le haon ní a bhaineann le An Garda Síochána. In 2022, eisíodh Treoir Aireachta amháin.

## ALT 41 D'ACHT AN OF THE GHARDA SÍOCHÁNA, 2005

Faoi Alt 41 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, soláthraíonn Coimisinéir an Gharda Síochána faisnéis don Aire Dlí agus Cirt maidir le nithe a bhaineann le forbairtí suntasacha i ndáil le póilíneacht nó slándáil an Stáit. In 2022, chuir Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána 12 thuarascáil i dtoll a chéile.

## ALT 22 D'ACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ceanglaítear ar gach comhlacht faoi Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ar gach comhlacht tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina sonraítear líon na nochtuithe cosanta faighte sa bhliain roimhe sin agus an chaingean a rinneadh (más cuí). Níor cheart go mbeadh sé mar thoradh ar an tuarascáil seo go mbeadh daoine ag déanamh nochtuithe atá inaitheanta.

Clúdaítear an tréimhse idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2022 sa tuarascáil seo atá curtha i dtoll a chéile ag An Garda Síochána.

Cuireadh 15 nochtadh cosanta faoi bhráid an Gharda Síochána sa tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo. Seo thíos sonraí maidir leis na nochtuithe sin:

- Tá ocht nochtadh faoi imscrúdú.
- Táthar ag déileáil le trí nochtadh ag an gcéim mheasúnaithe.
- Tá dhá nochtadh curtha faoi bhráid réimse beartais eile.
- Tá dhá nochtadh curtha faoi bhráid an Aire.